

2. Comhthéacs Pleanála agus Beartais

2.1 Réamhrá

Mar a leagtar amach i gCaibidil 1 den TMTT nuashonraithe seo, is nuashonrú é seo ar Chaibidil 2 den TMTT a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2018 mar chuid den iarratas ar cheadú Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (an ‘N6 GCRR’) atá beartaithe de bhun Alt 51 d’Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú). Is cuid den fhreagairt í ar an iarraidh a rinne an Bord Pleanála ar thuilleadh faisnéise i mí na Nollag 2023 tráth ar iarr sé ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an *“Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a thabhairt cothrom le dáta”*.

Cuimsítear leis an N6 GCRR atá beartaithe, ábhar an iarratais seo ar fhaomhadh faoi Chuid 51 d’Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), thart ar 5.6km de charrbhealach singil ó iarthar Bhearna chomh fada le Bóthar Bhaile an Mhóinín agus thart ar 11.9km de dhébhealach ó Bhóthar Bhaile an Mhóinín chuig an gceangal thoir leis an N6 atá ann cheana féin i gCúil Each, Cnoc Maoil Drise, agus bóithre ceangail, taobh-bhóithre, acomhail, struchtúir agus oibreacha áitiúla gaolmhara do na líonraí dáileacháin agus tarchuir leictreachais atá ann cheana féin (go sonrach iad sin ina bhfuil atreorú ar na seirbhísí 110kV agus 38kV). Is bóthar cosanta é an chuid den N6 GCRR atá beartaithe ón gceangal le Bóthar an Chósta an R336 ó Acomhal Leitirí an N59¹ agus is mótarbhealach í an chuid ón acomhal seo chuig an gceangal leis an N6 atá ann cheana féin i gCúil Each, Cnoc Maoil Drise. Tá an léargas ginearálta seo ar an N6 GCRR atá beartaithe fós mar an gcéanna de réir an iarratais ar cheadú in 2018.

Ina chinneadh maidir leis an iarratas ar fhaomhadh, a rinneadh i leith an N6 GCRR atá beartaithe an 6 Nollaig 2021 (uimh. thag. ABP-302848-18) agus aird á tabhairt go ndearnadh an cheist sin a dhíscaoileadh le toiliú an Bhoird, d’fhorchuir an Bord sa chinneadh sin coinníoll lena n-éilítear stáblaí buana Ráschúrsa na Gaillimhe a fhágáil amach. Dá thoradh sin, chun feidhmiúlacht Ráschúrsa na Gaillimhe a chinntiú le linn thógáil agus oibríocht an N6 GCRR atá beartaithe, chuir Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe isteach ar chead pleanála le haghaidh stáblaí sealadacha agus buana agus forbairt ghaolmhar, agus thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead don iarratas sin ón Ráschúrsa ar an 2 Nollaig 2024 (Tagairt 24/60279). Is ionann é sin agus athrú ón iarratas ar cheadú in 2018 ina raibh na stáblaí sealadacha agus buana araon mar chuid den iarratas ar cheadú an N6 GCRR atá beartaithe de bhun Alt 51 d’Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú).

Dá bhrí sin, cé go bhfuil dul chun cinn ar leithligh á dhéanamh ar na hiarratais ar thoiliú forbartha i ndáil leis an N6 GCRR atá beartaithe ("an t-iarratas ar cheadú Alt 51") agus maidir leis an bhforbairt bheartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe ("iarratas pleanála Ráschúrsa na Gaillimhe"), tá na forbairtí sin mar chuid den Tionscadal a scrúdaítear agus a mheasúnaítear sa TMTT nuashonraithe seo.

Is é aidhm na caibidle seo an comhthéacs a leagan síos maidir leis an mbeartas pleanála úsáide talún straitéiseach agus reachtúil ábhartha, agus comhthéacs an bheartais iompair straitéisigh don N6 GCRR atá beartaithe. I gcás ina bhfuil forbairtí tagtha ar an mbeartas pleanála ó TMTT 2018 mar gheall ar bheartais nua, beartais atá ag athrú agus nuashonruithe beartais, leagadh amach sa chaibidil nuashonraithe seo iad.

Déan tagairt do Chaibidil 5, Cur síos ar an Tionscadal ina bhfaighidh tú tuairisc agus forbhreathnú ar bhealach an N6 GCRR atá beartaithe.

Leagtar síos sa chaibidil seo an beartas agus na cuspóirí iompair straitéisigh reatha, agus an beartas agus na cuspóirí pleanála a bhaineann leis an N6 GCRR atá beartaithe.

¹ Ciallaíonn bóthar cosanta bóthar poiblí nó bóthar beartaithe atá poiblí agus atá sonraithe le bheith ina bhóthar cosanta i scéim um bóithre cosanta arna fhaomhadh ag an mBord Pleanála. Féadfar foráil a dhéanamh i scéim um bóithre cosanta arna fhaomhadh ag an mBord Pleanála um thoirmeasc, dhúnadh, athrú, atreorú nó srianadh aon rochtana sonraithe nó gach bealach díreach rochtana ar an mbóthar cosanta ón talamh sonraithe arna húsáid um chuspóir sonraithe nó chuig an talamh sin ón mbóthar cosanta.

Tá sé leagtha amach mar seo a leanas:

- Comhthéacs na hEorpa (Cuid 2.2)
- Cuspóirí Náisiúnta (Cuid 2.3)
- Beartais, Treoir agus Cuspóirí Réigiúnacha (Cuid 2.4)
- Beartais, Treoir agus Cuspóirí Áitiúla (Cuid 2.5)

Tá conclúid fhoriomlán faoin gcaoi a dtacaíonn na beartais Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla leis an N6 GCRR atá beartaithe áirithe i gCuid 2.6 agus tá tagairtí de i gCuid 2.7.

Tagann an N6 GCRR atá beartaithe leis an mbeartas reatha iompair agus leis an mbeartas reatha pleanála faoi mar atá leagtha amach sna doiciméid éagsúla bheartais le roinnt blianta anuas, lena n-áirítear gach nuashonrú agus beartas nua lena mbaineann a tháinig chun cinn idir an dá linn ó 2018. Tá na mionsonraí maidir le gach ceann de na beartais agus an chaoi a gclóíonn N6 GCRR atá beartaithe leo sin, agus le beartais eile áitiúla agus réigiúnacha, leagtha amach thíos.

Ar an leibhéal Eorpach, tá an N6 GCRR atá beartaithe mar chuid den ghréasán cuimsitheach faoin nGréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) ina leagtar amach an bonneagar iompair is gá chun freastal ar thrácht lasta agus paisinéirí fad-achair, na príomhionaid uirbeacha agus eacnamaíocha san Aontas Eorpach a chomhtháthú agus idirnascadh le modhanna iompair eile. Tar éis athailíniú ar líonra TEN-T mar fhreagairt ar Brexit, tá Éire ar dhá Chonair Iompair Eorpacha faoi TEN-T, eadhon an Chonair Atlantach agus Conair na Mara Thuaidh - na Réine - na Meánmhara.

Ag an leibhéal náisiúnta, chomh maith le foilsiú an Chreat Pleanála Náisiúnta i mí Feabhra 2018, sular cuireadh an t-iarratas ar cheadú isteach chuig an mBord Pleanála, tharla na nuashonruithe seo a leanas ar an mbeartas náisiúnta tar éis chur isteach an iarratais ar cheadú faoi Alt 51:

- Cur le Téarnamh: Tá Plean 2016-2021 um Infheistíocht Bonneagair agus Chaipitiúil curtha in ionad an Phlean Forbartha Náisiúnta deich mbliana nua 2021 go 2030 a ghabhann leis an gCreat Náisiúnta Pleanála
- Tá Beartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe 2022 agus an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Beartas Soghluaisteachta Inbhuanaitheachta (2022-2025) curtha in ionad Taisteal Níos Cliste, Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe, 2009 agus Creat Beartais Rothaíochta Náisiúnta na hÉireann, 2009 go 2020
- Tá na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha curtha in ionad Chláir Iomaíochais Réigiúnacha Forfás agus tá siad á bplé faoi bheartas réigiúnach.
- Leasaíodh an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 in 2021 leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021. Ó leasaíodh é in 2021, tugadh isteach roinnt Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráid faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 (arna leasú), agus is é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 an ceann is déanaí
- Ba é an Plean Náisiúnta um Maolú 2017 an chéad chéim chun an dúshlán atá roimh Éirinn a aithint chun dul i ngleic leis na dúshláin don aeráid faoi 2050. Tugtar aghaidh air anois faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024
- Tá an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta (2007-2016) agus Nuashonrú 2015-2017 curtha in ionad an Treochláir um Chuimsiú Sóisialta 2020-2025

Ar an leibhéal réigiúnach, is é an t-athrú is suntasaí ná go ndearnadh na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Iarthair (2010-2022) a nuashonrú nuair a foilsíodh an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES) do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair (2020-2032), atá tagtha ina n-ionad. Tugann an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch éifeacht do na Cuspóirí Beartais Náisiúnta sa Chreat Náisiúnta Pleanála. Tá Gaillimh ar cheann de chúig chathair a ndírítear orthu le haghaidh méadú daonra agus fostaíochta sa Chreat Náisiúnta Pleanála.

I gcomhréir le NPO 67, is riachtanas é Plean Straitéiseach don Cheantar Uirbeach a ullmhú do Gaillimh chun aghaidh a thabhairt ar réigiún na cathrach níos leithne tríd an bpróiseas RSES. Leagtar amach MASP na Gaillimhe in Imleabhar 2 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028.

Ag an leibhéal áitiúil, rinneadh nuashonrú ar thimthriall na nuashonruithe ar na Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae agus ar na pleananna ceantair áitiúil a bhaineann leo mar seo a leanas:

- Tagann Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 in ionad Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023
- Tagann Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 in ionad Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021
- Táthar tar éis cuspóirí Phlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta, 2008-2018 a áireamh le Caibidil 13 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe, 2022–2028.
- Cuimsíonn Imleabhar 3 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe Staidéar Iompair agus Pleanála Chontae na Gaillimhe
- Tagann Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta, 2021-2025 in ionad Phlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta, 2014-2017

2.2 An Comhthéacs Eorpach

2.2.1 Cúlra Beartas Eorpach

Ba chreat í an chéad Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe AE (AE SFI) in 2001, le haghaidh fis fhadtéarmach inbhuanaitheachta ina ngabhfaidh fás eacnamaíoch, comhtháthú sóisialta agus cosaint an chomhshaoil le chéile agus ina dtacaíonn siad lena chéile. Dhírigh sé ar athrú aeráide, ar shláinte phoiblí, ar bhochtaineacht agus cuimsiú sóisialta, ar an daonra atá ag dul in aois, ar shoghluaisteacht agus ar iompar chomh maith le bainistiú acmhainní nádúrtha, agus tá gach ceann acu chomh hábhartha inniu agus a bhí siad in 2001.

Rinneadh athbhreithniú air sin in 2009 agus leagadh amach sa straitéis Eoraip 2020² ina dhiaidh sin in 2010 dhá thionscnamh shuaitheanta faoin tosaíocht fáis inbhuanaithe chun dul i ngleic le saincheist an iompair inbhuanaithe, agus arís tá gach ceann acu ábhartha in 2025:

‘Tacaíonn ‘An Eoraip atá éifeachtúil ar acmhainní’ leis an aistriú i dtreo geilleagar íseal-charbóin atá tíosach ar acmhainní. Tugann an tionscnamh suaitheanta sin creat i gcomhair gníomhartha i gcuid mhaith réimsí beartais lena n-áirítear iompar. Ar cheann de na príomhchodanna tá treochlár ina gcuirtear fis i láthair le haghaidh córas iompair faoi 2050 ina gcuirtear teicneolaíochtaí glana chun cinn

‘Aibhsítear i ‘mbeartas tionsclaíoch le haghaidh na ré domhandaithe’ deich bpríomhghníomh le haghaidh iomaíochas tionsclaíoch san Eoraip, lena n-áirítear bonneagar agus seirbhísí iompair níos éifeachtúla san Eoraip

Leagadh amach sa Straitéis Eoraip 2020 sin an áit ar theastaigh ón Aontas a bheith faoi 2020, agus áiríodh leis sin méadú go 30% den laghdú ar astaíochtaí.

Léiríodh é sin ar fud an domhain freisin mar ar ghlac ceannairí stáit agus rialtais an domhain 17 Sprioc Dhomhanda agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015. Gheall tíortha an domhain an domhan a threorú i dtreo todhchaí inbhuanaithe agus chothrom, ag tosú ar an 1 Eanáir 2016 agus ag leanúint ar aghaidh go dtí 2030.

² <https://ec.europa.eu/eu2020/pdf/COMPLET%20EN%20BARROSO%20%20%20007%20-%20Europe%202020%20-%20EN%20version.pdf>

Féachann na Spriocanna Domhanda agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe le deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus leis an ocras, cearta daonna gach duine a bhaint amach, comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní uile a bhaint amach, agus cosaint bhuan an phláinéid agus a acmhainní nádúrtha a áirithiú. Tá na Spriocanna Domhanda comhtháite agus doroinnte, agus cothromaíocht idir na trí ghné den fhorbairt inbhuanaithe: an fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil.



Pláta 2.1 Spriocanna Domhanda na NA

Tá tábhacht ar leith ag baint le Spriocanna 9 agus 11 maidir leis an N6 GCRR atá beartaithe.

Féachann **Sprioc 9** le bonneagar athléimneach a thógáil, tionsclaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú. Tá infheistíochtaí i mbonneagar amhail iompar rithábhachtach chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus pobail a chumhachtú. Chun Sprioc 9 a bhaint amach faoi 2030, tá sé riachtanach astaíochtaí carbóin a laghdú.

Baineann **Sprioc 11** le cathracha agus lonnaíochtaí don duine a dhéanamh cuimsitheach, sábháilte, athléimneach agus inbhuanaithe. Faoi 2030, is é an aidhm atá ann rochtain a sholáthar ar chórais iompair atá sábháilte, inacmhainne, inrochtana agus inbhuanaithe do chách, rud a chuirfidh feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre.

Ó phaindéim COVID in 2020 agus neamhchinnteachtaí polaitiúla san Eoraip, tá plean téarnaimh ullmhaithe ag an Eoraip le buiséad ar feadh seacht mbliana a dhíríonn i gcónaí ar Eoraip níos glaise agus níos athléimní a thógáil.

Is laistigh den chomhthéacs beartais AE níos leithne sin atá an Tionscadal leagtha síos. Comhlíonann an Tionscadal na cuspóirí sin tríd an mbonneagar riachtanach a sholáthar chun tacú le fás eacnamaíoch na Gaillimhe agus Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair agus leis sin beifear in ann tionscadail phoiblí eile a chur i gcrích agus éascaíonn sé forfheidhmiú éifeachtach Straitéis Iompair na Gaillimhe ina gcuimsítear iompar poiblí níos fearr, bearta siúil agus rothaíochta do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird. Scrúdaítear cuspóirí gach ceann de na beartais chun ról an Tionscadail a léiriú maidir leis an dá sprioc sin a bhaint amach.

2.2.2 Líonra tras-Eorpach Iompair - An Eoraip á Nascadh

Amhail ó mhí Eanáir 2014, tá beartas an Aontais Eorpaigh (AE) le haghaidh bonneagar iompair, bunaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, dar teideal *Bonneagar - Líonra tras-Eorpach Iompartha - An Eoraip á Nascadh* ina nasctar an ilchríoch idir an tOirthear agus an tIarthar, an Tuaisceart agus an Deisceart i mbun athraithe. Cothaíonn an beartas seo *'iompar éifeachtúil do dhaoine agus d'earraí, cinntíonn sé rochtain ar phoist agus ar sheirbhísí, agus cumasaíonn sé trádáil agus fás eacnamaíoch. Neartaíonn sé comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais agus cruthaíonn sé córais iompair gan uaim thar theorainneacha, gan bhearnaí, scrogaill ná naisc atá in easnamh. Go háirithe ó rinneadh athbhreithniú air in 2024, tá sé d'aidhm aige freisin tionchar an iompair ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a laghdú agus sábháilteacht agus athléimneacht an ghréasáin a mhéadú.'*

I mí an Mheithimh 2024, le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa, rinneadh Rialachán (AE) 1315/2013 a aisghairm agus rinneadh leasú ar Rialachán (AE) 2021/1153 agus (AE) 913/2010 chun gréasán modhnaithe tras-Eorpaigh iompair a chur i bhfeidhm i ndiaidh Brexit san Aontas Eorpach.

Is príomhionstraim é beartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, beartas TEN-T, chun bonneagar iompair comhleanúnach, éifeachtúil, ilmhódach agus ardcháilíochta a phleanáil agus a fhorbairt ar fud an Aontais. Cuimsíonn an líonra iarnróid, uiscebhealaí intíre, bealaí loingseoireachta gearra farraige agus bóithre a nascann nóid uirbeacha, calafoirt mhuirí agus intíre, aerfoirt agus críochfoirt. Cothaíonn sé iompar éifeachtúil do dhaoine agus d'earraí, cinntíonn sé rochtain ar phoist agus ar sheirbhísí, agus cumasaíonn sé trádáil agus fás eacnamaíoch. Neartaíonn sé comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais agus cruthaíonn sé córais iompair gan uaim thar theorainneacha, gan bhearnaí, scrogaill ná naisc atá in easnamh. Go háirithe ó rinneadh athbhreithniú air in 2024, tá sé d'aidhm ag an mbeartas freisin tionchar an iompair ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a laghdú agus sábháilteacht agus athléimneacht an ghréasáin a mhéadú³.

Tá trí shraith sa ghréasán tras-Eorpach iompair: an croíghréasán, an croíghréasán leathnaithe agus an gréasán cuimsitheach. Leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2024/1679 na spriocdhátaí d'fhorbairt de réir a chéile ghréasán TEN-T i dtírí chéim agus é mar aidhm fhoriomlán gréasán ilmhódach ar ardchaighdeán a bhaint amach ar fud an Aontais agus cuspóirí foriomlána aeráidneodrachta agus comhshaoil an Aontais á n-urramú ag an am céanna. Cuimsíonn an croíghréasán na naisc is tábhachtaí idir cathracha móra agus nóid atá le cur i gcrích faoi 2030. Ní mór an croíghréasán leathnaithe a chur i gcrích deich mbliana ina dhiaidh sin in 2040. Nascann an gréasán cuimsitheach réigiúin uile an Aontais leis an gcroíghréasán agus ní mór é a chur i gcrích faoi 2050.

Gréasán Cuimsitheach	An Príomhghréasán Sínte	An Príomhghréasán
Tá coinne leis go dtabharfar gach réigiún i gcrích faoi 2050.	Fo-thacar den ghréasán cuimsitheach le cur i gcrích mar ábhar tosaíochta faoi 2040.	Fo-thacar den ghréasán cuimsitheach le cur i gcrích mar ábhar tosaíochta faoi 2030.

Is é a bheidh sa ghréasán cuimsitheach na bonneagair iompair ar fad, idir atá ann cheana agus atá beartaithe, atá mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair, mar aon leis na bearta lena gcuirtear chun cinn úsáid an bhonneagair sin a bheidh éifeachtúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí. [Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2024/1679].

³ https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/infrastructure-and-investment/trans-european-transport-network-ten-t_en#:~:text=TEN%2DT%20Regulation,coherent%20quality%20throughout%20the%20EU.



Pláta 2.2 Líonra TEN-T Éireann (Foinse: Bonneagar Iompair Éireann)

Tá an N6 GCRR atá beartaithe mar chuid den ghréasán cuimsitheach bóithre⁴ a thaispeántar i bPláta 2.2 thuas agus is nasc straitéiseach é sa ghréasán bóithre i Réigiún an Iarthair agus comhlíonfaidh sé a fheidhm straitéiseach i gcomhréir le beartas iompair TEN-T an Aontais Eorpaigh. Is léir go gcuimsíonn an gréasán cuimsitheach bóithre, mar a shainaithnítear in TEN-T é, nasc straitéiseach le Cathair na Gaillimhe agus naisc ar aghaidh leis an ngréasán bóithre náisiúnta agus réigiúnach lasmuigh de Chathair na Gaillimhe. Is príomhnaisc náisiúnta bóthair iad an N83, an N84 agus an N59 a fhreastalaíonn ar thuaisceart agus iarthar Chontae na Gaillimhe agus is príomhbhóthar réigiúnach é an R336 a fhreastalaíonn ar Chalafort Ros an Mhíl agus ar chósta Chonamara.

Tháinig athailíniú ar Ghréasán TEN-T an Aontais mar thoradh ar Brexit. Is cuid de Chonair na Mara Thuaidh - na Réine - na Meánmhara í Éire, a ritheann ó Éirinn go cósta theas na Fraince tríd an mBeilg, Lucsamburg agus an Ísiltír. Roimh Brexit, bhí an Ríocht Aontaithe ar an gconair sin freisin. Tar éis athailíniú in 2021, chuaigh Éire isteach i gConair an Atlantaigh agus tá sí mar chuid de dhá Chonair Iompair Eorpacha TEN-T den chéad uair (Pláta2.3 thíos).

⁴ <http://ec.europa.eu/transport/infrastructure/tentec/tentec-portal/map/maps.html>



Pláta 2.3 Conairí Iompair Eorpacha (Iarscríbhinn III – Rialachán (AE) 2024/1679)

Tacaíonn an gréasán cuimsitheach le seachadadh an chroíghréasáin agus an chroíghréasáin leathnaithe, arb iad na codanna sin iad de na mórchonairí iompair atá le forbairt a nascann an Eoraip mar thosaíocht chun na cuspóirí a bhaint amach maidir le gréasán TEN-T a fhorbairt, de réir Airteagal 6(3) de Rialachán an Aontais Eorpaigh.

Leagtar amach in Airteagal 12 na tosaíochtaí ginearálta don chroíghréasán, don chroíghréasán leathnaithe agus don ghréasán cuimsitheach lena n-áirítear an méid seo a leanas faoi Airteagal 12(1) agus 12(2):

1. Agus an croíghréasán, an croíghréasán breisithe agus an gréasán cuimsitheach á bhforbairt, tabharfar tosaíocht ghinearálta do na bearta atá riachtanach chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) sciar agus, i gcás inarb ábhartha, acmhainneacht an iompair níos inbhuanaithe do lasta agus do phaisinéirí a mhéadú, go háirithe d'fhonn astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailliú a laghdú agus na tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha a eascraíonn as iompar a mhéadú;

(b) inrochtaineacht agus nascacht níos fearr a áirithiú do réigiúin uile an Aontais agus comhtháthú críochach agus sóisialta á chur san áireamh, lena n-áirítear cás sonrach na réigiúin

is forimeallaí agus réigiúin iargúlta, oileánacha, imeallacha agus shléibhtiúla chomh maith le limistéir ar tearc a ndaonra;

(c) comhtháthú barrmhaith na modhanna iompair agus idir-inoibritheacht idir modhanna iompair a áirithiú, lena n-áirítear modhanna gníomhacha soghluaisteachta i limistéir uirbeacha;

(d) bearnaí na nasc ar lár a líonadh agus deireadh a chur le scrogaill, go háirithe i stráicí trasteorann;

(e) an bonneagar is gá a imscaradh lena n-áirithítear cúrsaíocht gan uaim feithiclí astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí, agus soithí agus aerárthaí a úsáideann breoslaí a rannchuidíonn le laghdú na n-astaíochtaí iompair agus méadú na slándála fuinnimh;

(f) úsáid éifeachtúil, gan uaim agus inbhuanaithe an bhonneagair a chur chun cinn agus, i gcás inar gá, an acmhainneacht a mhéadú;

(g) bonneagar atá ann cheana a choinneáil i riocht a oibrithe agus a cháilíocht a fheabhsú nó a chothabháil ó thaobh sábháilteachta, slándála, ó thaobh éifeachtúlacht an chórais iompair agus na n-oibriochtaí iompair, ó thaobh na hathléimneachta aeráide agus ó thubaistí, ó thaobh na feidhmíochta comhshaoil, agus leanúnachas na sreabh tráchta;

(h) cáilíocht na seirbhísí agus na gcoinníollacha sóisialta d'oibrithe iompair a fheabhsú, inrochtaineacht a fheabhsú do na húsáideoirí uile, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus daoine eile ar leochaileach a gcás, an bhochtaineacht iompair a chosc agus a mhaolú;

(i) an digiteáil a fheabhsú, a dhéanamh gur indéanta an forfheidhmiú digiteach i gcomhréir le dlí an Aontais agus an t-uathoibriú a fhorbairt, go háirithe trí chórais TFC don iompar a chur chun feidhme agus a imscaradh; nó

(j) an bonneagar a oiriúnú do dhé-úsáid, i gcás inar gá agus ceanglais bhunreachtúla Ballstát áirithe á gcur san áireamh, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shibhialta agus ar riachtanais chosanta, agus aird ar leith á tabhairt ar na cúrsaí taistil is gá le haghaidh ghluaiseachtaí fórsaí míleata ar gearrfhógra agus ar mórsála.

Tagann an N6 GCRR atá beartaithe leis na tosaíochtaí thuas, go háirithe Airteagal 12(1)(a), (b), (c), (d), (f), (g) agus (h). Leagtar amach na tosaíochtaí a leanas in Airteagal 12(2):

2. Chun na bearta a leagtar amach i mír 1 a chomhlánu, tabharfar aird speisialta ar bhearta atá riachtanach chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rannchuidiú le leochaileacht limistéar uirbeach a mhaolú, agus, i gcás inarb ábhartha, leochaileacht limistéar iógair ar dlúth a ndaonra a mhaolú i leith éifeachtaí diúltacha iompair idirthurais iarnróid agus iompair de bhóthar;

(b) úsáid bonneagair a bharrfheabhsú, go háirithe trí bhainistiú éifeachtúil acmhainneachta, trí bhainistiú tráchta agus tríd an bhfeidhmíocht oibriochtúil a mhéadú;

(c) rannchuidiú le héifeachtaí dearfacha sláinte agus comhshaoil trí úsáid modhanna gníomhacha soghluaisteachta a chur chun cinn trí bhonneagar comhfhreagrach a fhorbairt le haghaidh rothaíochta agus siúil;

(d) rochtain neamh-idirdhealaitheach a áirithiú do gach rannpháirtí sa mhargadh i mbonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair; nó

(e) trasnú éifeachtúil teorann a áirithiú d'iompar lasta agus amanna feithimh á gcur san áireamh.

Tagann an N6 GCRR atá beartaithe leis na tosaíochtaí ag Airteagal 12(2)(a), (b) agus (c) thuas.

Déantar tuairisc ar bhonneagar iompair de bhóthar in Airteagal 29 den Rialachán. Sonraítear in Airteagal 29(2) an méid seo a leanas:

2. Is iad na bóithre dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo agus a shonraítear sna mapai a leagtar amach in Iarscríbhinn I na bóithre sin a bhfuil ról tábhachtach acu sa trácht fadraoin lasta agus paisinéirí, a chomhtháthaíonn na príomh-lárionaid uirbeacha agus eacnamaíocha agus a idirnascaann le modhanna eile iompair.

Leagtar amach sna léarscáileanna in Iarscríbhinn I na croíghréasáin, na croíghréasáin leathnaithe agus na gréasáin chuimsitheacha faoin mbeartas tras-Eorpach iompair. Deimhníonn Pláta 2.2 go bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe mar chuid den ghréasán cuimsitheach.

Sonraítear ceanglais bhonneagair iompair don ghréasán cuimsitheach in Airteagal 30 den Rialachán de chuid an Aontais. Comhlíonann dearadh an N6 GCRR atá beartaithe na ceanglais ag Airteagal 30(1)(a) go (h) go huile, i gcás inarb infheidhme, agus leagtar amach é sin i gCaibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo.

Leagtar amach **tosaíochtaí breise d'fhorbairt bonneagair bóithre** in Airteagal 32(a) go (e). Is iad seo a leanas na tosaíochtaí breise is ábhartha maidir leis an N6 GCRR atá beartaithe:

Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le bonneagar bóithre, tabharfar aird, anuas ar na tosaíochtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagail 12 agus 13, ar an méid seo a leanas:

(a) sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus a chur chun cinn, agus riachtanais úsáideoirí leochaileacha agus úsáideoirí bóithre maidir lena n-éagsúlacht go léir á gcur san áireamh, go háirithe daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe;

(b) brú tráchta ar na bóithre atá ann cheana a mhaolú, go háirithe trí bhainistiú cliste tráchta, lena n-áirítear muirir dhinimiciúla ar phlódú nó dolaí a athrú bunaithe ar an am den lá, den tseachtain nó den séasúr;

(d) agus bonneagar bóithre á thógáil nó á uasghrádú, leanúnachas agus inrochtaineacht chonairí na gcoisithe agus na gcosán rothaíochta a áirithiú d'fhonn na modhanna gníomhacha iompair a chur chun cinn agus feabhas a chur, i gcás inarb ábhartha, ar an mbonneagar le haghaidh soghluaisteacht ghníomhach; agus

Deirtear in Alt 36 de Rialachán (AE) 2024/1679, inter alia, a leanas:

(36) Chun an gréasán tras-Eorpach iompair a bhunú ar bhealach comhordaithe tráthúil, lena bhféadfaí na héifeachtaí gréasáin a uasmhéadú, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann a áirithiú go nglactar na bearta is iomchuí le go gcríochnófar na tionscadail leasa choitinn a bhaineann leis an gcroíghréasán, an gcroíghréasán breisithe agus an ngréasán cuimsitheach faoi na sprioc-amanna a leagtar amach faoi seach, eadhon 2030, 2040 agus 2050, mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit comhleanúnachas na bpleananna iompair agus infheistíochta náisiúnta leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú...

Mar a léirítear anseo thíos, is príomhchumasóir fáis amach anseo é Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe do Limistéar Cathrach na Gaillimhe sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus is tosaíocht infheistíochta straitéisí é i gClár na mBóithre Náisiúnta atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030.

I Roinn 7 de Chaibidil III de Rialachán (AE) 2024/1679, sainmhínítear nóid uirbeacha ag Airteagal 40(1) mar seo a leanas.

1. Cuimseofar an méid seo a leanas, go háirithe, i nód uirbeach:

(a) bonneagar iompair sa nód uirbeach atá mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair, lena n-áirítear seachbhealaí; agus

(b) pointí rochtana ar an ngréasán tras-Eorpach iompair, atá ar oscailt do gach oibreoir agus úsáideoir ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, go háirithe calafoirt, aerfoirt, chomh maith le stáisiúin iarnróid, críochfoirt bus agus críochfoirt lasta ilmhódacha.

Is nód uirbeach í Gaillimh in Iarscríbhinn II den Rialachán. Luaitear an méid seo a leanas i mír 63 den Rialachán maidir leis an ról lárnach atá ag nód uirbeacha i bhfeidhmiú rianúil ghréasán iompair an Aontais.

(63) *Tá ról tábhachtach ag na nód uirbeacha sa ghréasán tras-Eorpach iompair mar thúsphointe nó ceann scribe deiridh ('an míle deireanach') le haghaidh paisinéirí agus lasta atá ag bogadh ar an ngréasán tras-Eorpach iompair, agus is pointí aistrithe iad laistigh de mhodhanna iompair éagsúla agus idir na modhanna sin. Ba cheart a áirithiú nach gcuirfidh scrogaill acmhainne ná nascacht ghréasáin easnamhach laistigh de na nód uirbeacha bac a thuilleadh ar an ilmhódúlacht ar an ngréasán tras-Eorpach iompair. Ba cheart beartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a dhíriú ar shreabh tráchta gan uaim a chur chun cinn a rachadh chuig na nód uirbeacha ar an ngréasán, uathu agus eatarthu. Ba cheart do na húdaráis inniúla áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta aghaidh a thabhairt ar an nascacht áitiúil idir na nód uirbeacha, go háirithe trí bhearta ábhartha ina bpleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (PSUInna).*

Is é is aidhm do Bheartas Iompair an Aontais comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach an Aontais a neartú agus rannchuidiú le limistéar iompair Eorpach ilmhódach aonair a chruthú bunaithe ar shoghluaisteacht atá éifeachtúil, sábháilte, athléimneach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol agus a mhéadaíonn na tairbhí dá úsáideoirí agus a thacaíonn le fás cuimsitheach i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 5 den Rialachán AE. Ní hamháin go gcuireann tranglam isteach ar úsáideoirí bóithre; cuirtear a lán lán breosla agus táirgeachta amú leis freisin. Bíonn go leor próiseas déantúsaíochta ag brath ar sheachadtaí díreach in am agus ar iompar saorimeachta le haghaidh táirgeacht éifeachtúil. Cosnaíonn tranglam tráchta níos mó ná 1% de GDP do gheilleagar an AE – i mbeagán focal, níos mó ná buiséad an AE. D'fhonn é sin a laghdú, teastóidh córas iompair agus lóistíochta níos éifeachtúla ón AE, agus bonneagar níos fearr agus a bheidh in ann úsáid acmhainní a bharrfheabhsú.

Aithníonn an Coimisiún AE freisin go dteastaíonn córas iompair ón Eoraip atá níos glaine agus nach bhfuil ag brath chomh mór ar ola. Tá sé riachtanach bogadh i dtreo iompar íscalcharbóin atá níos tíosaí ar fhuinneamh, chomh maith le réitigh iompair uirbigh agus idirmhódúil níos éifeachtúla a fhorbairt mar roghanna eile d'fhonn beartas iompair níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a fhorbairt.

Tá cuspóirí an N6 GCRR atá beartaithe ag teacht le beartais iompair talún an Aontais Eorpaigh ós rud é go bhfuil na spriocanna seo a leanas i measc chuspóirí an Tionscadail:

- Comhéadan an tráchta straitéisigh a dheighilt ón trácht uirbeach
- Cinnteacht maidir leis an tréimhse taistil a mhéadú
- Tréimhsí taistil a laghdú
- Beartais iompair inbhuanaithe a chur i bhfeidhm le haghaidh comaitéireachta níos giorra
- Inrochtaineacht ar Chathair na Gaillimhe a fheabhsú chomh maith leis an gceangailteacht idir príomhsheirbhísí straitéiseacha laistigh de Chathair na Gaillimhe, ar nós Ollscoil na Gaillimhe agus Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh
- Inrochtaineacht limistéar uirbeach na Gaillimhe ar a phríomh-mhargáí a fheabhsú
- Ceangailteacht agus inrochtaineacht an réigiúin seo leis an margadh Eorpach aonair a chinntiú, lena n-áirítear calafort Ros an Mhíl, Aerfort Chonamara agus na ceantair Ghaeltachta atá suite laistiar ón gcathair feadh an R336
- Naisc idir codanna thiar agus thoir na cathrach agus an chontae a fheabhsú
- Inrochtaineacht na gceantar Gaeltachta chuig an gcuid eile den chontae agus den tír a fheabhsú
- Aitheantas do ról Chathair na Gaillimhe mar gheata chuig an iarthar agus Conamara, agus na buntáistí socheacnamaíocha dá bharr sin a bhainfidh le nascacht níos fearr Chathair na Gaillimhe le margáí náisiúnta, inrochtaineacht turasóireachta níos fearr, agus an córas iompair náisiúnta
- Feabhas ar an ngréasán TEN-T lena chinntiú go nascfar iarthar na hÉireann leis an margadh Eorpach aonair

I gcúinsí ina bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe mar chuid de ghréasán bóithre cuimsitheach TEN-T an AE in Éirinn, tá tábhacht straitéiseach ag baint leis, dá bhrí sin, i gcomhthéacs Eorpach, mar go mbeidh ról lárnach aige maidir le faoiseamh ó phlódú a sheachadadh, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus comhtháthú eacnamaíoch a neartú.


2.3 Cuspóirí Náisiúnta

2.3.1 Forbhreathnú ar Athrú ar Bheartas Náisiúnta

Ó 2018 i leith, tá an beartas pleanála ar an leibhéal náisiúnta tar éis teacht ina shraith lán-chomhtháite de dhoiciméid bheartais agus sásra cistiúcháin bainteach léi. Tá an t-ordlathas beartais leagtha amach go soiléir, le beartas nua ullmhaithe ag na comhlachtaí rialtais éagsúla nó ag na páirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil freagracht orthu astu. Mar thoradh air sin, tá roinnt seandoiciméid bheartais foshuite anois i ndoiciméid nua agus tá siad sin leagtha amach sa nuashonrú seo ar an gcaibidil seo. Déantar tagairt do dhoiciméid bheartais nua nuair is cuí.

2.3.2 Tionscadal Éireann 2040

De réir Rialtas na hÉireann: “Is é Tionscadal Éireann 2040 straitéis uileghabhálach fhadtéarmach an rialtais chun tír níos fearr a dhéanamh d’Éirinn do gach duine a chónaíonn inti agus chun todhchaí athléimneach inbhuanaithe a shlánú”. Soláthraíonn an Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn (NIFTI) ⁵ grafaic úsáideach a thaispeántar i bPláta 2.4 chun ordlathas straitéisí agus pleananna Thionscadal Éireann 2040 a léiriú.



Sliocht ó NIFTI agus tagraíonn * don fhíric go raibh NR 2040 á fhorbairt nuair a foilsíodh NIFTI

Pláta 2.4 Ordlathas NIFTI de Straitéisí agus Pleananna Thionscadal Éireann 2040

2.3.3 An Creat Náisiúnta Pleanála

Is plean reachtúil é an Creat Náisiúnta Pleanála⁶ (NPF) arb ionann é agus an doiciméad beartais pleanála náisiúnta uileghabhálach. Ó dháta a fhoilsithe (16 Feabhra 2018), tagann an NPF in ionad na Straitéise Spáis Náisiúnta (NSS). Bunaítear leis creat ardleibhéil chun comhordú a dhéanamh ar raon beartas náisiúnta, réigiúnach agus údarais áitiúil, agus gníomhaíochtaí, pleanáil agus infheistíocht, idir phoiblí agus phríobháideach.

⁵An Roinn Iompair, 2021. An Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn, Nollaig 2021 Ar fáil ar: <https://www.gov.ie/en/publication/cfae6-national-investment-framework-for-transport-in-ireland-nifti/>

⁶ [Project-Ireland-2040-NPF.pdf](#)

Cuimsíonn an Creat Náisiúnta Pleanála (NPF), mar aon leis an bPlean Forbartha Náisiúnta deich mbliana nua, *Tionscadal Éireann 2040: Ag Tógáil Todhchaí na hÉireann*, agus cuirfidh siad an creat straitéiseach ar fáil d'fhorbairt agus d'infheistíocht in Éirinn amach anseo. Is é seo an Plean foriomlán óna dtógfaidh pleananna eile, níos mionsonraithe treoir, mar is léir ón teideal, 'Creat' Pleanála Náisiúnta, lena n-áirítear pleananna forbartha cathrach agus contae agus straitéisí réigiúnacha. Is plean reachtúil é an Creat Náisiúnta Pleanála, atá dírithe ar dheich sprioc chomhroinnte, Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (NSOanna).



Pláta2.5 Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta – An Creat Náisiúnta Pleanála 2018

Rannchuideoidh an N6 GCRR atá beartaithe le gach ceann de na deich gcinn de na Torthaí Straitéiseacha a bhaint amach mar seo a leanas:

- **Toradh Straitéiseach Náisiúnta 1:** Cuirfear **Dlúthfhás** chun cinn trí líon suntasach tráchta innealta a bhaint ó lár chathair na Gaillimhe, brú tráchta a laghdú agus spás bóthair a shaoradh do thosaíocht bhus, iompar poiblí agus modhanna gníomhacha, rud a chruthóidh níos mó deiseanna fáis agus maireachtála laistigh den chathair.
- **Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2:** Cuirfear **Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe** ar fáil trí inrochtaineacht ar Chathair na Gaillimhe agus ar réigiún níos leithne an Tuaiscirt agus an Iarthair a fheabhsú.
- **Toradh Straitéiseach Náisiúnta 3:** **Geilleagair agus Pobail Tuaithe a Neartú** trí nascacht agus inrochtaineacht níos fearr ar cheantair i gContae na Gaillimhe siar agus ó thuaidh de Chathair na Gaillimhe agus i gceantair eile i réigiún níos leithne an Tuaiscirt agus an Iarthair lena n-áirítear, níos tábhachtaí fós, ceantair thuaithe an réigiúin.
- **Toradh Straitéiseach Náisiúnta 4:** Tacófar le **Soghluaisteacht Inbhuanaithe** trí dheiseanna a chur ar fáil do gach modh taistil, lena n-áirítear iompar poiblí, siúl agus rothaíocht. In éagmais an N6 GCRR atá

beartaithe, ní chuirfear cuid de na modhanna malartacha taistil sin, go háirithe i gCathair na Gaillimhe, ar fáil go barrmhaith.

- **Toradh Straitéiseach Náisiúnta 5:** Is féidir **Geilleagar láidir, le tacaíocht ó Fhiontar, Nuálaíocht agus Scileanna** a dhéanamh trí inrochtaineacht fheabhsaithe ar ionaid daonra sa chathair agus sa cheantar máguaird agus sa réigiún níos leithne agus trí rochtain réigiúnach ar shaoráidí oideachais tríú leibhéal chomh maith le hionaid shuntasacha fostaíochta ardteicneolaíochta a chur ar fáil.
- **Toradh Straitéiseach Náisiúnta 6:** Tacaítear le **Nascacht idirnáisiúnta ardcháilíochta** trí nasc straitéiseach a sholáthar idir Calafort na Sionainne agus Fhainge, Calafort na Gaillimhe, Calafort Ros an Mhíl, chomh maith le naisc chuig Aerfort na Sionainne, Aerfort Iarthar Éireann agus Aerfort Bhaile Átha Cliath. Neartóidh feabhsú Chonair na Mara Thuaidh – na Réine – na Meánmhara agus Éire a chur le Conair an Atlantaigh an nasc idir Éire agus mórtóir na hEorpa.
- **Toradh Straitéiseach Náisiúnta 7:** **Áiseanna Conláiste Feabhsaithe** Éascóidh an N6 GCRR atá beartaithe turais ar mhodhanna níos inbhuanaithe, laghdóidh sé turais áitiúla i gcarranna, rud a éascóidh soláthar áiseanna feabhsaithe le haghaidh taisteal gníomhach agus áiseanna conláiste feabhsaithe. Arís, mar a luadh thuas, in éagmais an N6 GCRR atá beartaithe, ní chuirfear cuid de na modhanna taistil malartacha seo, go háirithe i gCathair na Gaillimhe, ar fáil go barrmhaith.
- **Toradh Straitéiseach Náisiúnta 8:** **Aistriú chuig sochaí ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de** Trí thurais ó mhótarfheithiclí i gCathair na Gaillimhe a laghdú, osclófar spás bóthair chun modhanna taistil ghníomhaigh a éascú a laghdóidh tionchair an iompair ar cháilíocht aer áitiúil, a laghdóidh astaíochtaí carbóin, a bheidh ag teacht le spriocanna aeráide. In éagmais an N6 GCRR atá beartaithe, d'fhéadfadh sé nach seachadfar cuid de na modhanna malartacha taistil seo, go háirithe i gCathair na Gaillimhe, ar chor ar bith nó ní chuirfear ar fáil iad ar an mbealach is fearr.
- **Toradh Straitéiseach Náisiúnta 9:** Tacófar le **bainistiú inbhuanaithe uisce, dramhaíola agus acmhainní comhshaoil** eile trí phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh a leabú ón tús.
- **Toradh Straitéiseach Náisiúnta 10:** Is féidir **rochtain ar sheirbhísí cúraim leanaí, oideachais agus sláinte ar ardchaighdeán** a bhaint amach trí réiteach iompair iomchuí a sholáthar a chumasaíonn nascacht fheabhsaithe do mhodhanna inbhuanaithe do chách.

Cuirfear Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta an NPF i bhfeidhm ar bhonn réigiúnach trí Straitéisí Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnacha reachtúla (RSESanna), féach Cuid 2.4.2 thíos. Caithfidh na RSESanna a bheith ag teacht leis an NPF agus dá réir, caithfidh na pleananna forbartha a bheidh ag na húdaráis phleanála áitiúla ina dtabharfar aghaidh arís ar ábhair níos mionsonraithe ag mionleibhéal, a bheidh ag cloí leis na RSESanna.

Leagtar amach i gCuid 2 den NPF an straitéis chun pleanáil d'fhás suntasach ar an daonra agus d'fhás eacnamaíochta go 2040. Mar phríomhghné den straitéis tacaíonn an NPF le:

“spriocanna fáis uailmhianacha chun go bhféadfaidh fás 50% ar a laghad teacht ar na ceithre chathair Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge go dtí 2040 agus feabhas a chur ar a gcumas suntasach bheith mar chathracha atá ag méadú.” (NPF Cuid 2.2) agus “na ceithre chathair a chumasú le bheith ina spreagthaithe réigiúnacha”.

Déantar cuspóirí beartais náisiúnta maidir le fás daonra agus fostaíocht a shocrú leis an gCreat freisin. Tarlóidh an 50% eile den fhás atá beartaithe i lárionaid réigiúnacha, i mbailte, i sráidbhailte agus i gceantair thuaithe de réir na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha.

Dírítear i gCuid 3.3 den NPF ar Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Dírítear ar Ghaillimh mar cheann de chúig phríomhchathair in Éirinn agus go mbeadh sí ina cathair ar scála méadaithe agus ina spreagthaí tábhachtach d'Iarthar na hÉireann. Luaitear san NPF nach mór do Ghaillimh:

“dul i ngleic leis na saincheisteanna fáis le déanaí agus leas a bhaint as na príomhláidreachtaí, lena n-áirítear cnuasach teicneolaíochta leighis den scoth, na hinstiúidí tríú leibhéal atá leabaithe laistigh den Chathair, saol beoga agus cultúrtha na n-ealaíon, turasóireacht ó cheann ceann na bliana agus timpeallacht nádúrtha mhealltach”. Luaitear ann “i measc na ndúshlán nach mór dul i ngleic leo tá roghanna agus inacmhainneacht tithíochta, iompar/soghluaisteacht agus cáilíocht uirbeach, go háirithe taobh amuigh de limistéar chroílár na cathrach”.

Tá sprioc luaite san NPF d'fhás ar an daonra go dtí 2040 ag 40,000-45,000 duine maidir le Cathair na Gaillimhe agus Fo-bhailte Chathair na Gaillimhe, chun go mbeidh daonra iomlán ann de 120,000 ar a laghad (Tábla 2.1 NPF).

Seo a leanas na “*príomhchumasóirí fáis amach anseo*” maidir le Gaillimh:

- Forbairt inbhuanaithe na limistéar úrnua le haghaidh tithíochta agus an fhorbairt um iompar poiblí agus bonneagar tacaíochta mar atá sé ag na hArdáin a chur chun cinn
- Feabhas a chur ar naisc iompair inbhuanaithe chuig na ceantair fostaíochta atá ann cheana féin soir ón gCathair sa Pháirc Mhór, i mBaile an Bhriotaigh agus sa Bhaile Bán agus feabhas a chur ar an gcomhtháthú leo
- Líonra iompair poiblí ar fud na Cathrach a sholáthar (Luaitear sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 go ndéanfar an líonra *Bus Connects*, ina mbeidh cúig bhealach feadh na cathrach ardfhéidhmíochta, a sheachadadh i nGaillimh)
- Líonra rotharbhealaí straitéiseach a fhorbairt
- Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe a sheachadadh (an N6 GCRR atá beartaithe)

Dá bhrí sin, ní hamháin go bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe ina “*phríomhchumasóirí fáis amach anseo*” ann féin, mar a leagtar amach sa NPF, go pointe níos mó nó níos lú, tá gá leis an N6 GCRR atá beartaithe chun roinnt “*príomhchumasóirí fáis amach anseo*” eile a sholáthar i nGaillimh trí thrácht a aistriú amach as na ceantair uirbeacha, rud a cheadaíonn athdháileadh an spáis bóthair atá ann cheana chun seachadadh barrmhaith feabhsuithe bonneagair eile san iompar poiblí, sa rothaíocht agus sa siúl a chumasú.

Mar a luaitear thuas, tá “*Inrochtaineacht Réigiúnach níos Fearr*” ar cheann de na deich dToradh Straitéiseacha Náisiúnta san NPF. Lorgaíonn an NSO seo nascacht fheabhsaithe idir lárionaid daonra agus inrochtaineacht fheabhsaithe ar Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, rud a chinntíonn go mbeidh leibhéal ard inrochtaineachta ag an réigiún ar Bhaile Átha Cliath agus ar réigiúin eile agus féachann sé le réitigh bhainistíochta tráchta cuarbhealaigh a chur chun cinn lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Déantar iarracht leis an bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 go seachadfar mórtionscadail bhonneagair náisiúnta ar mhaithe le ceangailteacht idir réigiúin agus tá Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe ainmnithe go sainráite mar cheann de na mórtionscadail sin (Cuid 1.7 agus 5.2).

Dá réir sin, aithnítear an N6 GCRR atá beartaithe laistigh den chreat náisiúnta pleanála seo mar phríomhchumasóir fáis do Chathair na Gaillimhe agus do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair.

2.3.4 An Plean Forbartha Náisiúnta (2021-2030)

Tá plean infheistíochta caipitil atá dírithe ar an réigiún, an Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) mar bhonn agus mar thaca ag an NPF. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an gcéad PFN a chlúdaíonn an tréimhse 2018-2027 tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, a spreagfaidh dul chun cinn fadtéarmach eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta na hÉireann ar fud gach cuid den tír sna deich mbliana amach romhainn. Mar chuid de Thionscadal Éireann 2040, tá an PFN ailínithe go hiomlán le seachadadh Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta agus Cuspóirí Beartais Náisiúnta an NPF (atá leagtha amach i gCuid 2.2.2). Leagtar amach ann, faoi Thosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí comhfheagracha, tosaíochtaí infheistíochta sna deich mbliana amach romhainn a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag cur chun feidhme gach NSO sa NPF. Leagtar amach sa PFN athbhreithnithe mórchlár infheistíochta caipitil poiblí de €165 billiún idir 2021 agus 2030 agus beidh €13bn le hinfheistiú in iompar sna chéad chúig bliana den Phlean Forbartha Náisiúnta.

Trí thosaíocht a thabhairt d'infheistíocht sa Ghréasán Bóithre Náisiúnta agus in iompar poiblí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de tríd an PFN, cabhrófar le dlúthfhás a chur ar fáil i nGaillimh i gcomhréir le NSO 1.

Trí Thoradh Straitéiseach Náisiúnta 2 (i.e., Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe), féachann an PFN leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

“... cur leis an rochtain laistigh de na réigiúin trí naisc iompair a fheabhsú idir ionaid uirbeacha daonra agus na réigiúin ina bhfuil siad, chomh maith le feabhsú a dhéanamh ar na naisc iompair idir na réigiúin féin.”

Tá go leor tionscadal Bóithre Náisiúnta dírithe ar an méid a leanas:

“lena chinntiú go mbeidh leibhéal ard rochtana do gach réigiún agus gach ceantar uirbeach, is fócas chomh maith é an idirnascthacht réigiúnach maidir le cuid mhór de na tionscadail bóthair...”

Sa chomhthéacs sin, déanann an PFN tagairt shainráite do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar cheann de na scéimeanna a aithníodh sa PFN roimhe seo a dtabharfar tacaíocht dóibh i gcónaí:

“Faoin PFN athleasaithe, leanfaidh clár na mBóithre Náisiúnta den soláthar ar nascthacht leasaithe sna blianta 2021 go 2030. Tá an Roinn agus Bonneagar Iompair Éireann ag obair chun an córas Bóithre Náisiúnta a chosaint agus a athnuachan chomh maith le tionscadail Bóithre Náisiúnta a chur chun tosaigh a chuirfidh leis an bhfás comhdhlúite agus leis an idirnascthacht réigiúnach ar fud na tíre. Dá réir sin, beidh infheistíocht shuntasach sa ghréasán bóithre náisiúnta go ceann 10 mbliana.”

Dá réir sin, rannchuideoidh an N6 GCRR atá beartaithe le Cuspóirí Straitéiseacha Náisiúnta an PFN maidir le hInrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe agus Dlúthfhás, pobail a nascadh agus gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh. Beidh feabhas ar naisc iompair mar thoradh air freisin trí agaí turais agus iontaofacht níos fearr a sholáthar agus bealaí níos sábháilte d'úsáideoirí bóithre.

Féachann an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 le mórtionscadail bhonneagair náisiúnta a sholáthar, lena n-áirítear bóithre náisiúnta ar mhaithe le Nascacht Réigiúnach Fheabhsaithe (NSO 2) agus sainaitheann Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar mhórtionscadal bhonneagair bóithre den sórt sin (Caibidil 7, leathanach 64 den PFN).

Trí infheistíocht a dhéanamh sa N6 GCRR atá beartaithe faoin PFN, soláthrófar bonneagar iompair agus cuirfear forbairt inbhuanaithe chun cinn i gcomhréir le Sprioc Dhomhanda 9 na Náisiún Aontaithe. Cuirfidh an N6 GCRR atá beartaithe rochtain ar fáil ar chórais iompair atá sábháilte, inacmhainne, inrochtana agus inbhuanaithe do chách, rud a chuirfidh feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar an gcaoi sin cuideoidh sé le Sprioc Dhomhanda 11 de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

2.3.5 An Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn 2021

Is é an Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn (NIFTI)⁷ creat straitéiseach ardleibhéil na Roinne Iompair d'infheistíocht sa ghréasán iompair talún amach anseo. Is é cuspóir NIFTI tacú le seachadadh an NPF. Tagann an creat nua seo in ionad an Chreata Infheistíochta Straitéisí d'Iompar Talún (SIFLT), a d'fhoilsigh an Roinn Iompair in 2015.

Deir NIFTI: *“Beidh ar infheistíocht iompair sa todhchaí ailiniú le NIFTI a thaispeáint agus” dá réir sin “tacú le seachadadh an NPF agus na NSOnna.”*

Geallann NIFTI infheistíocht a dhéanamh i seachadadh *“... gréasán iompair talún sábháilte agus inbhuanaithe a thacaíonn le pobail rathúla, a chuireann forbairt chothrom chun cinn agus a chabhraíonn lenár spriocanna athraithe aeráide a bhaint amach.”*

Chun freastal ar an éileamh taistil atá ag dul i méid agus an earnáil iompair á dícharbónú ag an am céanna, geallann NIFTI infheistíocht a dhéanamh i soghluaisteacht inbhuanaithe lena n-áireofar *“rochtain fheabhsaithe ar shoghluaisteacht inbhuanaithe inár mbailte agus inár gceantair thuaithe, agus infheistíocht mhór sa rothaíocht agus siúlóid ar fud na tíre.”*

Chun infheistíocht sa todhchaí a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe, cuireann NIFTI an réiteach is oiriúnaí chun cinn ar fhadhb nó ar dheis ar leith cibé an dtacaíonn sé le dlúthfhás sa cheantar uirbeach nó lasmuigh de na ceantair uirbeacha trí nascacht réigiúnach agus tuaithe a fheabhsú ar fud an líonra trí aghaidh a thabhairt ar scrogaill agus srianta tosaíochta.

⁷ <https://www.gov.ie/en/publication/cfae6-national-investment-framework-for-transport-in-ireland-nifti/>

Is iad seo a leanas na ceithre Thosaíocht Infheistíochta NIFTI (a bhfuil ualú comhionann ag gabháil leo go léir) ar Pláta 2.6 ina sainaithnítear na réimsí d'infheistíocht an Rialtais i mbonneagar iompair:

- Soghluaisteacht Daoine agus Earraí i gCeantair Uirbeacha
- Cosaint agus Athnuachan
- Dícharbónú
- Nascacht Réigiúnach & Tuaithe Feabhsaithe

Tá an N6 GCRR atá beartaithe ag teacht leis na tosaíochtaí infheistíochta uile, go háirithe na tosaíochtaí sin a bhaineann le nascacht réigiúnach agus tuaithe a fheabhsú. Ina theannta sin, tá cuspóirí an Tionscadail ag teacht le bearta chun athrú soghluaisteachta inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú trí bhonneagar taistil ghníomhaigh a chur san áireamh, trí fheabhsuithe ar iompar poiblí a chumasú trí aghaidh a thabhairt ar phlódú uirbeach agus trí bhearta bainistithe éilimh a chur chun feidhme⁸, rud a thacaíonn le haistriú modhanna chuig modhanna inbhuanaithe agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le dícharbónú.

Féachann an N6 GCRR atá beartaithe le brú tráchta i gCathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte a laghdú, go háirithe ag buaicuaireanta, lena chumasaítear an spás uirbeach a athscríobh chun modhanna siúil, rothaíochta agus gníomhacha a sheachadadh ar an mbealach is fearr is féidir.



Pláta 2.6 Tosaíochtaí Infheistíochta NIFTI

Cuirtear leis na tosaíochtaí seo le hOrdlathas Modhanna agus Idirghabhála ina leagtar amach conas a dtugaimid aghaidh ar ár dtionscadail. Dírítear ar dtús ar Ordlathas na Modhanna, mar a léirítear ar Pláta 2.7 a fhéachann lena chinntiú go dtugtar faoi thaisteal ar an mbealach is inbhuanaithe i bhfabhar modhanna malartacha amhail 'Taisteal Gníomhach' ⁹agus 'Iompar Poiblí' sula ndéantar soláthar d'fheithiclí príobháideacha.

⁸Bearta arb é is aidhm leo tionchar a imirt ar phatrúin taistil agus iad a athrú agus úsáid níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe acmhainní iompair a spreagadh

⁹Taisteal agus cuspóir agat, ag baint úsáid as d'fhuinneamh féin.' Meastar gur cineálacha Taistil Ghníomhaigh iad siúl, rothaíocht, brú (pram etc.) agus scútar neamh-mhótaraithe a úsáid chun turais a dhéanamh.



Pláta 2.7 Ordlatas Idirghabhála Modhanna NIFTI

Cuimsíonn NIFTI Ordlatas Idirghabhála atá ceaptha chun bonn eolais a chur faoi chinntí agus chun a chinntiú go bhfuil an infheistíocht comhréireach leis an bhfadhb a dtabharfar aghaidh uirthi. Taispeánann Pláta 2.8 na ceithre shraith san ordlatas seo, a fhéachann lena chinntiú go mbaintear an úsáid is mó amach leis an tsócmhainn atá ann cheana féin sula dtógfar bonneagar iompair nua.



Pláta 2.8 Ordlatas Idirghabhála NIFTI

Go hachomair, sainaithnítear i dTosaíochtaí Infheistíochta NIFTI na cineálacha infheistíochtaí atá le déanamh agus cinnfear leis na hOrdlatas Modhanna agus Idirghabhála atá bunaithe ar phrionsabail an réiteach cuí ar fhadhb nó ar dheis ar leith.

2.3.6 Bóithre Náisiúnta (2040).

Is ionstraim bheartais bhreise é Bóithre Náisiúnta 2040 (NR2040)¹⁰ a glacadh ó foilsíodh TMTT 2018. Is é NR2040 straitéis Bhonneagar Iompair Éireann ("BIÉ") chun cur ar chumas Thionscadal Éireann 2040 freagairt don bheartas náisiúnta atá ag athrú agus chun ailíniú leis an gCreat Náisiúnta Infheistíochta don Iompar in Éirinn (NIFTI) de chuid na Roinne Iompair, a phléitear thuas.

Leagtar amach in NR2040 fis don "ghréasán Bóithre Náisiúnta a bheith ina chóras iompair inbhuanaithe atá ag athrú agus atá dírithe ar shábháilteacht, nuálaíocht, inrochtaineacht agus soghluaisteacht daoine, earraí agus seirbhísí". Aithnítear sa straitéis na saincheisteanna straitéiseacha fadtéarmacha do bhóithre náisiúnta, lena n-áirítear rannchuidiú leis an earnáil iompair sprioc aeráide na tíre a bhaint amach, laghdú 51% ar astaíochtaí GCT faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéil 2018).

Chun an sprioc sin a bhaint amach, leagann NR2040 béim ar a thábhachtaí atá sé bearta taistil ghníomhaigh a éascú in éineacht le bonneagar bóithre nua:

"Cé go bhfuil ról teoranta ag TII maidir le hathrú iompraíochta, tá ról tábhachtach ag soláthar bonneagair ilmhódaigh ar ardchaighdeán maidir le haistriú módach a chumasú agus a spreagadh chun tacú le laghdú ar astaíochtaí carbóin".

¹⁰ Bonneagar Iompair Éireann, 2023. Bóithre Náisiúnta 2040. Ar fáil ag: https://www.tii.ie/news/press-releases/nr2040-final_report/

I gceantair uirbeacha, tá sé ríthábhachtach plódú a chomhrac, go háirithe trí rogha inmharthana eile a thabhairt d'úsáideoirí bóithre ar an bhfeithicil phríobháideach i gcomhthéacs turais níos giorra, iad siúd atá níos lú ná 15 nóiméad de ghnáth.

Bunaítear sa straitéis bearta maolaithe a thugann aghaidh ar na saincheisteanna a sainaithníodh a dhéantar a mhionsaothrú trí thosaíochtaí infheistíochta TII agus trí chineálacha idirghabhála gaolmhara TII sna blianta amach romhainn i gcomhréir le NIFTI mar a chuirtear i láthair i bPláta 2.9.

Intervention	Description	Example
Priority of public transport, walking, cycling and goods	Enable a sustainable transport system through coordination with partner organisations. Reduce the reliance on private vehicles by coordinating access and priority on National Roads for public transport, goods vehicles, walking and cycling.	» National Cycling Network active mode collaboration and interchange » Building pedestrian and cycle bridges to reduce severance
New transport and road technologies	Integrate new road technologies and provide for vehicle innovation. Incentivise and promote quicker, easier and lower-carbon travel alternatives to fossil-fuelled vehicles.	» Smart motorways » C-ITS » Modern asset management systems
Demand management	Prioritise and incentivise use of the network. Restrict use of the network by time, location, trip purpose, vehicle type or other criteria necessary to balance the needs of the community, environment and economy.	» HOV, bus and cycle lanes » Ramp metering » Tolling
Resilience and capacity via local reconstruction	Improve resilience or capacity through localised reconstruction, notably on National Secondary Roads	» Junction improvements » Short road segment improvements
Road construction	Where no feasible alternative exists to serve the required function, deliver new road infrastructure with sustainable procurement and circular economy practices.	» Town Bypasses » Build new to reduce net carbon » Build better (new multi-modal links)

Pláta 2.9 NR2040 Cineálacha agus Samplaí Idirghabhála Bóithre Náisiúnta

Maidir le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe, cumasaítear feabhsuithe ar gach modh taistil, siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí, a thagann le cuspóirí NR2040 trí iarracht a dhéanamh brú tráchta a laghdú ar fud chonair an N6 atá beartaithe, rud a chruthaíonn rogha níos fearr modhanna do dhaoine. Sa sliocht seo a leanas ag mír 10.3.27 de Thuarascáil Chigirí an Bhoird Pleanála (ABP-302885-18 agus ABP-302848-18, leathanach 88), aithnítear an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an N6 GCRR atá beartaithe do sheachadadh na mbeart agus an bhonneagair iompair inbhuanaithe i Straitéis Iompair na Gaillimhe.

10.3.27 Táim sásta go bhfuil tacaíocht bheartais ann do chuarbhóthar timpeall na Gaillimhe ag an leibhéal Eorpach, an leibhéal náisiúnta, agus ag an leibhéal réigiúnach chomh maith. Meastar go bhfuil an bóthar riachtanach chun rath Straitéis Iompair na Gaillimhe a chumasú agus nach mbeifear in ann aidhmeanna agus cuspóirí na Straitéise a bhaint amach gan an bóthar. Aithnítear cuarbhothar nua mar thionscadal bonneagair atá le déanamh sa ghearrthéarma go méántearma. Mar fhocal scoir, luaitear go bhfuil sé riachtanach chun an tsraith iomlán tionscadal a shainaithnítear mar chuid den Straitéis ag an leibhéal contae agus an leibhéal cathrach a chur i bhfeidhm, agus tugtar aghaidh orthu níos faide thíos.

Is tosaíocht eile de chuid NR2040 í sábháilteacht ar bhóithre toisc go leagann sí béim ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar an ngá atá le bóithre nua agus bóithre atá ann cheana a dhearadh agus a uasghrádú go dtí an leibhéal is airde sábháilteachta chun gníomhaíochtaí i Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 a chur i gcrích i dtreo sprioc fhadtéarmach Fís Nialais faoi 2050.

‘Cuireann cor chun donais i modhanna taistil ghníomhaigh agus go háirithe sa rothaíocht, le haghaidh comaitéireachta agus fóillíochta araon, béim ar an ngá atá le béim níos mó a chur ar thosaíocht a thabhairt do shábháilteacht úsáideoirí soghonta bóithre. Is breithniú tábhachtach é soláthar rothaíochta agus siúil níos fearr d’infheistíocht i ngréasán na mBóithre Náisiúnta agus tá tosaíocht a thabhairt d’úsáideoirí soghonta bóithre ag teacht leis an ordlathas módach atá leagtha amach in NIFTI. Airítear le sainchúram reachtúil BIÉ líonra Bóithre Náisiúnta atá sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar. Ní mór don sprioc fhadtéarmach Fís Nialais agus cur chuige na gCóras Sábháilte bonn eolais a chur faoi chinntí infheistíochta TII.’

Fíoraítear leis an N6 GCRR atá beartaithe na spriocanna sábháilteachta bóthair thuas trí iarracht a dhéanamh uasghrádú agus feabhsú a dhéanamh ar an mbóthar atá ann cheana féin a bhfuil fadhbanna suntasacha sábháilteachta aige. Tugtar leis an N6 GCRR atá beartaithe aghaidh ar fhadhbanna sábháilteachta ar an ngréasán bóithre náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil atá ann cheana mar seo a leanas:

- Soláthraíonn sé bonneagar nua ardchaighdeán le leithscaradh na dtreoracha taistil, rud a fheabhsaíonn sábháilteacht trí líon ard tráchta a aistriú chuig na bóithre níos sábháilte agus ar an dara dul síos trí laghdú a dhéanamh ar an achar a thaistealaítear ar bhóithre atá ann cheana nach bhfuil chomh sábháilte
- Cumasaítear leithscaradh modhanna mar thoirmeasc ar choisithe agus rothaithe a úsáid thar an gcuid mótarbhealaigh ina bhfuil an méid tráchta is airde ar an mbonneagar nua, agus ag an am céanna spás bóthair a athdháileadh ar thosaíocht bus agus ar mhodhanna gníomhacha sa lárionad uirbeach
- Nasctar é le bóithre náisiúnta trí aomhail, a uasmhéadaíonn gluaiseachtaí tras-chathrach go dtí an bonneagar nua agus laghdaítear an brú tráchta i lár na cathrach dá réir
- Laghdaíonn sé brú tráchta ag aomhail atá ann cheana féin ar an N6 atá beartaithe, as a dtiocfaidh rátaí imbhualtí níos ísle agus a fheabhsóidh dálaí d’úsáideoirí soghonta bóithre

Cuideoidh seachadadh an bhonneagair iompair bheartaithe le feabhsuithe sábháilteachta ar bhóithre a bhfuil tuairisc orthu thuas le rochtain a sholáthar ar chórais iompair atá sábháilte, inacmhainne, inrochtana agus inbhuanaithe i gCathair na Gaillimhe agus sa Limistéar Cathrach níos leithne i gcomhréir le Sprioc Dhomhanda 11 na Náisiún Aontaithe.

2.3.7 Clár an Rialtais 2020

Foilsíodh Clár an Rialtais 2020¹¹ an 29 Deireadh Fómhair agus tá sé ábhartha don N6 GCRR atá beartaithe toisc go leagtar amach ann sraith gealltanais a bhaineann le bonneagar iompair a chothabháil agus a fheabhsú chun nascacht agus inrochtaineacht réigiúnach a fheabhsú, chun iompar poiblí a fheabhsú agus chun feabhsuithe sábháilteachta a mhaoiniú. Tá an N6 GCRR atá beartaithe ag teacht leis an gClár freisin a mhéid is gné rithabhachtach é den bhonneagar iompair is gá chun dlúthfhorbairt uirbeach inbhuanaithe a sholáthar i gceann de na cúig chathair atá dírithe ar fhás.

2.3.8 Dréacht-Chlár an Rialtais 2025

Foilsíodh Dréachtchlár Rialtais 2025 i mí Eanáir 2025, ina leagtar amach tiomantas an Rialtais geilleagar seasmhach láidir a sholáthar, agus tithe ar ardchaighdeán, seirbhísí poiblí inrochtana agus an bonneagar a theastaíonn chun sochaí atá ag fáas a chothú a chur ar fáil. Athdhearbhaíonn an Clár príomhaidhm straitéiseach atá i dTionscadal Éireann 2040, arb é atá ann na réigiúin a fhás trí fhás cothrom daonra 50:50 idir réigiún an Oirthir agus réigiún Lár tíre agus réigiúin chomhcheangailte an Deiscirt agus an Tuaiscirt agus an Iarthair.

¹¹ Roinn an Taoisigh, 2020. Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí le Chéile. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/4fdf6-clar-an-rialtais-ar-dtodhchai-le-cheile/>

Aithnítear sa Chlár gur spreagadh é bonneagar riachtanach a sholáthar chun infheistíocht a mhealladh agus a choinneáil in Éirinn, an geilleagar a fhás, forbairt réigiúnach a chothú, spriocanna tithíochta a bhaint amach agus spriocanna uailmhianacha aeráide a bhaint amach. Is tosaíocht don Rialtas seo é bonneagar riachtanach a sheachadadh go fadtéarmach agus dearbhaíonn an Clár go ndéanfaidh an Rialtas infheistíocht i ngach tionscadal bóthair sa Phlean Forbartha Náisiúnta reatha agus go mbreithneoidh sé tionscadail bhóithre thábhachtacha bhreise san athbhreithniú ar an PFN a bheidh le cur i gcrích i mí Iúil 2025.

Tá an N6 GCRR atá beartaithe ag teacht leis an dréachtchlár toisc gur cuid rithábhachtach é den bhonneagar a theastaíonn chun an réigiún a fhás, nascacht réigiúnach agus inrochtaineacht a fheabhsú don réigiún, agus chun dlúthfhás uirbeach inbhuanaithe a sholáthar i Limistéar Cathrach na Gaillimhe i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála.

2.3.9 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024

Tacaíonn an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 le Tionscadal Éireann 2040, ina leagtar amach na hinfeistíochtaí atá le déanamh chun fás daonra a spreagadh ar bhealach dlúth, nasctha agus inbhuanaithe. Chomhaontaigh an Rialtas an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (CAP24) an 20 Nollaig 2023 agus, tar éis Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí, agus comhairliúchán poiblí sé seachtaine a chur i gcrích, cheadaigh an Rialtas an leagan críochnaithe de CAP24 an 21 Bealtaine 2024.

Is é CAP24 an tríú nuashonrú bliantúil ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 agus is é an dara nuashonrú reachtúil é ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ó ritheadh an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. Tá CAP24 ag teacht le buiséid charbóin atá ceangailteach ó thaobh dlí agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála a cheadaigh agus a chomhaontaigh an Rialtas faoi seach in 2022.

Tá sé mar aidhm ag CAP24 an bhearna astaíochtaí a dhúnadh agus an treochlár a chur ar fáil chun uailmhianta na hÉireann maidir le gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach. Chun é sin a dhéanamh, áfach, chomh maith le dlús a chur le cur i bhfeidhm iomlán na mbeart atá ann cheana faoi Phleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide roimhe seo, ní mór d'Éirinn na gníomhartha agus na beartais a leagtar amach in CAP24 a chur chun feidhme go tapa agus go hiomlán ar fud na n-earnálacha seo a leanas.

- Leictreachas
- Tionscal
- Foirgnimh
- Iompar
- Talmhaíocht
- Úsáid Talún
- Geilleagar Ciorclach
- An Earnáil Phoiblí

Léirítear an dúshlán a bhaineann leis an earnáil iompair sa mhéid is gur tháinig méadú 6% ar astaíochtaí thar leibhéil 2021 in 2022, de réir mar a lean an geilleagar agus an t-éileamh ar iompar ag teacht ar ais tar éis deireadh a chur le srianta sláinte poiblí agus filleadh ar ghnáthleibhéil gníomhaíochta iompair.

Gan athruithe suntasacha ar phatrúin taistil, ar sciar na modhanna, agus ar theicneolaíocht, laghdófar le fás ar ghníomhaíocht agus éileamh iompair reatha ár n-iomaíochas náisiúnta, ár gcaighdeán maireachtála, agus an dóchúlacht go mbainfear amach spriocanna dícharbónaithe.

Leanann CAP24 le príomhtháscairí feidhmíochta 2030 in CAP23 agus iarrann sé go ndéanfaí laghdú suntasach ar astaíochtaí iompair faoi 2030 trí shraith gníomhaíochtaí lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Athraigh an chaoi a n-úsáidtear spás bóthair (i.e. spás bóthair a athdháileadh ar mhodhanna inbhuanaithe)
- Laghdú 20% ar líon iomlán na gciliméadar feithicle a thaistealaítear i ngluaisteán

- Siúl, rothaíocht agus iompar poiblí le bheith ina 50% dár dturais
- Méadú 130% ar thurais laethúla iompair phoiblí
- laghdú 25% ar thurais laethúla i ngluaisteán
- Tacaíocht do sciar 30% d'Fheithiclí Leictreacha de chlárú gluaisteán nua
- Na líonraí siúil agus rothaíochta a mhéadú

Tá iompar dírithe in CAP24 mar earnáil a n-éilítear uirthi astaíochtaí a laghdú 50 faoin gcéad faoi 2030. Tacaíonn CAP24 le beartais chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a dtaistealaíonn an tsochaí agus aithníonn sé bearta agus gníomhartha sonracha chun tacú leis an tsamhail **Seachain-Athraigh-Feabhsaigh**. Is éard atá i gceist leis an gcur chuige sin an gá atá le taisteal a sheachaint nó a laghdú trí dhlúthfhás, trí dhlúthú agus trí phleanáil fheabhsaithe spásúil agus iompair agus aistriú chuig taisteal inbhuanaithe lena n-áirítear modhanna gníomhacha agus iompar poiblí i gcás ina bhfuil gá fós le taisteal. Is é an tríú gné den tsamhail éifeachtúlacht fuinnimh feithicil a fheabhsú trí dhlús a chur le leictirí an iompair de bhóthar trí úsáid a bhaint as feithicilí leictreacha agus astaíochtaí ísle agus trí na rátaí méadaitheacha de chumaisc bithbhreosla.

Déantar moltaí na Comhairle Comhairlí um Athrú Aeráide (CCAC) don earnáil iompair a mheas in CAP24 agus tugtar aghaidh orthu sna bearta a leagtar amach i gCuid 15.2 de CAP24. Baineann moltaí uimhreacha 1, 2, 4 agus 7 le hábhar.

Tá Iarscríbhinn Gníomhartha ag gabháil le CAP24, lena n-áirítear Gníomh Uimh. TR/24/9(TF) chun clár leanúnach athbhreithnithe, nuashonraithe, breithmheasa agus pleanála seirbhísí a chur i gcrích de réir Straitéis Iompair limistéir Cathrach (MATS) do gach cathair de réir timthriall sé bliana.

Tacaíonn an N6 GCRR atá beartaithe le prionsabail an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide sa mhéid is gur cuid rithabhachtach é den bhonneagar iompair straitéiseach riachtanach a theastaíonn le hacmhainn chun freastal ar riachtanais tráchta Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird, rud a laghdaíonn scogaill agus plódú laistigh den chathair fiú agus aon mhéadú ar thrácht a ghintear de bharr na forbartha á thabhairt san áireamh. Mar a admhaítear in alt 10.6.17 de Thuarascáil Chigire an Bhoird Pleanála [ABP-302885-18 & ABP-302848-18], tacóidh an N6 GCRR atá beartaithe leis na bearta SIG atá i bhfeidhm le seirbhís iompair phoiblí níos éifeachtúla a sholáthar i gCathair na Gaillimhe agus sna bruachbhailte:

Mar fhocal scoir, tá mé den tuairim gur thug an t-iarratasóir aghaidh iomlán ar roghanna eile ar bhóthar go sásúil agus aontaím leis an iarratasóir go bhfuil gá le réiteach bóthair agus nach gcuirtear bac ar mhodhanna malartacha eile agus go deimhin go dtacófar leo trí bhóthar a sholáthar ar an leath thuaidh den chathair agus den cheantar máguaird. Aontaím leis an iarratasóir go gcaithfidh an réiteach iompair dul i ngleic le cumas an ghréasáin bóthair reatha chun tacú le rogha iompair phoiblí éifeachtach a sholáthar.

Is rud dearfach é gach aistriú modha a dhéantar, is cuma cé chomh beag is atá siad, ón bhfeithicil sastaíochtaí. Dá bhrí sin, éascaíonn an N6 GCRR atá beartaithe cur i bhfeidhm Straitéis Iompair na Gaillimhe agus tacaíonn sé le prionsabail an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

2.3.10 An Beartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe 2022 agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe (2022-2025)

In ionad *Taisteal Níos Cliste – Todhchaí Iompair Inbhuanaithe 2009-2020* agus an *Chreata Beartais Náisiúnta Rothaíochta*, a chuir taisteal inbhuanaithe agus modhanna gníomhacha chun cinn, tháinig beartas náisiúnta na Roinne Iompair maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe a foilsíodh i mí Aibreáin 2022.

Is é is aidhm don Bheartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe creat beartais a fhorbairt, a thacaíonn níos fearr le gníomhú ar son na haeráide agus le soghluaisteacht inbhuanaithe agus lena nglactar cur chuige níos dírithe ar dhaoine i ngach gné den Bheartas maidir le Taisteal Gníomhach agus Iompar Poiblí chun an fhís seo a leanas a bhaint amach:



To connect people and places with sustainable mobility that is safe, green, accessible and efficient.

Pláta 2.10 Fís an Bheartais Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe

Léiríonn Pláta 2.11 an t-ordlathas beartais don Bheartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe. In éineacht leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, tá an creat beartais seo ag teacht leis an NPF, atá ag aistriú móiminteam an bheartais iompair chun tacú le soghluaisteacht inbhuanaithe agus a thacaíonn leis na Cuspóirí Straitéiseacha Náisiúnta, go háirithe na Cuspóirí Straitéiseacha i ndáil le dícharbónú, dlúthfhás agus forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom. Tá sé mar aidhm ag an gcomhthéacs beartais seo úsáid talún agus pleanáil iompair chomhtháite níos fearr a chinntiú ar gach leibhéal.



Pláta 2.11 Ordathas Beartais agus Beartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe (Beartas NSM Ich.60)

Leagtar amach sa bheartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe creat straitéiseach don taisteal gníomhach agus don iompar poiblí go dtí 2030 chun tacú le tiomantas na hÉireann laghdú 51 faoin gcéad ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach faoi 2030. Tá an N6 GCRR atá beartaithe, mar aon le feidhmiú céimneach na mbeart bonneagair iompair sa SIG, ag teacht leis an mbeartas soghluaisteachta inbhuanaithe náisiúnta agus leis na gníomhaíochtaí seo a leanas faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide:

- Déantar spás bóthair a athdháileadh laistigh de lár na cathrach chun soláthar a dhéanamh do mhodhanna inbhuanaithe
- Éascaíonn sé méadú ar thurais taistil ghníomhaigh laethúla (siúl, rothaíocht agus iompar poiblí)
- Éascaíonn sé méadú ar na gréasáin siúil agus rothaíochta

Cuideoidh na gnéithe sin den N6 GCRR atá beartaithe le hiompar cuimsitheach, sábháilte, athléimneach agus inbhuanaithe a sholáthar i gcomhréir le Spriocanna Domhanda 9 agus 11 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe.

Tá an Beartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaitheachta bunaithe ar thrí chroíphrionsabal mar seo a leanas:

(1) Soghluaisteacht Shábháilte agus Ghlas, ina leagtar amach sraith uaillmhianach chuimsitheach gníomhaíochtaí chun an t-iompar poiblí a dhícharbónú

(2) **Soghluaisteacht atá Dírithe ar Dhaoine**, lena lorgaítear bealaí chun roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe a dhéanamh inrochtana do gach duine, go háirithe daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe

(3) **Soghluaisteacht Chomhtháite Níos Fearr**, lena scrúdaítear iompar inbhuanaithe comhtháite feabhsaithe agus pleanáil talamhúsáide chomh maith le réitigh chliste iompair a scrúdú

Tacaíonn na deich sprioc leis na prionsabail seo mar atá leagtha amach i bPláta 2.12.

Principles and Goals	
PRINCIPLES	GOALS
Safe and Green Mobility	1. Improve mobility safety.
	2. Decarbonise public transport.
	3. Expand availability of sustainable mobility in metropolitan areas.
	4. Expand availability of sustainable mobility in regional and rural areas.
	5. Encourage people to choose sustainable mobility over the private car.
People Focused Mobility	6. Take a whole of journey approach to mobility, promoting inclusive access for all.
	7. Design infrastructure according to Universal Design Principles and the Hierarchy of Road Users model.
	8. Promote sustainable mobility through research and citizen engagement.
Better Integrated Mobility	9. Better integrate land use and transport planning at all levels.
	10. Promote smart and integrated mobility through innovative technologies and development of appropriate regulation.

Pláta 2.12 Spriocanna Beartais Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe

Tá na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Beartas um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe 2022-2025 mar bhonn agus mar thaca ag an gcreat Beartais Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe, ina saináithnítear croíghníomhaíochtaí sonracha agus gníomhaíochtaí comhlántacha atá bunaithe ar na deich sprioc bheartais. Tá an N6 GCRR atá beartaithe ag teacht le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sonracha seo a leanas faoi Spriocanna 1, 3, 5 agus 9 sa Phlean Gníomhaíochta um Beartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe mar seo a leanas:

Sprioc 1: Sábháilteacht soghluaisteachta a fheabhsú

Gníomhaíocht 4. Leanúint den bhonneagar bóithre a chosaint agus a athnuachan do gach úsáideoir bóthair, lena n-áirítear úsáideoirí soghluaisteachta inbhuanaithe.

Éascaíonn an N6 GCRR atá beartaithe ath-leithdháileadh an spáis bóthair atá ann cheana i gCathair na Gaillimhe chun bearta soghluaisteachta inbhuanaithe, taisteal gníomhach agus iompar poiblí a sholáthar.

Sprioc 3: Infhaighteacht na soghluaisteachta inbhuanaithe i gceantair chathrach a leathnú

Gníomhaíocht 17. Pleananna feabhsúcháin do choisithe a fhorbairt do na cúig cheantar cathrach.

Gníomhaíocht 18. Oibriú scéimeanna roinnte rothar (lena n-áirítear rothair leictreacha) a leathnú i gcathracha.

Cuidíonn an N6 GCRR atá beartaithe le brú tráchta a bhaint de lár na cathrach agus tacaíonn sé le tionscadail bhonneagair choisithe agus rothaíochta a sholáthar i gcomhréir leis an SIG agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar na modhanna sin laistigh de Limistéar Cathrach na Gaillimhe.

Gníomhaíocht 22. Tús a chur le seachadadh athdhearadh líonra BusConnects sna cúig chathair.

I mí na Nollag 2023, chuir an tÚdarás dearadh líonra bus nua do Ghaillimh i gcrích (a thagann leis an SIG) agus cuirfear an líonra nua i bhfeidhm in 2025/2026. Cumasaíonn an N6 GCRR atá beartaithe amanna turais feabhsaithe feadh na mbealaí bus seo trí phlódú a laghdú.

Gníomhaíocht 23. Tús a chur le seachadadh oibreacha Bonneagair Chonair Bus Lárnach BusConnects sna cúig chathair.

Osclaíodh Droichead na mBradán do Choisithe agus Rothair i mí na Bealtaine 2023. Tá an 'Nasc Traschathrach' á mheas ag an mBord Pleanála faoi láthair, atá mar bhunchloch Straitéis Iompair na Gaillimhe. Cuireadh tús le comhairliúcháin leis an mBord Pleanála ar Scéim Bóthair BusConnects Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir 2024. Dá bhrí sin, tá príomhthionscadail SIG á gcur chun cinn agus cumasaíonn an N6 GCRR atá beartaithe na tionscadail SIG eile sin a sheachadadh ar an mbealach is fearr mar chuid de phacáiste comhtháite beart chun soghluaisteacht inbhuanaithe a sholáthar i nGaillimh i gcomhréir leis an straitéis iompair.

Sprioc 5: Daoine a spreagadh chun soghluaisteacht inbhuanaithe a roghnú seachas an carr príobháideach

Gníomhaíocht 42. An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta a leathnú go Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge chun bonneagar a mheas; iompar taistil; tionchar na siúlóide agus na rothaíochta agus tionscnaimh nua i ngach cathair.

Baintear é seo amach trí fheabhas a chur ar shábháilteacht do gach úsáideoir bóthair a bhfuil áiseanna feabhsaithe siúil agus rothaíochta acu, agus trí thograí a fhorbairt le haghaidh feabhsuithe ar an ngréasán rothaíochta agus ar an iompar poiblí.

Liostaítear sa tábla i gCuid 2.5.1 cuid de na príomhfheabhsuithe ar bhonneagar coisithe agus rothaíochta sa chathair faoin SIG, agus feabhsuithe breise atá beartaithe ar na líonraí siúil agus rothaíochta. Cuideoidh an N6 GCRR atá beartaithe le trácht a bhaint de lár na cathrach agus dá bhrí sin cumasóidh sé seachadadh optamach tionscadal SIG chun feabhas a chur ar na modhanna gníomhacha i nGaillimh.

Sprioc 9: Úsáid talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú ar bhealach níos fearr ar gach leibhéal

Gníomhaíocht 78. Straitéisí iompair limistéar cathrach a sheachadadh sna cathracha.

Tá an t-athbhreithniú ar Straitéis Iompair na Gaillimhe ar siúl. Tá an N6 GCRR atá beartaithe ina chuid rithábhachtach de Straitéis Iompair reatha na Gaillimhe a sholáthraíonn príomhbhonneagar iompair do Limistéar Cathrach na Gaillimhe, lena n-áirítear príomhthionscadail SIG eile a sheachadadh ar an mbealach is fearr is féidir.

Is gá réiteach a fháil ar shaincheisteanna traglaim tráchta i nGaillimh d'fhonn na spriocanna soghluaisteachta inbhuanaithe a bhaint amach. Cuideoidh an N6 GCRR atá beartaithe go mór le deireadh a chur leis an mbrú tráchta i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird. Déantar laghdú ar agaí turais agus méadófar cinnteacht na bhfad turais d'úsáideoirí iompair phoiblí agus feithiclí príobháideacha araon.

Cuideoidh an laghdú ar phlódú a chumasaíonn an N6 GCRR atá beartaithe le príomhghnéithe eile de Straitéis Iompair na Gaillimhe a bhaint amach ar an mbealach is fearr, lena n-áirítear athdháileadh spáis bóthair do choisithe, rothaithe agus iompar poiblí.

Sainaitnítear go bhfuil feabhsuithe ar líonra bus agus seirbhísí bus na Gaillimhe sa Straitéis riachtanach chun freastal ar phatrúin taistil atá ann agus amach anseo i gCathair na Gaillimhe. Cuideoidh athdháileadh spáis bóthair do líonra agus seirbhís bus leathnaithe le seachadadh iompair phoiblí níos fearr sa chathair. Laghdóidh sé sin líon na dturas gearr comaitéireachta i gcarr a éascóidh níos mó turas ar rothar nó modhanna gníomhacha eile atá níos tapúla, níos saoire, níos inbhuanaithe agus a sholáthraíonn tairbhí sláinte. Ina theannta sin, teastaíonn athchothromú ar chomharthaíocht soilse tráchta ag aomhail chun siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a éascú ar bhealach níos fearr.

Tá an N6 GCRR atá beartaithe ina chuid lárnach den SIG foriomlán, a forbraíodh chun seirbhísí inbhuanaithe taistil agus iompair a bhaint amach i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird. Cuideoidh an SIG le haistriú modhanna ó charranna príobháideacha go cineálacha iompair níos inbhuanaithe a sholáthar trí lánáí bus agus bealaí sábháilte tiomnaithe a sholáthar do choisithe agus do rothaithe chun rochtain a fháil ar chríosanna fostaíochta, ionaid oideachais agus ceantair chónaithe, agus plódú i Lár Chathair na Gaillimhe a mhaolú ag an am céanna.

Trí spriocanna 1, 3, 5 & 9 a bhaint amach trí chur chun feidhme iomlán an SIG agus an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Beartas um Shoghluasteacht Inbhuanaithe, cabhrófar le Limistéar Cathrach na Gaillimhe atá níos tarraingtí, níos bríomhaire agus níos rathúla ó thaobh an gheilleagair de a chruthú a mbeidh tairbhí sláinte agus comhshaoil ag baint leis, agus tá gach ceann acu riachtanach le haghaidh taisteal inbhuanaithe amach anseo. Tá an SIG agus an N6 GCRR atá beartaithe ag teacht leis na prionsabail a leagtar amach sa Bheartas Náisiúnta um Shoghluasteacht Inbhuanaithe agus leis an sprioc beartas úsáide talún agus iompair a chomhtháthú ar bhealach níos fearr le teicnící samhaltaithe iompair sofaisticiúla a úsáid chun gach modh féideartha a ghabháil mar aon leis na sonraí anailíseacha is déanaí maidir le gluaiseachtaí daoine le haghaidh oibre, scoileanna, coláistí agus cúram leanaí chun roghanna inmharthana agus tarraingteacha a sholáthar de rogha ar an gcarr príobháideach i nGaillimh.

2.3.11 Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2020 - 2025: Pleananna, Spriocanna, Gealltanais

Foilsíodh an Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2020 - 2025 i mí Eanáir 2020 agus is comharba é ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 a tháinig chun críche ag deireadh 2017.

Cuireann an Treochlár leis an obair a rinneadh roimhe seo agus sainaitnítear raon leathan gníomhaíochtaí agus idirghabhálacha spriocdhírthe chun an cuspóir foriomlán a bhaint amach maidir le líon na ndaoine atá i mbochtaineacht chomhsheasmhach a laghdú agus cuimsiú sóisialta a mhéadú dóibh siúd is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Léirítear é sin ina uailmhian *"An ráta bochtaineachta seasta a laghdú síos go dtí 2% nó níos lú den daonra agus gníomhú le go mbeidh Éire ar cheann de na Stáit is cuimsithí go sóisialta san AE"*.

Cuirtear seacht n-aidhm ardleibhéil, 22 sprioc agus 66 gealltanais uathúil i láthair sa Treochlár. Dírítear sa Treochlár ar chuimsiú sóisialta a fhorbairt le cur chuige uile-Rialtais, ag aithint na n-idirnasca agus na spleáchas ar fud na bpáirtithe leasmhara éagsúla seachas gach Roinn Rialtais ag dul i ngleic leis an mbochtaineacht ina straitéis aonair. Rinneadh athbhreithniú meántearma neamhspleách air ina raibh comhairliúchán poiblí i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun meastóireacht ar thionchar ghealltanais an Treochláir a éascú.

Baineann sé leis an N6 GCRR atá beartaithe sa mhéid is go bhfuil rochtain ar iompar poiblí chun nascadh le seirbhísí ardchaighdeán ar phraghsanna inacmhainne do gach duine mar chuspóir den réiteach iompair do Ghaillimh. Cuirfidh an N6 GCRR atá beartaithe an bonneagar riachtanach ar fáil do thrácht straitéiseach a théann isteach i nGaillimh agus i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Leis sin freisin beifear in ann tionscadail phoiblí eile a chur i gcrích agus éascaíonn sé cur i bhfeidhm éifeachtach Straitéis Iompair na Gaillimhe ina n-áirítear iompar poiblí níos fearr, bearta siúil agus rothaíochta do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird. Tá mionsonraí breise maidir leis sin i gCaibidil 3, An Gá atá leis an Tionscadal.

2.3.12 An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre - Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030

Rinneadh straitéis an Údarais um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) dar teideal *Our Journey towards Vision Zero*: Straitéis Rialtas na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 a fhoilsiú in 2021 agus tar éis TMTT 2018.

Leagtar síos sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre spriocanna atá le baint amach ó thaobh sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn chomh maith le beartais chun na spriocanna sin a bhaint amach. Is é príomhspríoc na straitéise seo:

"Líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar bhóithre na hÉireann a laghdú 50% as seo go ceann 10 mbliana. Ciallaíonn sé sin líon na mbásanna ar bhóithre na hÉireann a laghdú gach bliain ó 144 go 72 nó níos ísle agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú ó 1,259 go 630 nó níos ísle faoi 2030."

Leagtar amach seacht réimse tosaíochta 'Córas Sábháilte' sa Straitéis Fís Nialais a bheidh mar phointí fócais thar thréimhse deich mbliana na Straitéise. Áirítear ar na réimsí tosaíochta sin bóithre sábháilte & taobhanna bóthair, luasanna sábháilte agus modhanna sláintiúla taistil, a fhaigheann tacaíocht go díreach agus go hindíreach ón N6 GCRR atá beartaithe, lena ndéanfar an méid a leanas:

- Soláthraíonn sé bonneagar nua ardchaighdeán le leithscaradh na dtreoracha taistil, rud a fheabhsaíonn sábháilteacht trí líon ard tráchta a aistriú chuig na bóithre níos sábháilte agus ar an dara dul síos trí laghdú a dhéanamh ar an achar a thaistealaítear ar bhóithre atá ann cheana nach bhfuil chomh sábháilte
- Cumasaítear leithscaradh modhanna mar thoirmeasc ar choisithe agus rothaithe a úsáid thar an gcuid mótarbhealaigh ina bhfuil an méid tráchta is airde ar an mbonneagar nua, agus céanna spás bóthair a athdháileadh ar thosaíocht bus agus ar mhodhanna gníomhacha sa lárionad uirbeach
- Nasctar é le bóithre náisiúnta trí aomhail, a uasmhéadaíonn gluaiseachtaí tras-chathrach go dtí an bonneagar nua agus laghdaítear an brú tráchta i lár na cathrach dá réir
- Laghdaíonn sé brú tráchta ag aomhail atá ann cheana féin ar an N6 atá ann cheana, as a dtiocfaidh rátaí imbhualtí níos ísle agus a fheabhsóidh dálaí d'úsáideoirí soghonta bóthair

Tá cuspóirí an N6 GCRR atá beartaithe comhsheasmhach leis na réimsí tosaíochta i Straitéis Nialais Fís RSA agus tá siad ag teacht leo ó bhonn.

2.4 Beartais, Treoir agus Cuspóirí Réigiúnacha

2.4.1 Comhthionóil Réigiúnacha Nua

Tháinig trí Chomhthionól Réigiúnacha nua ar an bhfód an 1 Eanáir 2015, is iad sin Comhthionóil Réigiúnacha an Tuaiscirt agus an Iarthair (a bhaineann le Gaillimh), Lár Tíre agus an Oirthir agus an Deiscirt, ag éirí as achtú an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 agus Putting People First – Plean Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach. Cuimsíodh Gaillimh agus Réigiún an Iarthair i gComhthionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair. Tá na Tionóil Réigiúnacha freagrach as Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíochta (RSESanna) a ullmhú agus clúdaíonn an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair an réimse spéise don Tionscadal seo.

2.4.2 Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair (2020-2032)

Aistrítear Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (NSOanna) sa NPF ina bpleananna réigiúnacha trí na straitéisí spásúla agus eacnamaíochta a ullmhú do gach réigiún. Cuireann na straitéisí réigiúnacha seo, nó RSES, bonn eolais faoi ullmhú na bpleananna forbartha do na húdaráis phleanála áitiúla laistigh den réigiún agus cinntíonn siad go gcomhordaítear na pleananna sin chun ailíniú leis na cuspóirí beartais réigiúnacha agus chun na torthaí straitéiseacha sa NPF a sheachadadh.

Glacadh Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta an Tuaiscirt agus an Iarthair¹² (NWRSES) 2020-2032 an 24 Eanáir 2020. Fís Straitéiseach NWRSES í 'ról tábhachtach a bheith aici in athrú an réigiúin seo chun áit bhríomhar, nasctha, nádúrtha, ionchuimsitheach agus chliste chun oibre agus cónaí inti a chruthú.'

Leagtar béim sa Straitéis ar acmhainneacht Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC) conair eacnamaíoch a chruthú feadh chósta an iarthair chun an réigiún a fhás, nascacht chuig an réigiún agus laistigh de a fheabhsú

¹² STRAITÉIS RÉIGIÚNACH SPÁSÚIL AGUS EACNAMAÍOCHTA 2020-2032 (nwra.ie)

agus geilleagar an réigiúin a neartú. Tá an Fhís in RSES bunaithe ar chúig phríomhaidhm fáis, a chomhdhlúthaítear le straitéis lonnaithe láidir atá dírithe ar dhaoine agus ar áiteanna (Figióir 16 in RSES):

1. Geilleagar agus Fostaíocht – Réigiún Beoga
2. Comhshaol – Réigiún don Dúlra
3. Nascacht – Réigiún Nasctha
4. Cáilíocht Saoil – Réigiún Cuimsitheach
5. Bonneagar – Ár Réigiún a Chumasú

Tugtar aghaidh ar Phríomh-Uaillmhian Fáis 3 i gCaibidil 6 den RSES dar teideal "Nascacht – Réigiún Nasctha." Aithnítear sa chaibidil: *'Féadfaidh buntáistí suntasacha a bheith ann do dhaoine aonair, d'ionaid oibre agus d'ionaid oideachais leis an taisteal inbhuanaithe, ó thaobh na sláinte agus na folláine agus na costais agus an t-am a bhaineann le taisteal. Féadfaidh sé brú tráchtá agus astaíochtaí a laghdú agus leas a bhaint as infheistíocht in iompar inbhuanaithe'.*

Tugann Cuid 6.2 den RSES ar aird na dúshlán a bhaineann le hiompar inbhuanaithe a sholáthar sa Réigiún agus tacaíonn sí le Straitéis Iompair na Gaillimhe sa sliocht seo a leanas.

"Sampla dea-chleachtais de chás ina bhfuil comhtháthú na pleanála iompair, spásúlachta agus eacnamaíoch le baint amach is ea Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG). Ba cheart SIG a úsáid mar theimpléad in áiteanna eile agus, i dtosach, ba cheart cur chuige comhchosúil a ghlacadh mar thosaíocht i Sligeach, i mBaile Átha Luain agus i Leitir Ceanainn (ag cuimsiú Measúnacht Iompair (ilmhódach) fhoriomlán trasteorann le Doire)."

Tugann Straitéis Iompair na Gaillimhe creat ar fáil le haghaidh bonneagar agus seirbhísí iompair a phleanáil agus a sholáthar i Mórcheantar Chathair na Gaillimhe. Soláthraíonn sé creat beartais pleanála i gcomhair iompair freisin áit inar féidir le gníomhaireachtaí eile atá ag gabháil do phleanáil spásiúil agus gheilleagrach, cosaint an chomhshaol, agus soláthar bonneagar eile amhail tithíocht, uisce agus cumhacht, a gcuid tosaíochtaí infheistíochta a ailiú. Tá Straitéis Iompair na Gaillimhe ionchorpraithe sa tsraith reatha Pleananna Forbartha le haghaidh Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe agus áirítear leis infheistíocht shuntasach i mbonneagar fisiceach, agus san iompar poiblí. Is plean comhdhlúthaithe é.

Déantar an SIG a ionchorprú i bpleananna forbartha reachtúla reatha Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Breithnítear an SIG tuilleadh ag Cuid 2.5.1 thíos.

Leagtar amach i gCuid 6.3 den RSES na Tosaíochtaí Infheistíochta Iompair don Réigiún agus luaitear é seo a leanas san uas-cheannlíne.

Tá ról tábhachtach ag mórinfheistíochtaí bonneagair iompair, a shaináithnítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta, maidir le forbairt inbhuanaithe agus chothrom an réigiúin a chumasú thar thréimhse RSES.

Liostaítear sa chuid seo tosaíochtaí infheistíochta iompair faoi roinnt ceannteideal lena n-áirítear an ceannteideal "gréasán bóithre" a phléitear ag leathanaigh 219 go 221, lena n-áirítear RSES. Tá an sliocht seo a leanas ábhartha go háirithe agus tacaíonn sé leis na Cuspóirí Beartais Réigiúnacha maidir le Bóithre Náisiúnta thíos.

Is áisitheoir criticiúil é an líonra bóithre náisiúnta chun córas iompair náisiúnta inbhuanaithe a éascú ar fud an oileáin. Tá roinnt de na bealaí níos straitéisí mar chuid freisin de líonra cuimsitheach TEN-T an AE, a sholáthraíonn nascacht riachtanach chuig réigiúin an AE. Caithfear sócmhainní agus fónais mar sin a bhfuil luach ard ag gabháil leo a chosaint agus caithfear an úsáid a bhaintear astu a fheabhsú don Réigiún agus don tír trí chéile.

Tá gá leis sin chun tacú le hidirghníomhú geilleagrach agus pobail thar raon earnálacha sa réigiún agus lasmuigh de, lena n-áirítear nascacht réigiúnach a sholáthar, dul i ngleic le himeallú, pobail tuaithe a chumhachtú agus naisc saoil a éascú chuig seirbhísí criticiúla ar nós oideachais, cúram sláinte, fostaíochta agus fiontraíochta.

Tá sé rithabhachtach sócmhainní na mbóithre náisiúnta uile a fheabhsú agus a chothabháil agus ní mór éifeachtúlacht, cumas agus sábháilteacht an líonra bóithre náisiúnta atá cheana féin laistigh den réigiún a chothabháil, lena n-áirítear an gá atá leis na naisc straitéiseacha isteach chuig lárcheantair uirbeacha a aithníodh mar phríomhspreagthóirí geilleagracha sa réigiún a chosaint.

Aithnítear feidhm straitéiseach codanna den ghréasán bóithre náisiúnta, lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe, mar chuid de ghréasán cuimsitheach TEN-T sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch. Tá an gréasán bóithre náisiúnta rithabhachtach chun córas iompair inbhuanaithe a éascú agus cuimsíonn an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch Cuspóirí Beartais Réigiúnacha 6.5 agus 6.6 maidir le Bóithre Náisiúnta mar seo a leanas:

RPO 6.5

The capacity and safety of the region's land transport networks will be managed and enhanced to ensure their optimal use, thus giving effect to National Strategic Outcome No.2 and maintaining the strategic capacity and safety of the national roads network including planning for future capacity enhancements.

RPO 6.6

In accordance with National Development Plan investment commitments to bring the following schemes through planning/design/construction, the following projects shall be delivered to an appropriate level of service in the short term and in any case by 2027 having regard to the standard in the NPF of an average inter-urban speed of 90KPH:

- A5 Road Development
- N4 Collooney to Castlebaldwin
- N5 Ballaghaderreen to Scramogue and Turlough to Westport
- N6 Galway City Ring Road
- N56 Dungloe to Glenties and Mountcharles to Inver
- N59 Moycullen Bypass.

Pláta 2.13 Sliocht as RSES (Cuspóirí Beartais Réigiúnacha RPO 6.5 agus RPO 6.6)

Is "tosaíocht infheistíochta iompair" é an N6 GCRR atá beartaithe agus feabhsóidh sé nascacht réigiúnach i gcomhréir le RPO 6.5. Is príomhthionscadal bonneagair iompair é an N6 GCRR atá beartaithe sa Phlean Forbartha Náisiúnta, atá riachtanach chun freastal ar an bhfás daonra agus fostaíochta atá beartaithe amach anseo i Limistéar Cathrach na Gaillimhe.

Leagtar béim i gCuid 3.3 'Comhfhorbairt Áite' in RSES ar an ngá atá le feabhas suntasach a chur ar chomhtháthú na pleanála úsáide talún agus iompair ar fud Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair chun dlúthfhás a sholáthar a bhfreastalaíonn iompar inbhuanaithe air. Ullmhófar pleananna iompair áitiúla don 12 áit uirbeacha ar scála réigiúnach a shainaithnítear in RSES. Tugtar ar aird go bhfuil Straitéis Iompair na Gaillimhe ullmhaithe cheana féin agus go gcuirfear i bhfeidhm í mar chuspóir i bPlean Straitéiseach Limistéar Cathrach na Gaillimhe (MASP).

Is féidir achoimre a dhéanamh ar thrí bhunphrionsabal den straitéis fáis atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040 mar seo a leanas.

- (1) na réigiún a fhorbairt
- (2) réigiún níos láidre a thógáil le hionaid inrochtana scála
- (3) dlúthfhás laistigh de na limistéir fhoirgnithe atá ann cheana

Gabhtar na bunphrionsabail seo ag Tábla 1 de Chuid 3.4 den RSES, ina leagtar amach spriocdhaonraí do na hIonaid Fáis Réigiúnacha lena n-áirítear Limistéar Cathrach Chathair na Gaillimhe agus na Príomhbhailte i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an cur chuige pleanála chun an fás réamh-mheasta ar dhaonra agus ar phoist a éascú de réir an Chreata Náisiúnta Pleanála.

Table 1: Population Projections via the National Planning Framework


National Policy Objective	Northern and Western Region
1. Growing Our Regions	➤ +160,000–180,000 people (1m total) ➤ +115,000 in employment (450,000 total)
2. Building Stronger Regions: Accessible Centres of Scale	➤ Galway City and Suburbs: +40,000–45,000 people (at least 120,000 total) ➤ RSES to set out a strategic development framework for the region, leading with the key role of Sligo in the North-West, Athlone in the Midlands and the Letterkenny-Derry cross-border network
3. Compact, Smart, Sustainable Growth	➤ 50% of new city housing within existing Galway City and suburbs footprint ➤ 30% all new housing elsewhere, within existing urban footprints

Pláta 2.14Sliocht as RSES, Cuid 3.4

2.4.2.1 *Plean Straitéiseach Limistéar Ceannchathartha (MASP) do Chathair agus Limistéar Cathrach na Gaillimhe*

Is í Cathair na Gaillimhe an príomhionad fáis i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair trína hainmniú mar Limistéar Cathrach sa NPF. Cuimsíonn an NWRSES *Plean Straitéiseach Limistéar Ceannchathartha (MASP)* ardleibhéil do Chathair agus Limistéar Cathrach na Gaillimhe. Leagann sé sin amach an treo don Limistéar Cathrach chun dlúthfhás a bhaint amach arb é an chéad NSP den NPF é. Taispeánann Pláta 2.15 thíos teorainneacha MASP agus Chathair na Gaillimhe mar aon leis na príomhlimistéir chónaithe, thionsclaíocha agus athghiniúna laistigh den MASP.

Figure 21: Galway – Residential, Industry, Regeneration



Pláta 2.15 Sliocht as Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch 2020-2032 ón NWRA ina léirítear teorainn Limistéar Cathrach na Gaillimhe agus teorainn Chathair na Gaillimhe agus na príomhlímistéir chónaithe, thionsclaíocha agus athghiniúna

Cuireann an MASP seo creat comhordaithe pleanála straitéisí agus infheistíochta 12 bhliain ar fáil do Chathair na Gaillimhe agus dá purláin chun an Fhís seo a leanas a shaothrú (leathanach 52 NWRSES).

Cuireann an MASP fócas straitéiseach ar fáil ar an gCathair agus ar an gceantar máguaird agus leagtar amach ann an chaoi a mbeartaítear go gcuirfear an NPF i bhfeidhm i gcomhthéacs réigiúnach RSES. An fhís atá ann do Ghailimh ná go mbeidh sí i measc mhórchathracha na hEorpa, agus clú agus cáil uirthi mar gheall ar cháilíocht an tsaoil inti, a stair, a cultúr agus a daoine.

Tá sé beartaithe ag MASP go bhfásfaidh Gaillimh le bheith ina lárionad uirbeach iomaíoch ar fud an domhain agus go gcomhlíonfaidh sí ról rithábhachtach i bhforbairt Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair mar gheall ar a láithreachtaí láidir infheistíochta idirnáisiúnta agus dúchasach. Saináithnítear in MASP príomhearnálacha lena n-áirítear tionscal na teicneolaíochta, turasóireacht, miondíol, gastranómachais, taighde, oideachas agus earnáil na mara a d'fhéadfadh fás eacnamaíoch réigiúnach breise a spreagadh a bhfuil infheistíocht straitéiseach i seirbhísí criticiúla, líonraí bóithre agus bonneagar iompair inbhuanaithe agus an réimse poiblí mar bhonn taca leis.

Faoin gceannteideal "Bonneagar Straitéiseach" ar leathanach 62 den RSES, tá an sliocht seo a leanas:

Is é an cuspóir laistigh de shaolré MASP leanúint ar aghaidh ag feabhsú an ghréasáin bóithre timpeall na cathrach agus go háirithe tacú le seachadadh Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) lena n-áirítear Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR).

Laistigh den Limistéar Cathrach, léirítear comhtháthú úsáide talún agus iompair a chur chun cinn ar fud na bpleananna agus na straitéisí go léir, lena n-áirítear go háirithe Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) ar comhstraitéis 20 bliain de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe í a ullmhaíodh i gcomhar leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Iompair.

Tacaíonn an SIG le deiseanna a laghdóidh brú tráchta agus spleáchas ar charranna trí acmhainn mhéadaithe iompair phoiblí iontaofa agus inbhuanaithe agus rothaíocht agus siúl a chur chun cinn agus a éascú, rud a chuireann laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chun cinn.

Áirítear sa straitéis bainistiú tráchta, tosaíocht a thabhairt do ghluaiseachtaí siúil, rothaíochta agus bus, modhnuithe ar an ngréasán tráchta, bainistiú gníomhaíochtaí páirceála agus feithiclí earraí troma, feabhsuithe ar an réimse poiblí agus úsáid 'soghluaisteacht níos cliste'.

Déantar cur síos ar na príomhchodanna iompair chun an MASP a chur chun feidhme go rathúil faoi shé cheannteideal, eadhon, (1) N6 GCRR; (2) Iompar Bus Poiblí; (3) An Líonra Rothaíochta; (4) Siúl; (5) Páirceáil agus Taisteal; agus (6) Iarnród. Leagtar béim ar ról an N6 GCRR atá beartaithe sa MASP sa sliocht thíos.


Key Transportation Components for MASP

1. N6 GCRR

- The provision of a new N6 Galway City Ring Road (N6 GCRR) represents a key priority for the metropolitan area. This road is classified as part of the TEN-T road network in Ireland functioning in accordance with the European Unions (EU) TEN-T transport policy, which aims to create connectivity between regions, remove bottlenecks that hamper access to markets and promotes a sustainable multimodal network.
- The N6 GCRR will support the economic and social development of the region and improve connectivity and accessibility to the city and areas west of the city. It also will focus on supporting trips that cannot be facilitated by measures such as city-bound, cross-city and cross county movements. This will relieve congestion in the city and, in turn, improve the quality of the city environment and increase opportunities for reallocation of existing road space for sustainable transportation.

Pláta 2.16 Plean Straitéiseach Limistéar Cathrach na Gaillimhe (NWRSES 2020-2032)

Tacaíonn Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 3.6.7 go sainráite le Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) agus Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe a sheachadadh mar phríomhthionscadail bhonneagair iompair atá riachtanach chun freastal ar na héilimh iompair a bhaineann leis an bhfás réamh-mheasta i Limistéar Cathrach na Gaillimhe.



Pláta 2.17 Sliocht as RSES, Cuspóir Beartais Réigiúnach 3.6.7

Is cuid rithábachtach den straitéis fhoriomlán iompair don Limistéar Cathrach é an N6 GCRR atá beartaithe trí thrácht innealta neamhriachtanach a bhaint de lár na cathrach, brú tráchta a laghdú agus spás bóthair a shaoradh do thosaíocht bus, seirbhísí iompair phoiblí feabhsaithe agus modhanna gníomhacha eile a sheachadadh.

Tá MASP na Gaillimhe le fáil in Imleabhar 2 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 agus breithnítear é a thuilleadh i gCuid 2.5.4 thíos.

Aithníonn RSES an tábhacht straitéiseach a bhaineann le Cathair na Gaillimhe a bheith ina cathair nasctha agus ina nasc straitéiseach don réigiún ar fad. Cuireann sé béim ar an bhfíoras go bhfuil folláine shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil Chathair na Gaillimhe agus Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair ag brath ar infheistíocht iompair agus bonneagair chun inrochtaineacht agus nascacht don chontae agus do cheantair lasmuigh de a fheabhsú.

Sainaithnítear in RSES tosaíochtaí infheistíochta iompair de réir na ngealltanas infheistíochta caipitil sa PFN chun roinnt príomhscéimeanna cumasúcháin a thabhairt chun seachadta sa Réigiún faoi 2030 lena n-áirítear Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe.

Tá an N6 GCRR atá beartaithe fós ina chuid lárnach den straitéis iompair chun freastal ar na spriocanna uaillmhianacha fáis do Ghailimh trí dhlúthfhorbairt uirbeach bunaithe ar shoghluaisteacht inbhuanaithe.

2.5 Beartais, Treoir agus Cuspóirí Áitiúla

Tá sé beartaithe an N6 GCRR atá beartaithe a fhorbairt i gcuid de limistéir feidhme dhá údarás áitiúla, i.e., Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar na Pleananna Forbartha don dá údarás pleanála ó cuireadh TMTT 2018 i gcrích don N6 GCRR atá beartaithe.

Is léir go bhfuil Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe araon tiomanta do sheachadadh agus úsáid iompair phoiblí a threisiú chun dlúthfhás a bhaint amach agus chun caighdeán maireachtála na Gaillimhe a fheabhsú trína bpleananna reachtúla i.e., Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 agus Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028. Tacaíonn an dá Phlean Forbartha ar glacadh leo le déanaí leis an N6 GCRR atá beartaithe mar chuid de straitéis fhoriomlán iompair SIG do Ghaillimh agus don cheantar máguaird.

2.5.1 Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) 2016-2036

Leanfaidh Cathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird ag forbairt mar phríomhionad eacnamaíoch ag freastal ar Iarthar na hÉireann, agus dá bhrí sin tá géarghá le dul i ngleic leis na saincheistanna iompair atá os comhair na cathrach agus na limistéir máguaird, agus a bheith mar thaca le fás sa todhchaí trí straitéis fhadtéarmach a bhunú i gcomhair iompair chuig an gcathair, ar fud na cathrach, laistigh de agus timpeall uirthi.

Cé go bhfuil croílár na Gaillimhe insiúlta go dlúth, lasmuigh de lár na cathrach, tháinig fás ar na bruachbhailte mar shraith limistéar cónaithe agus fostaíochta ar dhlús íseal, rud a fhágann go bhfuil carranna príobháideacha á n-úsáid mar phríomh-mhodh taistil thar aon mhodh eile. Dá dhroim sin, tá éifeacht mhór ag na deacrachtaí iompair atáthar a fheiceáil ar fud na cathrach faoi láthair, go háirithe ag buaicthréimhsí taistil, ar chaighdeán saoil na n-áitritheoirí, agus tá tionchar aige freisin ar fheidhmiúlacht eacnamaíoch na cathrach.

D'ullmhaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), Straitéis Iompair na Gaillimhe a bhfuil sé mar aidhm léi dul i ngleic le riachtanais iompair Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird, anois agus sa todhchaí, lena n-áirítear Bearna, Órán Mór, Maigh Cuilinn agus Baile Chláir. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) an comhlacht náisiúnta atá freagrach as iompar poiblí agus tá sé tiomanta go hiomlán do réiteach iompair inbhuanaithe a chur ar fáil do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird.

Is é an cur chuige i Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) feabhsuithe suntasacha a chur ar fáil maidir le taisteal gníomhach agus gréasán iompair phoiblí ar ardchaighdeán a fhorbairt chun tacú le fás pleanáilte na cathrach trí úsáid modhanna iompair inbhuanaithe eile a spreagadh agus gluaiseacht éifeachtúil feithiclí príobháideacha agus lasta a éascú. Cuimsítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) roinnt beart atá cuimsithe faoi fhís fhoriomlán *“chun réigiún cathrach nasctha a chruthú á tiomáint ag soghluaisteacht níos cliste”*.

Tugann SIG aghaidh ar na ceanglais iompair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus leagtar amach ann forléargas ar na gníomhaíochtaí agus na bearta atá beartaithe lena gcur chun feidhme, lena gcumhdaítear gnéithe bonneagair, oibríochtúla agus beartais chun aghaidh a thabhairt ar na neamhéifeachtúlachtaí iompair atá ann faoi láthair. Aithnítear an SIG laistigh den Chreat Náisiúnta Pleanála mar thosaíocht chun an fás daonra 50% atá dírithe ar Limistéar Cathrach na Gaillimhe a bhaint amach faoi 2040 i bhfoirm dlúthfhás uirbeach a dtacaíonn iompar inbhuanaithe leis.

Is é croílár na straitéise ná 'Nasc Traschathrach,' a chuirfidh bealach lárnach sábháilte agus tarraingteach ar fáil trí lár na cathrach atá teoranta d'iompar poiblí, do choisithe, do rothaithe, agus do rochtain áitiúil éigin. Tá an Nasc Traschathrach (atá faoi réir dhúshlán an Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh faoi láthair) á chur chun cinn mar chuid de BusConnects agus cuirfidh sé leis an líonra bus cathrach atá beartaithe a nascann ó oirthear agus iarthar lár na cathrach, agus soláthróidh sé seirbhísí ardmhinicíochta agus deiseanna idir-athraithe laistigh den chathair. Cumasaítear seachadadh optamach an Naisc Traschathrach trí fhorbairt an N6 GCRR atá beartaithe.

Tacaíonn an SIG le 'Líonra Rochtana Lár na Cathrach' sainithe le haghaidh turais ghluaisteáin phríobháideacha agus HGVanna a dteastaíonn rochtain uathu ar lár na cathrach chun brú tráchta a laghdú.

Bainfidh Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe an trácht innealta neamhriachtanach ó lár na cathrach. Is tionscadal bonneagair straitéisigh é Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe a shainaithnítear san NPF, NDP, RSES agus MASP agus is tionscadal rithabhachtach é ann féin sa straitéis iompair. Ina theannta sin agus go suntasach, áfach, cumasófar cur i bhfeidhm tionscadal iompair eile laistigh den SIG leis an N6 GCRR atá beartaithe, chun seirbhís iompair phoiblí éifeachtúil agus iontaofa a sholáthar chun rochtain a sholáthar isteach i lár na cathrach agus tríd, rud a chruthóidh timpeallacht fheabhsaithe le haghaidh siúil agus rothaíochta.

Tógann SIG ar staidéir iompair a rinneadh roimhe seo le haghaidh Réigiún na Gaillimhe, agus leagtar síos léargas ar na gníomhartha agus bearta atá beartaithe le cur i bhfeidhm, a chumhdaíonn gnéithe bonneagair, oibriochta agus beartais (mar ‘Chlár Bainistíochta Iompair Comhtháite’). Tabharfaidh na tograí comhdhlúite seo creat forfheidhmithe soiléir do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird le haghaidh an scór bliain seo amach romhainn agus úsáidfear é chun maoiniú a fháil le tionscadail a sheachadadh ar bhealach céimithe bunaithe ar riachtanais a bhfuil tosaíocht acu. Go bunúsach, beidh SIG mar bhonn taca ag cuspóirí Phleananna Forbartha Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe anois agus sa todhchaí.

Cuimsítear leis na mórchodanna atá beartaithe faoi SIG:

- athruithe ar an líonra tráchta, lena n-áirítear soláthar conair nua Ceangail iompair phoiblí Trasna na Cathrach, agus Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe, agus athdháileadh spáis bóthair chun tús áite a thabhairt do shiúl, rothaíocht, iompar poiblí
- líonra iompair phoiblí áitiúil níos fearr agus seirbhís iompair phoiblí réigiúnach dírithe ar sheirbhís bus ardchaighdeán, fheabhsaithe, chomhtháite
- soláthar Ghlasbhealach Bhearna, Rotharbhealach Chathair na Gaillimhe go hÓrán Mór (cuid de Rotharbhealach na Gaillimhe go Baile Átha Cliath) agus Glasbhealach na Gaillimhe go hUachtar Ard
- raon feabhsuithe breise eile rothaíochta, coisithe agus poiblí, lena n-áirítear roghanna méadaithe le haghaidh rothaíochta i lár na cathrach agus trasna lár na cathrach, áiseanna feabhsaithe do choisithe, tosaíocht a thabhairt do choisithe agus aimsiú agus inléiteacht slí, agus ar an gcaoi sin Lár Chathair na Gaillimhe a athrú ina spás nua ina dtugtar tús áite do shiúlóid, rothaíocht agus iompar poiblí thar thrácht príobháideach carranna
- bearta comhlántacha lena n-áirítear bearta oideachais agus athrú iompraíochta agus infheistíocht leanúnach i Réitigh Iompair Chliste chun éifeachtúlacht, sábháilteacht agus comhordú a mhéadú thar líonraí iompair (Soghluaisteacht Chliste), agus béim bhreise ar úsáid talún agus ar chomhtháthú iompair

Tá seachadadh an N6 GCRR atá beartaithe rithabhachtach do chur i bhfeidhm an SIG chun freastal ar na riachtanais iompair a bheidh ann amach anseo maidir le Cathair na Gaillimhe agus a purláin chathrach a leathnú. Le cur chun feidhme an N6 GCRR atá beartaithe, maolaítear an brú tráchta, rud a chumasaíonn athdháileadh spáis bóthair ar shráideanna na cathrach agus seachadadh roghanna feabhsaithe iompair phoiblí, lena n-áirítear go sonrach BusConnects sa ghearrthearma agus sa mheántearma agus an acmhainneacht sa todhchaí d'iarnród éadrom atá nasctha le fás forbartha ar chonairí sonracha/ar chonaire sonrach. Ina theannta sin, léiríonn na measúnuithe nuashonraithe go bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe mar chuid den SIG comhsheasmhach leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 is déanaí (CAP24).

2.5.1.1 Straitéis Iompair na Gaillimhe – Dul chun cinn go dtí seo

Tá seachadadh an SIG ar siúl agus béim á leagan ar bhonneagar a chur ar fáil chun tacú le siúl, rothaíocht agus iompar poiblí chun freastal ar riachtanais reatha na cathrach. Thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi thionscadail thábhachtacha faoin SIG ó glacadh leis an straitéis in 2016, lena n-áirítear na tionscadail seo a leanas.

Tábla 2.1 Straitéis Iompair na Gaillimhe (2016 go 2036) Stádas an Tionscadail

Tionscadal SIG / Tuairisc ghairid ar na hOibreacha	Stádas an Tionscadail
BusConnects na Gaillimhe – Nasc Traschathrach Tá an tionscadal BusConnects €80,000,000 seo curtha faoi bhráid an Bhoird Pleanála lena fhaomhadh agus le go ndéanfar ceannach éigeantach na dtailte atá riachtanach don scéim a dheimhniú. Lean an tionscadal ar aghaidh trí éisteacht ó bhéal agus d’fhaomh an Bord Pleanála é. Tá dul chun cinn leanúnach á dhéanamh maidir le doiciméid mhionsonraithe dearaidh agus conartha a ullmhú don chéad chéim eile den tionscadal.	ABP, EIAR & CPO Éisteacht ó Bhéal Márta 2024 Faomhadh anBhoird Pleanála tugtha, faoi réir ag agóid athbhreithnithe bhreithiúnaigh Iarratas ABP-HA61.314597 CPO ABP-KA61.314614 Formheasta, Meán Fómhair 2024
BusConnects Scéim Bóithre na Gaillimhe – Baile Átha Cliath Comhairliúcháin Neamh-Reachtúil curtha i gcrích. Tá dul chun cinn déanta ag an tionscadal BusConnects seo tríd an gcéim deartha pleanála agus cuireadh na hiarratais ar cheadú reachtúil agus an CPO i bhFeabhra 2025.	Cuireadh Iarratas ar Cheadú agus ar an CPO chuig an mBord Pleanála ar an 14 Feabhra 2025
Droichead na mBradán do Choisithe agus Rothair Droichead nua do choisithe agus do rothaithe thar Abhainn na Gaillimhe le huasghrádú ar chosáin agus trasrianta nua do choisithe	Oscailte Bealtaine 2023
Lána an Mhuilleora Nasc coisithe/rothaíochta 1.1 km i mbruachbhailte an iarthair a nascann limistéir chónaithe agus taitneamhachtaí. Nascann sé le Lónra Rothaíochta Chathair na Gaillimhe agus tacaíonn sé le rochtain ar an lónra busanna.	Oscailte Meitheamh 2023
Uasghrádú ar Acomhal Mháirtín Cosáin/lánaí rothar do choisithe agus trasrianta sábháilte ionchorpraithe in acomhal nua faoi rialú comharthaí Cuireadh an tionscadal seo i gcrích i mí Mheán Fómhair 2023 agus soláthraíonn sé nascacht fheabhsaithe rothaíochta do choisithe agus iompair phoiblí do thailte LAP na nArdán.	Oscailte 2023
Scéim Taistil Ghníomhaigh Chanáil Eglinton Athdhromchlú 900m de bhealach comhroinnte coisithe/rothaithe, trasrianta séabra nua, agus seastáin pháirceála phoiblí do rothaithe	Curtha i gcrích
Scéim Rothaíochta Bhóthar Dhabhach Uisce Theas Uasghrádú a dhéanamh ar chosáin 1.3km, cosáin rothaíochta 1.1km agus trasrianta a shuiteáil le gathanna acomhal níos doichte chun sábháilteacht a fheabhsú.	Oscailte 2023
Uasghrádú ar Acomhal na gCiarabhánach N6/N84 Uasghrádú ar acomhal suntasach ar an N6 Príomhbhealach Náisiúnta agus ar an N84 Bealach Tánaisteach Náisiúnta i suíomh i lár na cathrach. Tá áiseanna feabhsaithe go mór curtha ar fáil ag an tionscadal do choisithe agus do rothaithe,	Iúil 2021

Tionscadal SIG / Tuairisc ghairid ar na hOibreacha	Stádas an Tionscadail
feabhas tagtha ar shábháilteacht ar bhóithre agus éascóidh sé taisteal inbhuanaithe i gCathair na Gaillimhe.	
Sráid Scoile – Scoil Iognáid, Bóithrín na Sliogán Carrbhealach a chùngú, cosáin choisithe a leathnú, cóireáil ar gheataí scoile, mullaird, marcálacha bóthair agus comharthaíocht agus bearta sábháilteachta lena n-áirítear trasrianta nua	Oscailte 2020/21 Oibreacha feabhsúcháin 2023
Droichead Wolfe Tone II Cosán coisithe starrmhaide taobh leis an droichead atá ann cheana féin	Curtha i gcrích, Lúnasa 2024
Scéim Tosaíochta Bus Bhóthar na Páirce Móire	An dáta críochnaithe lena bhfuil coinne R1 2025
Soláthar Páirceála Rothaíochta/Feabhsúcháin ar Stadanna Bus (ginearálta)	éagsúil
Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar Stiofán	Cuid 8 Formheasta CPO déanta ag Co. Cath. na G. agus curtha faoi bhráid ABP.
Bóthar an Bhaile Bháin agus Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar Pháirc an Chaisleáin	Tosaíodh ar an tógáil i R3 2024 agus tá sé ag dul ar aghaidh ar an suíomh.
Líonra Bus Nua do Ghaillimh (NTA Nollaig 2023)	Rolladh amach 2025/2026
Páirceáil & Taisteal (NTA): Tá roinnt láithreán aitheanta ag an Údarás Náisiúnta Iompair trína oifig tionscadail Páirceáil agus Taisteal agus tá dul chun cinn déanta acu i gcaibidlíocht le húinéirí talún chun tailte a fháil chun Páirceáil agus Taisteal a sholáthar le nascacht iompair phoiblí thiomnaithe ó na láithreáin seo agus ón gcathair agus ó na lárionaid fostaíochta.	Céim réamhphleanála

Liostaítear i dTábla 2.1 stádas raon níos leithne tionscadal bonneagair iompair sa Straitéis. Tá roinnt de na tionscadail sin curtha i gcrích agus tá siad ag feidhmiú ó ullmhaíodh TMTT 2018 don N6 GCRR in 2018. Tá na húdaráis áitiúla tiomanta i gcónaí do chur i bhfeidhm an SIG agus tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le gnéithe móra den straitéis a chur chun cinn le béim ar bhearta inbhuanaithe a sheachadadh amhail rothaíocht, siúl agus iompar poiblí arna maoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus ag an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí faoin PFN.

Tá codanna tábhachtacha den Líonra Rothaíochta curtha i bhfeidhm agus tá rannóga eile ar an láthair nó tá an próiseas ceadaithe reachtúil díobh beagnach críochnaithe. Tá BusConnects na Gaillimhe (i.e., Nasc Traschathrach agus Scéim Bhóthar Bhaile Átha Cliath) ag dul ar aghaidh faoi láthair trí na próisis formheasa. Tá an chéad cheann díreach formheasta ag an mBord Pleanála. Deimhnítear sa tuarascáil stádaís go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le tionscadail SIG a sheachadadh le blianta beaga anuas agus tionscadail eile i dtreo a bheith curtha i gcrích. Le cur i bhfeidhm na dtionscadal iompair seo, lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe, bainfear amach an aidhm fhoriomlán líonra rothaíochta cathrach agus saoráidí do choisithe atá sábháilte comhtháite a sholáthar mar a fhorordaítear sa SIG, ag tabhairt ar aird nach féidir na tionscadail iompair SIG eile sin a sheachadadh go barmhaith ach amháin leis an N6 GCRR atá beartaithe i bhfeidhm.

Maidir leis an Straitéis Iompair fhoriomlán a sheachadadh, scrúdaítear idirspéleachas eilimintí éagsúla den Straitéis agus go háirithe, ról criticiúil an N6 GCRR atá beartaithe maidir le cuspóirí an SIG a bhaint amach sa sliocht thíos ó Chuid 3.6 de Thuarascáil Feidhmiúcháin SIG (2016-2036):

Chun dul i ngleic leis na fadhbanna tráchta atá ann faoi láthair, ní mór tacú le hathrú go modhanna iompair níos inbhuanaithe, agus iad a éascú, nuair is féidir. Chun na rátaí taistil le modhanna inbhuanaithe i gCathair na Gaillimhe a mhéadú, teastóidh feabhas suntasach ar chaighdeán an ghréasáin iompair phoiblí, an ghréasáin do choisithe agus an ghréasáin do rothaithe. Bainfidh sé sin leas as athdháileadh shonraithe spás bóithre ó thrácht ginearálta go modhanna inbhuanaithe.

Mar shampla, chun aistir thraschathrach a chur ar fáil le hiompar poiblí, teastaíonn mórbearta tosaíochta, ar nós lánai bus agus srianadh tráchta, trí lár na cathrach. Cé go dtacóidh sé sin le hathrú ar mhodh taistil, laghdóidh sé acmhainn an ghréasáin tráchta trí chéile. Dá bhrí sin, mura mbíonn idirghabhálacha gréasáin bóithre agus bainistíochta tráchta ann chomh maith, beidh na fadhbanna le plódú tráchta fós ann.

Chun na rátaí taistil le modhanna inbhuanaithe i gCathair na Gaillimhe a mhéadú, teastóidh feabhas suntasach ar chaighdeán an ghréasáin iompair phoiblí, an ghréasáin do choisithe agus an ghréasáin do rothaithe. Is fiú a lua, cé go mbeadh níos mó daoine ag úsáid iompar poiblí sa chathair ach gréasán bus ardmhinicíochta a chur ar fáil i nGaillimh amach anseo (le tosaíocht fheabhsaithe trí lár na cathrach), go mbeadh an brú tráchta ar na mórbealaí trasna na habhann níos measa mar gheall ar thurais a bheith curtha ar mhalairt slí.

Léirítear sa léaráid i bhFíor 3.6 an chomparáid shamhaltaithe idir amanna taistil foriomlána (do gach modh) don ghréasán atá ann faoi láthair, agus do dhá chás le hiompar poiblí feabhsaithe agus le feabhsuithe ó thaobh siúil agus rothaíochta de; is é sin, le cuarbhealach nua tráchta agus gan é. Léiríonn an chomparáid go gcaithfear na gréasáin iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta a fheabhsú agus cuarbhealach nua a chur ar fáil chun plódú taistil a laghdú.

I bhfianaise an drochthionchair láidir atá ag brú tráchta ar chuspóirí na dréachtstraitéise seo a bhaint amach, ní chomhlíonfar na cuspóirí foriomlána don dréacht-Straitéis Iompair mura gcuirtear acmhainn bhreise ar fáil do thrácht. Anuas air sin, ba cheart nach mbeadh an acmhainn bóthair bhreise sin i gcoimhlint leis an ngréasán feabhsaithe iompair inbhuanaithe, ach ba cheart di díriú ar thacú le turais nach féidir leis na bearta beartaithe freastal orthu (i.e. gluaiseachtaí ar imeall na cathrach agus turais ó áit taobh amuigh den chathair go háit taobh amuigh den chathair.) Moltar dá bhrí sin bóthar ceangail nua ó thuaidh den chathair mar chuid den Straitéis Iompair seo chun an acmhainn riachtanach a sheachadadh agus chun tacú le bearta iompair inbhuanaithe a chur ar fáil.

Léirítear i bhFíor 3.6 (leathanach 38 SIG) dá dtagraítear sa sliocht thuas an tábhacht a bhaineann le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe chun an t-am taistil ar na gréasáin iompair a laghdú do gach modh.



Pláta 2.18 Sliocht as Straitéis Iompair na Gaillimhe, Fíor 3.6

Tugann an N6 GCRR atá beartaithe trasbhealach breise ar Abhainn na Gaillimhe, rud a éascaíonn laghdú traglaim ar bhóithre i lár na cathrach, agus bítear in ann spás bóthair a athdháileadh i líonra na cathrach do mhodhanna iompair cairr neamh-phríobháidigh, rud a fheabhsaíonn dá réir sin tarraingteacht modhanna iompair neamh-chairr sa chathair le haghaidh aistir ghearra agus measartha fada. Tá mionsonraí breise maidir leis sin i gCaibidil 3, An Gá atá leis an Tionscadal.

Is gá breithniú a dhéanamh ar ról an N6 GCRR atá beartaithe laistigh de chomhthéacs níos leithne an SIG. Léirítear i gCaibidil 6 den TMTT nuashonraithe seo gur cuid riachtanach den SIG é an N6 GCRR atá beartaithe chun na fadhbanna tráchta agus iompair i gCathair na Gaillimhe a réiteach. Déanfaidh an bóthar an trácht a atreorú amach as an gcathair, rud a laghdóidh brú tráchta agus a fhágfaidh go mbeidh an chathair ina háit níos tarraingtí agus níos sábháilte don siúl nó don rothaíocht. Trí dheireadh a chur leis an trácht, laghdóidh an cuarbhóthar atá beartaithe amanna turais agus feabhsóidh sé iontaofacht an turais don iompar poiblí, rud a chumasóidh laghdú ar phlódú a bhfuil gach ceann acu ina bpríomhaidhmeanna de Straitéis Iompair na Gaillimhe/den Bheartas Náisiúnta um Shoghluasteacht Inbhuanaithe.

Is mórtionscadal bonneagair iompair é an N6 GCRR atá beartaithe a shainaithnítear i measc tionscadal eile laistigh den SIG agus tá sé mar chuid de shraith fhoriomlán beart atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna iompair i nGaillimh. Liostaítear i dTábla 2.1 thuas stádas reatha na dtionscadal éagsúil sa Straitéis a thacóidh leis an straitéis fhoriomlán. Léiríonn an anailís thuas go n-aithnítear an tionscadal i ndoiciméid bheartais ag gach sraith den ordlathas pleanála agus go bhfuil tábhacht leis laistigh den NPF agus de chreat Thionscadal Éireann, a chuireann fás dlúth chun cinn bunaithe ar bhonneagar iompair inbhuanaithe.

Aithnítear tábhacht straitéiseach an N6 GCRR atá beartaithe i gcomhthéacs na gceanglas bonneagair iompair chun freastal ar Ghaillimh atá ag fás ag ailt 10.3.21 go 10.3.23, lena n-áirítear an measúnú pleanála i dTuarascáil na gCigirí (ABP-302885-18 agus ABP-302848-18, leathanach 87).

Baineann Gníomh TR/24/9(TF) in Iarscríbhinn Gníomhartha den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráid 2024¹³ le Straitéisí Iompair an Limistéir Cathrach. Leagtar amach ann gníomh le haghaidh clár athbhreithnithe, nuashonraithe agus breithmheasa ar Straitéisí Iompair an Limistéir Cathrach, lena n-áirítear Straitéis Iompair Limistéir Cathrach na Gaillimhe (GMATS) a fhoilsiú le hamlíne Ráithe 4 2024.

Mar chuid den ghníomh sin, d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair Tuarascáil Staidéir Féidearthachta ar Iarnród Éadrom Idirthuais na Gaillimhe ¹⁴ i mí Dheireadh Fómhair 2024. Rinneadh iniúchadh sa tuarascáil sin ar phríomhcheisteanna agus ar an bhféidearthacht a d'fhéadfadh a bheith ann líne Iarnróid Éadrom a thabhairt isteach i gcathair na Gaillimhe. Bainfear úsáid as torthaí na tuarascála sin chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an GMATS nua, mar aon le moltaí maidir le bearta maidir le taisteal gníomhach, bus, iarnród, bóithre agus bearta bainistíochta éilimh.

I gCaibidil 4 den TMTT nuashonraithe seo, féachtar ar éileamh agus ar thionchar an N6 GCRR atá beartaithe, nuair a chuirtear é le líonra iompair cathrach ina bhfuil líne Iarnróid Éadrom cheana féin. Léiríonn an anailís go bhfreastalaíonn an LRT agus an N6 GCRR atá beartaithe, nuair a sheachadtar iad i gcomhar le bearta bainistíochta éilimh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, ar fheidhmeanna comhlántacha. Freastalaíonn an LRT ar na riachtanais taistil d'áitritheoirí agus d'oibrithe ar fud na cathrach laistigh de theorainn na cathrach, ach cuireann an N6 GCRR atá beartaithe na riachtanais taistil ar fáil do riachtanais straitéiseacha paisinéirí agus lasta níos faide sa chathair agus sa réigiún i gcoitinne. (Déan tagairt do Chaibidil 4 Roghanna malartacha a breithníodh don N6 GCRR atá beartaithe).

Faoi láthair, is í Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) 2016 an straitéis iompair atá glactha faoi láthair do Ghaillimh agus tá a cuid moltaí cuimsithe i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029, dá bhrí sin tá measúnú déanta ar N6 GCRR maidir leis an mbonneagar atá in SIG 2016.

¹³ <https://assets.gov.ie/279556/9f07b7d3-c934-416a-9c4f-177c396f07e9.pdf>

¹⁴ https://www.nationaltransport.ie/wp-content/uploads/2024/10/GMATs-LRT-Feasibility-Study-report-v0.4_Final.pdf

Mar sin féin, soláthraíonn an TMTT nuashonraithe seo measúnú ar an N6 GCRR atá beartaithe i gcomhthéacs na mbearta féideartha a thagann chun cinn chun oibleagáidí CAP24 a chomhlíonadh. Ba iad na bearta bainistithe éilimh a glacadh don mheasúnú na bearta céanna a úsáideadh le linn cleachtadh samhaltaithe a chuidigh le bonn eolais a chur faoi leagan 2023 den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP23)¹⁵ agus den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide2024 ina dhiaidh sin (CAP24). Níl siad tiomanta go fóill ach is iad an tacar beart is oiriúnaí atá ar fáil lena n-úsáid sa mheasúnú ar CAP24. Pléitear é sin go mion i gCaibidil 6 den TMTT nuashonraithe seo.

2.5.2 Comhairle Cathrach na Gaillimhe – Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029

Le Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029, (an “Plean Forbartha Cathrach”), leagtar amach beartais agus cuspóirí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i ndáil le forbairt inbhuanaithe Chathair na Gaillimhe go dtí 2029 chun an fhís seo a leanas a bhaint amach:

The vision for Galway City is to be a successful, sustainable, competitive, regional city that creates prosperity, supports a high quality of life and maintains its distinctive identity and supports a rich cultural experience. A city that is environmentally responsible, mobilised to combat climate change and resilient to challenge. A city that can develop, attract and retain talent and skills and fosters innovation and creativity. An inclusive, diverse city where civic engagement is valued and a shared vision is pursued through good governance and leadership. A city that offers sustainable and quality choices in housing, work, transport and lifestyle opportunities.

Pláta 2.19 Sliocht as Cuid 1.2 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029

Liostaítear i gCuid 1.2 de Phlean Forbartha na Cathrach deich sprioc straitéiseacha a mheasann an Chomhairle Cathrach a bheith riachtanach chun a Fís Straitéiseach d'fhorbairt Chathair na Gaillimhe a sheachadadh le linn thréimhse an phlean, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- *Cur ar chumas na Gaillimhe a bheith ina cathair scála mar atá beartaithe sa NPF agus ina spreagadh réigiúnach forbartha ar féidir léi cur le fás eacnamaíoch trí dheiseanna eacnamaíocha cothroma agus inbhuanaithe a sholáthar don fhorbairt, don nuálaíocht agus don infheistíocht i ngach earnáil fostaíochta agus a cheadaíonn ról na Cathrach agus an Limistéir Chathrach leas a bhaint as na láidreachtaí agus an fhorbairt eacnamaíoch a uasmhéadú do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair ar fad.*
- *Prionsabal na hinbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm agus na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a chomhtháthú, go háirithe nuair a bhaineann siad le húsáidí talún, foirgneamh, uisce, fuinnimh, dramhaíola agus trí mhodhanna iompair inbhuanaithe a spreagadh agus iompar a chomhtháthú le húsáid talún.*
- *Pleanáil úsáide talún agus iompair a chomhtháthú chun na deiseanna le haghaidh taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí a uasmhéadú agus príomhthionscadail iompair a chuimsítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe a chumasú, rud a chuirfidh úsáid ilmhódach, soghluaisteacht chliste agus inrochtaineacht ar fáil do chách.*
- *Cinntiú go n-úsáidtear go héifeachtach agus go hinbhuanaithe gach acmhainn seirbhíse uisce, acmhainní comhshaoil agus bonneagar.*
- *Foirm dhlúth níos uirbí a fhorbairt sa chathair a sholáthraíonn do chomharsanachtaí tarraingteacha, comhtháite a bhféadtar teacht orthu go héasca a dtacaíonn leibhéil iomchuí seirbhísí agus taitneamhachtaí leo.*

Léiríonn comparáid idir na haidhmeanna straitéiseacha sa Phlean Forbartha Cathrach reatha agus an Plean Forbartha roimhe seo an bealach ina bhfuil an Plean Forbartha Cathrach reatha ag iarraidh na Torthaí

¹⁵<https://www.nationaltransport.ie/wp-content/uploads/2023/01/Climate-Action-Plan-Phase-3-Modelling-Exec-Summary-v5.6.pdf>

Straitéiseacha Náisiúnta (na “NSOnna”) i gCreat Pleanála Náisiúnta Thionscadal Éireann 2040 (an “*Creat Pleanála Náisiúnta*” nó “NPF”) a bhaint amach. Díritear ar Ghaillimh d’fhás suntasach sa daonra agus san fhostaíocht le bheith ina lárionad réigiúnach ar scála agus forbairt réigiúnach chothrom a sholáthar faoin NPF.

Is iad an dlúthú agus an dlúthfhás laistigh de lorg foirgnithe na limistéar uirbeach atá ann cheana féin bunaithe ar shoghluaisteacht inbhuanaithe príomhthréithe na straitéise pleanála. Glacann na haidhmeanna straitéiseacha na prionsabail sin agus aithnítear go bhfuil gá le húsáid talún agus iompar a chomhtháthú lena n-áirítear, go háirithe, na tionscadail iompair i Straitéis Iompair na Gaillimhe (lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe) chun soghluaisteacht chliste agus inbhuanaithe a sheachadadh.

Aithnítear Cathair na Gaillimhe mar cheann de na ceithre chathair ainmnithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath sa NPF agus leithdháileadh spriocanna uaillmhianacha fáis daonra uirthi agus tá leath ar a laghad de na tithe nua le seachadadh sa lorg tógtha reatha. Léirítear an bhéim sin ar scála agus patrún lonnaíochta sna cuspóirí sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair 2020-2032 (i.e. an NWRSES) agus Plean Straitéiseach Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe (an “MASP”) a éilíonn go mbeidh an fás seo atá beartaithe dlúth, cliste agus inbhuanaithe.

Aithnítear sa Chroístraitéis comhthéacs spásúil níos leithne an MASP ina saináithnítear Limistéir Fáis Straitéiseacha agus an bonneagar, na seirbhísí agus na háiseanna a theastaíonn le haghaidh fhás inbhuanaithe na cathrach. Pláta 2.20 Léarscáil na Croístraitéise (Fíor 1.6 i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029). Is ábhar suntais é go bhfuil ailíniú an N6 GCRR atá beartaithe, a shíneann ó na hArdáin ó thoir go dtí na bruachbhailte ar an taobh thiar de Chathair na Gaillimhe, marcáilte go soiléir ar Pláta 2.20) a léiríonn feidhm straitéiseach an N6 GCRR atá beartaithe.

Deimhnítear le Cuid 1.8.3 de Phlean Forbartha na Cathrach go bhfaigheann an Chroístraitéis eolas ó Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) a bhfuil sé mar aidhm léi dul i ngleic le riachtanais iompair Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird, anois agus sa todhchaí. Mar sin cuireann SIG taca faoi fhás sa chathair sa todhchaí agus ailíníonn sé fás san fhostaíocht agus sa tithíocht feadh na gconairí iompair atá ann cheana féin agus atá beartaithe agus é de chuspóir láidir aige spleáchas ar charranna a laghdú i bhfabhar iompar poiblí agus modhanna gníomhacha.



Pláta 2.20 Léarscáil na Croístraitéise ó Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029

Tugann Léarscáil na Croístraitéise thuas léiriú amhairc ar na príomhlimistéir lonnaíochta agus an áit ar a bhfuil na bearta iompair dírithe. Pléann Caibidil 4 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe le Soghluaisteacht agus Iompar Inbhuanaithe agus leagtar amach beartais ghinearálta iompair na Comhairle ag Beartas 4.1 lena n-áirítear na beartais seo a leanas maidir leis an SIG agus an N6 GCRR atá beartaithe mar thionscadal tacaíochta riachtanach mar a thaispeántar ar Pláta 2.21.

Policy 4.1 General

1. Develop a compact city, where sustainable land use and transportation are integrated and where there is choice and accessibility to a range of transport modes, with increasing support for a shift to more sustainable modes in line with national aims on climate action and where safety and ease of movement is provided to and within the City and onward to the wider area of the MASP, County Galway and the Northern and Western Region.
2. Align with the National Strategic Outcomes of the NPF and the regional policy objectives of the RSES in the promotion of sustainable patterns of transport and in the support for the delivery of key transport infrastructure that will enable development to take place in accordance with the Core Strategy.
3. Support the implementation of the Galway Transport Strategy (GTS) which will advance the delivery and modal shift to more sustainable modes of transport and also enable planned integration of land use and transport within the city and the greater MASP area in consultation with Galway County Council, NTA and TII and service providers.
4. Support the Galway Transport Strategy (GTS) and the associated implementation programme which will deliver a high quality public transport network, provide and encourage the use of other sustainable modes of transport, and facilitate the efficient movement of private vehicles and freight.
5. Support the Galway Transport Strategy (GTS) and the outcomes of the planned evidenced based review to be carried out in collaboration with Galway County Council, the NTA 'and other stakeholders'. This review will consider all transport modes including the feasibility of a very light rail/light rail option and will not preclude the advancement of the Cross City Link route or the planning of other projects already commenced within the Galway Transportation Strategy to planning consent stage with Galway County Council and the NTA. This review will consider all transport modes including the feasibility of a light rail option and will not preclude the advancement of the Cross City Link route to planning consent stage.
6. Continue to progress a sustainable transport solution for the city through the implementation of measures included in the GTS and required supporting projects in particular the N6 GCRR project.

Pláta 2.21 Beartas 4.1 Ginearálta ó Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029

Leagann Cuid 4.2 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 béim ar a thábhachtaí atá sé úsáid talún agus iompar a ailíniú chun cathracha inbhuanaithe a chruthú agus an ról rithábachtach atá ag SIG chun cuidiú leis na huaillmhianta fáis sa Chroístraitéis a bhaint amach:

“Tacóidh cur i bhfeidhm na mbeart SIG le comhtháthú na tithíochta le hiompar, ag cothú patrún iompair inbhuanaithe. Tá an Chroí-Straitéis bunaithe ar an eolas ón SIG agus foráiltear do chur chuige comhordaithe maidir le hinfheistíocht agus seachadadh bonneagair riachtanach, seirbhísí agus áiseanna pobail.”

I gCaibidil 4, leagtar amach beartais na Comhairle Cathrach i dtaca le hiompar poiblí (Beartas 4.3), soghluaisteacht inbhuanaithe (Beartas 4.4) agus bearta bainistíochta éilimh ar iompar (Beartas 4.5). Leagann an sliocht thíos as Cuid 4.6 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe béim ar an dúshlán bonneagair iompair a bhaineann le nascacht réigiúnach a fheabhsú agus le spriocanna fáis an NPF a bhaint amach. Aithnítear go sainráite i bPlean Forbartha na Cathrach an gá atá leis an N6 GCRR atá beartaithe chun an réiteach iompair comhtháite in SIG agus feidhm straitéiseach níos leithne an N6 GCRR atá beartaithe a sheachadadh go rathúil.

“Soláthraíonn an gréasán bóithre agus mótarbhealaí náisiúnta go háirithe nascacht rithábachtach idir-uirbeach agus idir-réigiúnach, atá rithábachtach chun uaillmhianta fáis an NPF a bhaint amach ionas go mbeidh Gaillimh ina cathair scála agus chun a hathléimneacht eacnamaíoch agus a hiomaíochas a choimeád. Laghdaigh an mótarbhealach M6 amanna taistil ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh go suntasach agus rinne sé an chathair níos inrochtana go náisiúnta agus chuir sé feabhas ar ghluaiseacht go ginearálta, lena n-áirítear an méid a bhaineann le hiompar bus agus feithiclí earraí. Is bóthar náisiúnta thar a bheith tábhachtach é an bealach

seo agus sainaitheann é mar chuid de Ghréasán Cuimsitheach TEN-T an AE atá rithabhachtach chun feidhm straitéiseach na bpríomhchonairí iompair a chothabháil, a fheabhsú agus a chosaint i gcomhréir le tiomantais náisiúnta agus réigiúnacha beartais agus infheistíochta. Le críochnú an mhótarbhealaigh M17/M18 ó Ghort go Tuaim cuireadh le hinrochtaineacht na cathrach agus feabhsaíodh an nascacht straitéiseach laistigh den réigiún agus le cathracha réigiúnacha eile an NPF. Is naisc réigiúnacha thábhachtacha chuig an gcathair agus amach uaidh iad na bóithre náisiúnta N59 agus N84 freisin. Ar an leibhéal áitiúil tá Scéim Feabhsúcháin Chonair Ilmhóduil an N6 beagnach críochnaithe go hiomlán agus tá feabhsuithe déanta aige ar an ngréasán bóithre agus ar bhainistíocht tráchta.

Mar sin féin, tá brú tráchta suntasach fós ann agus tá an chuid is mó de na príomh-acomhail ag feidhmiú thar acmhainne. Ní mór don ghréasán bóithre atá ann faoi láthair freastal ar raon úsáideoirí agus ar thurais éagsúla laistigh den chathair agus fiú le hinfheistíocht i modhanna inbhuanaithe ní fhéadtar aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na fadhbanna. Aithnítear sa NPF agus sa RSES go dteastaíonn infheistíocht i raon bonneagair le haghaidh fhás agus rath eacnamaíoch na cathrach, lena n-áirítear bóithre agus mura seachadtar é sin beidh an brú tráchta reatha níos measa agus beidh tionchar dosheachanta aige ar fheidhm iomlán, rath agus uailmhian na Gaillimhe chun fás go stádas réigiúnach. Feictear go sonrach sa NPF go bhfuil inrochtaineacht agus nascacht fheabhsaithe idir lárionaid ar scála mór, scartha ó Bhaile Átha Cliath, rithabhachtach chun leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún forimeallach agus chun cothroime réigiúnach méadaithe a bhaint amach.

Ní bhíonn sé indéanta i gcónaí freastal ar roinnt turais trasna na cathrach, go háirithe trí thurais ar bhóithre náisiúnta agus réigiúnacha trí mhodhanna eile seachas gluaistéin. Tá éilimh láidre fós ar thurais dá leithéid faoi láthair agus méadóidh siad amach anseo. Cé go n-aistrefar chuig modhanna inbhuanaithe de réir agus a chuirtear an SIG i bhfeidhm trí roinnt beart, tá éifeachtúlacht na modhanna sin i mbaol mar gheall ar an leibhéal suntasach brú tráchta a bheidh fós ar an ngréasán agus ar na príomhbhealaí trasna abhann.

Aithnítear sa SIG an gá atá le réiteach comhtháite iompair lena n-áirítear soláthar do roghanna eile inbhuanaithe agus iontaofa ar thaisteal i gcarr príobháideach agus freisin chun an cuarbhealach straitéiseach a sheachadadh – an N6 GCRR ina gcuimseofar trasbhealach nua abhann. Cé gur féidir roinnt gnéithe de SIG a chur chun feidhme go neamhspleách ar bhóthar den sórt sin a sheachadadh, is gá an cuarbhealach nua seo a sholáthar, ar cuid bhreise straitéiseach shainaitheanta le Gréasán Cuimsitheach TEN-T an Aontais Eorpaigh é, chun go n-éireodh leis an SIG agus go mbainfí méid iomlán na mbeart amach. Ina theannta sin, chun tacú le gluaiseacht éifeachtach laistigh den chathair, leagann an SIG amach bearta bainistíochta tráchta breise atá ag teastáil, lena n-áirítear bóithre agus naisc fheabhsaithe nua agus bainistíocht pháirceála.

Sa Chreat Náisiúnta Pleanála, ag féachaint don réasúnaíocht i ndáil le cuarbhealach straitéiseach, aithnítear soláthar an N6 GCRR mar phríomháisitheoir ar an bhfás amach anseo don chathair. Tugtar tacaíocht bhreise don bhealach seo sa RSES ina sainaitheann an gréasán bóithre go ginearálta mar thosaíocht infheistíochta. Aithnítear go bhfuil gá le feabhas mór a chur ar an inrochtaineacht ó réigiún Thuaisceart agus Iarthar na hÉireann agus idir lárionaid scála atá scartha ó Bhaile Átha Cliath, le fócas ar chathracha agus ar láir dáilte réigiúnacha níos mó agus príomhbhealaí soir go siar agus ón tuaisceart go dtí an deisceart. Feiceann an MASP freisin an gá atá le leanúint le feabhas a chur ar an ngréasán bóithre timpeall na cathrach agus go háirithe le tacú le seachadadh gach beart sa SIG lena n-áirítear an N6 GCRR. ” [Béim curtha isteach]

Leagann an sliocht seo béim ar thábhacht an N6 GCRR atá beartaithe chun na haidhmeanna straitéiseacha i bPlean Forbartha reatha na Cathrach a bhaint amach, lena samhlaítear go bhfásfaidh Gaillimh ina cathair níos inrochtana ar scála mór agus ina spreagthóir forbartha réigiúnach i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair.

Tugtar ar aird i gCuid 2.5.1 go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i seachadadh thionscadail SIG le blianta beaga anuas agus go bhfuil tionscadail eile ag druidim chun críche. Trí chur i bhfeidhm na dtionscadal iompair seo, lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe, baintear amach an aidhm fhoriomlán de ghréasán rothaíochta cathrach sábháilte, comhtháite agus saoráidí coisithe a sheachadadh mar a fhorordaítear

in SIG, ag tabhairt ar aird nach féidir na tionscadail iompair SIG eile seo agus cuspóirí foriomlána na Straitéise Iompair a sheachadadh ar an mbealach is fearr ach amháin leis an N6 GCRR atá beartaithe.

Ina theannta sin, tacaíonn Beartas 4.6 i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe ag Pláta 2.22 thíos go sainráite le tionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe agus an SIG i dtéarmaí an ghréasáin bóithre agus sráideanna.

Policy 4.6 Road and Street Network and Accessibility	
1.	Support the N6 Galway City Ring Road project in conjunction with Galway County Council and Transport Infrastructure Ireland (TII) in order to develop a transportation solution to address the existing congestion on the national and regional road network.
2.	Enhance the delivery of an overall integrated transport solution for the city and environs by supporting the reservation of the designated strategic road corridor to accommodate the N6 GCRR project.
3.	Support the proposals in the Galway Transport Strategy for design interventions, revised traffic management arrangements and priority arrangements for walking, cycling and public transport on the road network.

Pláta 2.22 Sliocht as Beartas 4.6 Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029

I gCuid 4.8 den Phlean Forbartha liostaítear sainchuspóirí forbartha a bhaineann le soghluaisteacht agus iompar inbhuanaithe lena n-áirítear cuspóirí a bhaineann le gnéithe éagsúla de SIG. Baineann cuspóirí inrochtaineachta uimhreacha 23 & 24 an ghréasáin bóithre agus sráideanna 23 & 24 go díreach leis an N6 GCRR atá beartaithe mar a léirítear ar Pláta 2.23. Leagann an dá chuspóir sin béim ar fheidhm straitéiseach an N6 GCRR atá beartaithe agus an trasbhealaigh droichid atá ina n-oibreacha bonneagair iompair rithábachtacha i bPlean Forbartha na Cathrach.

Road and Street Network & Accessibility	
23.	Reserve the route corridor of the N6 Galway City Ring Road (N6 GCRR) project as approved with conditions and modifications by An Bord Pleanála which accommodates the designated strategic road and the associated bridge crossing of the River Corrib.
24.	Give priority to the reservation the N6 GCRR designed strategic road corridor and any associated land requirements over other land uses and objectives in the City Development Plan and prohibit developments within the designed strategic road corridor which could potentially prejudice the development of this strategic road and river crossing.

Pláta 2.23 Sliocht as Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029

Díríonn an anailís thuas ar na haidhmeanna straitéiseacha, ar an gcróistraitéis agus ar na caibidlí iompair i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029. Áirítear iad seo a leanas i bhforálacha eile a leagann béim ar ról an bhonneagair iompair in SIG, lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe maidir le forbairt a éascú de réir bheartais agus chuspóirí Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029.

Tá ról rithábachtach ag iompar i dtaobh torthaí pleanála inbhuanaithe a bhaint amach agus aithnítear tábhacht SIG ina leith sin sa sliocht seo a leanas as Cuid 2.3 de Phlean Forbartha na Cathrach.

Maidir leis an bPlean Forbartha áirítear leis seo glacadh le dlúthbheartais fáis agus athnuachan láithreán athfhorbraíochta atá ar cheann de phríomhphrionsabail na Croí-Straitéise i gcomhar le straitéis iompair a chuireann soghluaisteacht inbhuanaithe chun cinn mar a fhoráiltear dó i Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG). Spreagfaidh sé sin dlúis inbhuanaithe, leathnú ar líonraí siúlóide, rothaíochta agus iompair phoiblí, spreagfar coincheap na comharsanachta agus tacú le bonneagar don aistriú go feithiclí leictreacha agus úsáid bithbhreoslaí.

Chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, ní mór cur chuige comhtháite straitéiseach a leabú sa Phlean Forbartha (Alt 2.4). Liostaítear i dTábla 2.1 na príomhbheartais thrasghearrthacha a chuireann le maolú agus oiriúnú aeráide i ngach caibidil de Phlean Forbartha na Cathrach. Leagtar sa sliocht thíos béim ar an gcaoi a bhfuil gá le húsáid talún agus iompar a chomhtháthú le tacaíocht ó SIG chun fás dlúth a bhaint amach, mar aon le haistriú i dtreo modhanna inbhuanaithe iompair agus laghdú ar astaíochtaí GCT.

4. Sustainable Mobility and Transportation	• Supports the integration of land use and transportation to encourage compact growth, shift to sustainable mobility and reduction in greenhouse gas emissions. • Supports the '15-Minute City' concept to reduce dependence on car use and encourage sustainable mobility. • Supports the delivery of public transport and sustainable mobility projects in the Galway Transport Strategy (GTS) such as Cross City Link, Bus Connects and the National Greenway Network in the city. • Supports the expansion of the EV charging network
---	---

Pláta 2.24 Sliocht as Cuid 2.4 Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara i gCuid 3.5 ‘Comharsanachta Inbhuanaithe: Bruachbhailte Amuigh’.

Cuirfidh saoráidí straitéiseacha breise amhail an N6 GCRR atá beartaithe inrochtaineacht agus nascacht bhreise ar fáil sa cheantar chomh maith le hinfheistíocht aitheanta i mbearta SIG eile chun tacú le hiompar poiblí agus inbhuanaithe.

Leagann Beartas 6.1 amach beartais ghinearálta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i dtaca leis an ngeilleagar, fiontar agus earnálacha miondíola agus áirítear an beartas seo a leanas ann.

15. Support the economic performance of the city and the wider MASP through the implementation of the phased plan of transport measures as provided in the Galway Transport Strategy (GTS) including those relating to public transport, walking, cycling, and the N6 GCRR strategic road project.
--

Pláta 2.25 Sliocht as Beartas 6.1 Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029

I gCuid 11.2 Criosú Úsáide Talún Ginearálta de Chaibidil 11 ‘Cuspóirí Criosaithe um Úsáid Talún agus Caighdeáin agus Treoirínte Forbartha’ de Phlean Forbartha na Cathrach (leathanach 280) luaitear an méid seo a leanas:

“Tabharfar tús áite do chaomhnú chonair bóthair straitéiseach ainmnithe an N6 GCRR agus aon cheanglais talún ghaolmhara thar chríosuithe úsáide talún agus cuspóirí sonracha eile.”

2.5.2.1 Straitéis Spásanna Poiblí 2019

Déantar iniúchadh i Straitéis Spásanna Poiblí Chathair na Gaillimhe ar riocht reatha bhailidhreach na cathrach agus a gréasáin de spásanna poiblí agus glasa agus leagtar amach fis agus straitéis le haghaidh feabhsúchán chun infheistíocht agus forbairt a threorú.

Aithnítear Straitéis Iompair na Gaillimhe mar phríomhghné a spreagfaidh athrú sa Straitéis Spásanna Poiblí. Féachann Straitéis Iompair na Gaillimhe leis an gcothromaíocht a cheartú i bhfabhar coisithe agus rothaithe thar thrácht feithiclí agus tá sé mar aidhm ag an Straitéis Spásanna Poiblí leas a bhaint as sin trí spásanna poiblí ar ardchaighdeán a chruthú.

Luaitear príomhchodanna SIG sa Straitéis Spásanna Poiblí, lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe, Droichead na mBradán do Choisithe agus Rothair a osclaíodh i mí Bealtaine 2023 agus an Nasc Traschathrach a bhfuil iarratas ar cheadú faofa ag an mBord Pleanála ina leith, faoi réir athbhreithniú breithiúnach faoi láthair, agus na himpleachtaí a bhaineann leo do spásanna poiblí na cathrach.

Aithnítear an Nasc Traschathrach, atá mar bhunchloch na straitéise iompair, mar phríomhscéim um spásanna poiblí ar Fhíor 8.14 i bPlean Forbartha na Cathrach. I measc na dtionscadal SIG eile i gCuid 2.5.1 thuas tá nasc coisithe/rothaíochta Lána an Mhuilleora, Scéim Taistil Ghníomhaigh Chanáil Eglinton, Uasghrádú Acomhail Mháirtín agus na gCiarabhánach agus Scéim Rothaíochta Theas Bhóthar Dhabhach Uisce agus

scéimeanna éagsúla coisithe agus rothaíochta laistigh den chathair, agus tá siad uile ag cur feabhas ar na spásanna poiblí de réir a chéile.

Mar a leagtar amach thuas, tá an N6 GCRR atá beartaithe ina bhunchuid de na cuspóirí, agus de na cuspóirí sin a sheachadadh, i Straitéis Iompair na Gaillimhe. Ar an dóigh sin, éascóidh an N6 GCRR atá beartaithe seachadadh príomhghnéithe eile de SIG i dtaca le tosaíocht a thabhairt d’iompar poiblí ar shráideanna na cathrach agus gluaiseachtaí sábháilte coisithe agus rothaithe a chumasaíonn feabhsuithe ar spásanna poiblí ar aon dul leis an Straitéis Spásanna Poiblí.

Tacaíonn Beartas 8.8 i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe le cur i bhfeidhm na Straitéise Spásanna Poiblí agus aithníonn sé na himpleachtaí do spásanna poiblí a eascróidh as tionscadail SIG mar a leanas.

Policy 8.8 Public Realm

1. Progress implementation of the Public Realm Strategy (2019) and accompanying manuals including the delivery of enhancement projects and a typology of streets and public spaces that positively contributes to the city’s environment and heritage.
7. Support measures in the GTS to ensure that qualitative public realm considerations are integrated into GTS projects promoting sustainable transport use and the pedestrianisation of specific city centre streets.

Pláta 2.26 Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe Beartas 8.8

I gCuid 8.10 de Phlean Forbartha na Cathrach liostaítear na cuspóirí sonracha maidir le Spásanna Poiblí lena n-áirítear an méid seo a leanas i dtaca le dearadh uirbeach agus comhfhorbairt áite.

Specific Objectives

Urban Design and Placemaking

8. Support public realm enhancement projects contained in the Public Realm Strategy and accompanying manuals and their integration with GTS projects, environmental improvements and initiatives relating to climate adaption, biodiversity, public art and activities in the public realm.

Pláta 2.27 Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe

2.5.2.2 Cuspóirí straitéiseacha Phlean Forbartha na Cathrach


Tá sé de chuspóir ag Straitéis Iompair fhoriomlán Phlean Forbartha na Cathrach:

- Tacú le comhtháthú na húsáide talún agus an iompair agus é a éascú
- Tacú le Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) agus leis an gclár forfheidhmithe gaolmhar a chuirfidh gréasán iompair poiblí ar ardchaighdeán ar fáil, agus úsáid modhanna iompair inbhuanaithe a spreagadh
- Tacú leis an N6 GCRR atá beartaithe i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus le Bonneagar Iompair Éireann d’fhonn réiteach iompair a fhorbairt chun dul i ngleic leis an tranglam ar an ngréasán bóithre agus an tionchar diúltach atá ag trácht feithiclí ar fheidhmiú agus ar eispéireas lár na cathrach a laghdú agus gluaiseachtaí straitéiseacha i dtreo na cathrach, trasna na cathrach, trasna an chontae agus soir-siar a éascú
- Tacú leis an laghdú in astaíochtaí gás ceaptha teasa trí úsáid talún agus iompar inbhuanaithe a chur chun cinn

Déanann Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 aidhmeanna, cuspóirí, agus straitéisí SIG a chomhtháthú go hiomlán, lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe, ina phríomhbheartais agus ina chuspóirí forbartha.

2.5.2.3 Críosú do Phlean Forbartha Cathrach

Ar mhaithe le measúnú iomlán a dhéanamh ar impleachtaí an N6 GCRR atá beartaithe maidir le críosuithe úsáide talún i bPlean Forbartha na Cathrach, léiríonn Pláta 228 thíos an N6 GCRR atá beartaithe i gcóngarach Ráschúrsa na Gaillimhe forleagtha ar sliocht as Léarscáil Chríosaithe A. Tá an tsaincheist sin thar a bheith ábhartha don fhorbairt atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe (“iarratas pleanála Ráschúrsa na Gaillimhe”), atá mar ábhar iarratais phleanála ar leith, ach atá ina cuid den Tionscadal a scrúdaítear agus á mheasúnaítear sa TMTT nuashonraithe seo.



Pláta 228 Críosú do Phlean Forbartha na Cathrach i gcóngarach Ráschúrsa na Gaillimhe agus an N6 GCRR atá beartaithe forleagtha air

Téann an N6 GCRR atá beartaithe trí thailte lena mbaineann cuspóirí críosaithe éagsúla ar Pláta 228. Má cheadaíonn ABP an N6 GCRR atá beartaithe, agus má leantar ar aghaidh leis an mbóthar a thógáil, beidh ar Ráschúrsa na Gaillimhe bearta maolaithe a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go leanfar den rásaíocht ag Baile an Bhriotaigh gan bhriseadh le linn chéim na tógála. Dá réir sin, rinne Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe iarratas ar cheadú (Tagairt Chlárúcháin 24/60279) do na hoibreacha seo a leanas mar a dhéantar tuairisc orthu ar na fógraí poiblí:

Na stáblai sealadacha a thógáil agus a scartáil, agus stáblai buana, pailliún, seideanna innealra agus cothabhála agus ciorcal réamhpharáide a thógáil, chomh maith le hoibreacha láithreáin coimhdeacha

Thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead don iarratas seo ar an 23 Deireadh Fómhair 2024.

Maidir le críosú, tá láithreán an iarratais ar stáblai faoi réir dhá chuspóir críosaithe úsáide talún éagsúla i.e. ‘RA’ agus ‘I’. Tá an chuid is mó den láithreán críosaithe RA scáthaithe ‘glas’ ar Léarscáil Chríosaithe A áit a bhfuil an cuspóir críosaithe “chun foráil a dhéanamh d’úsáidí áineasa, spásanna oscailte, úsáidí taitneamhachta, oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht agus iad a chosaint.” Cuimsíonn Cuid 11.2.2 de Phlean Forbartha na Cathrach an cuspóir forbartha seo a leanas i dtaca leis an talamh críosaithe RA ag láithreán an iarratais:

- *Tailte RA atá suite ag Ráschúrsa Bhaile an Bhriotaigh. Breathnóidh an Chomhairle ar úsáid na n-áiseanna fáilteachais agus tailte ráschúrsaí atá ann cheana chun críocha tráchtála oiriúnacha lena n-áirítear comhdhálacha, taispeántais, margai, seónna talmhaíochta nó seónna comhchosúla agus áiseanna páirceála agus taistil.*

Cuimsíonn an fhorbairt atá beartaithe feabhsuithe sealadacha agus buana ar na háiseanna ag Ráschúrsa na Gaillimhe, atá riachtanach chun rásaíocht chapall a oibriú go sábháilte gan bhriseadh le linn agus i ndiaidh thógáil an Chuarbhóthair N6 atá beartaithe do Chathair na Gaillimhe. Dá bhrí sin, tá an fhorbairt atá beartaithe ar thailte críosaithe RA ag teacht leis an gcuspóir críosaithe RA.

Tá an chuid eile den láithreán iarratais áitithe ag Brooks Timber and Building Supplies Ltd atá críosaithe 'I' áit a bhfuil an cuspóir críosaithe “chun foráil a dhéanamh d'úsáidí fiontraíochta, tionsclaíochta agus úsáidí gaolmhara.” Liostaíonn Cuid 11.2.5 de Phlean Forbartha na Cathrach cuspóirí forbartha i dtaca le críosanna sonracha I ar fud na cathrach lena n-áirítear an cuspóir seo a leanas maidir leis na tailte críosaithe I ag láithreán iarratais Ráschúrsa na Gaillimhe:

- *Tailte críosaithe I suite lastuaidh de Ráschúrsa Bhaile an Bhriotaigh. Breathnóidh an Chomhairle ar bhonneagar ráschúrsa tacaíochta riachtanach a sholáthar ar chuid de na tailte sin agus áit a léirítear nach féidir le réasún é a sholáthar ar na tailte RA in aice láimhe, gan feidhm Ráschúrsa na Gaillimhe a chur i mbaol.*

Tá an cuspóir forbartha thuas san áireamh i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029, ach níor cuimsíodh é sa Phlean Forbartha Cathrach roimhe seo. Tá tógáil stáblaí buana ar na tailte críosaithe 'I' lastuaidh den Ráschúrsa riachtanach chun tacú le bonneagar ráschúrsa nach féidir a sholáthar laistigh de na tailte críosaithe RA in aice láimhe gan feidhm an Ráschúrsa a chur i mbaol. Mínítear an réasúnaíocht maidir le forbairt na stáblaí buana ar thailte críosaithe 'I' atá suite lastuaidh de Ráschúrsa Bhaile an Bhriotaigh i gCaibidil 4 Roghanna Eile a Breathnaíodh den TMTT nuashonraithe seo a cuireadh isteach leis an iarratas lena mbaineann an Tagairt Chlárúcháin 24/60279. Dá bhrí sin, tá forbairt beartaithe na stáblaí buana ar thailte críosaithe 'I' atá suite lastuaidh de Ráschúrsa Bhaile an Bhriotaigh ag teacht leis an gcuspóir sonracha.

Mar fhocal scoir, i measc impleachtaí an N6 GCRR atá beartaithe tá an gá le cead a fháil chun stáblaí sealadacha, stáblaí buana agus an bonneagar gaolmhar a fhorbairt ag Ráschúrsa na Gaillimhe chun a chinntiú go leanfar ar aghaidh le rásaíocht capall le linn chéimeanna tógála agus oibriúcháin an N6 GCRR atá beartaithe. Trí chuspóir sonracha a chuimsiú maidir leis na tailte críosaithe 'I' lastuaidh den ráschúrsa, cinntítear gur féidir freastal ar an bhforbairt stáblaí atá beartaithe, a bhfuil gá léi mar iarmhairt dhíreach ar an N6 GCRR atá beartaithe, ar na tailte críosaithe 'I' sin. Mar sin, tugtar aghaidh ar na himpleachtaí creasa féideartha i gcóngaracht Ráschúrsa na Gaillimhe maidir leis an N6 GCRR atá beartaithe i bPlean Forbartha nua na Cathrach.

2.5.2.4 *Plean Limistéir Áitiúil na nArdán 2018-2024*

Tá Plean Ceantair Áitiúil (PCÁ) déanta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le tailte atá lonnaithe sa cheantar ar a dtugtar na hArdáin ar chliathán thoir na cathrach (164ha), thart ar 5km ó lár na cathrach, agus glacadh an Plean sin an 9 Aibreán 2018.

Cuimsítear le Croistraitéis Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 gníomh chun ‘Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán chun comhsheasmhacht leis an gCroistraitéis agus le beartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha 2023-29 a chinntiú’.

Tacaíonn Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe leis an bhforbairt ag Na hArdáin mar a leanas:

Tá forbairt na nArdán ina síneadh uirbeach tábhachtach ar an taobh thoir den chathair. Tá sé mar chuid de straitéis lonnaithe na cathrach leis an gcumas freastal ar fhás suntasach agus ar chomharsanacht cathrach nua. Leagtar amach i bPlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024 raon beartais agus cuspóirí chun forbairt an cheantair seo sa todhchaí a threorú.

Tugtar ar aird i dTábla 1.7 go bhfuil na hArdáin aitheanta mar Limistéar Fáis Straitéisigh san RSES i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair.

Luaitear i mBeartas 10.5 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 gurb é beartas na Comhairle Cathrach:

Na hArdáin a fhorbairt, de réir an Phlean Ceantair Áitiúil ag glacadh cur chuige comhordaithe agus céimnithe a chuideoidh le húsáid talún, foirm agus struchtúr uirbeach, iompar agus oidhreacht nádúrtha a chomhtháthú chun sráidbhaile uirbeach nua agus timpeallacht maireachtála agus oibre inbhuanaithe a chruthú.

Déantar iarracht leis an PCÁ an coincheap den sráidbhaile uirbeach a sheachadadh, le príomhionad an tsráidbhaile sa chuid ó dheas de na hArdáin i.e. laistear de chonair N6/M6, agus dhá nód uirbeach/ionad áitiúil lastuaidh den chonair sin, ag nascadh leis na ceantair máguaird lena n-áirítear Sráidbhaile Chúil Each. Samhlaítear go bhféadfaidh limistéar an PCÁ freastal ar dhaonra os cionn 12,621 duine trí 4,640 teach a sholáthar agus go bhfeidhmeoidh Na hArdáin mar cheantar ilchineálach gnó agus miondiola (PCÁ Cuid 1.2).

Tacaíonn Sprioc Straitéiseach 4 den PCÁ (Cuid 3) le modhanna iompair inbhuanaithe a fhorbairt de réir Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe agus i Straitéis Iompair na Gaillimhe. Tacaíonn an beartas leis an Sprioc Straitéiseach seo chun:

“Idirnascacht a chur chun cinn idir gach cineál iompair, go háirithe cineálacha iompair atá inbhuanaithe agus iompar poiblí, chun na hArdáin a nascadh go héifeachtúil leis na príomh-mhoil ghníomhaíochta, lena n-áirítear lár na cathrach, i gcomhréir le SIG”.

Tacaítear leis sin i gCuid 4.5 den PCÁ trí phríomhchuspóir chun:

“Tacú le gréasán iompair phoiblí comhtháite a sholáthar agus é sin a éascú chun seirbhísí a chur ar fáil sna hArdáin trí Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm agus i gcomhar leis na soláthróirí iompair ábhartha, NTA agus páirtithe leasmhara eile.”

Coimeádann an PCÁ seo an rogha conaire bealaigh don N6 GCRR atá beartaithe mar a thrasnaíonn sé limistéar an PCÁ de réir Bheartais 4.1, 4.6, agus an chonair bóthair atá curtha in áirithe don N6 GCRR atá beartaithe ag Cuid 11.2 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe. Maidir leis sin, tá cuspóirí sonracha 23 agus 24 ag Cuid 4.8 de Phlean Forbartha na Cathrach ábhartha freisin.

Admhaíonn straitéis forbartha PCÁ Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe, Straitéis Iompair na Gaillimhe agus an N6 GCRR atá beartaithe agus tagann sí leo.

Dá bhrí sin, tá an N6 GCRR atá beartaithe ag teacht le haidhmeanna straitéiseacha Phlean Forbartha na Cathrach agus tá sé riachtanach chun fis na Comhairle a bhaint amach chun go mbeidh Cathair na Gaillimhe ina cathair réigiúnach rathúil, inbhuanaithe, iomaíoch de réir an NPF agus an RSES.

2.5.3 Comhairle Chontae na Gaillimhe – Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028

Glacadh le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 (dá ngairtear "an Plean Forbartha Contae" anseo feasta) i mí na Bealtaine 2022 agus leagtar amach ann raon cuspóirí beartais le haghaidh forbartha i dtréimhse an phlean go dtí 2028.

Rinneadh an Plean Forbartha Contae nua tar éis ullmhú TMTT 2018 agus nuashonraíodh é chun teacht go hiomlán leis an mbeartas pleanála náisiúnta agus réigiúnach reatha. Maidir leis sin, is creatphlean straitéiseach nua 12 bhliain é Imleabhar 2 den Phlean d'fhorbairt Limistéar Cathrach na Gaillimhe amach anseo de réir an NPF agus RSES (Cuid 2.5.5).

Féachann Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe le forbairt ar bhealach inbhuanaithe agus íogair ó thaobh an chomhshaoil de, cuireann sé an clár oibre um athrú aeráide chun cinn agus leagann sé amach na tosaíochtaí tithíochta agus eacnamaíochta chun an fhís seo a leanas a sheachadadh don Chontae.

Promote the creation of an attractive county to live, work, visit and enable businesses to flourish in an environment that offers a range of housing options, robust and diverse range of employment opportunities, access to quality infrastructure and community facilities with a high-quality sustainable environment for all.

Pláta 2.28 Sliocht as Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028

Luaitear i gCuid 1.5 go ndéanfaidh an Plean Forbartha Contae a dhícheall rannchuidiú, de réir mar is indéanta, le baint amach na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe (2016) agus go bhfuil na cuspóirí beartais sa Phlean Forbartha ullmhaithe chun na spriocanna sin agus na NSOnna sa Chreat Náisiúnta Pleanála a chomhlíonadh.

Tá aidhmeanna straitéiseacha na Comhairle maidir le bonneagar iompair leagtha amach ag Cuid 6.2 den Phlean Forbartha Contae agus áirítear orthu seo a leanas:

- *Tacú le Staidéar Iompair agus Pleanála Chontae na Gaillimhe (GCTPS) agus Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG)*
- *Tacú leis na modhanna inbhuanaithe iompair agus leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin*
- *Chun an fheidhm straitéiseach iompair a chosaint, acmhainn iompair, lena n-áirítear pleanáil le haghaidh feabhsuithe acmhainne amach anseo ar an ngréasán bóithre náisiúnta*

Tá na Cuspóirí Beartais do Staidéar Iompair agus Pleanála Chontae na Gaillimhe agus Straitéis Iompair na Gaillimhe leagtha amach i gCuid 6.3.3 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe. Baineann gach ceann acu leis an N6 GCRR atá beartaithe toisc go dtugann siad aghaidh ar chomhtháthú úsáide talún agus iompair, iompar inbhuanaithe, siúl agus rothaíocht, uasghrádú ar líonraí iompair phoiblí agus iompar poiblí bótharbhunaithe, feabhsuithe ar an ngréasán bóithre, agus comhoibriú le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun tograí iompair a chur chun cinn chun feabhas a chur ar thaisteal a thagann leis an SIG agus GCTPS foriomlán.

D'fhorbair Comhairle Chontae na Gaillimhe Staidéar Iompair agus Pleanála Chontae na Gaillimhe 2022-2028 (GCTPS) don Chontae (Aguisín 3 Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028) atá ina fhorbhreathnú agus ina scrúdú ar na líonraí agus seirbhísí iompair reatha sa Chontae. Tá sé éagsúil ón SIG, a bhreithníonn na riachtanais bonneagair iompair laistigh de Chathair agus bruachbhailte na Gaillimhe (i.e. Limistéar Cathrach na Gaillimhe).

Cuid 6.5.1 den Phlean Forbartha Contae: "cur chuige comhtháite a chur chun cinn maidir le talamhúsáid agus iompar agus tacaíonn sé le forbairt i mbailte, lonnaíochtaí agus sráidbhailte atá ann cheana féin de réir na Croístraitéise" agus tacaíonn sé le fás uirbeach dlúth, comhdhlúthú lonnaíochtaí atá ann cheana agus dlúthú trí láithreáin athfhorbraíochta a fhorbairt de réir an NPF agus an NWRSES.

Leagtar béim i gCuid 6.5.2 ar ról GCTPS agus SIG maidir leis an aistriú chuig cineálacha iompair níos inbhuanaithe a dhéanamh agus maidir leis na ceanglais maidir le hastaíochtaí GHC a laghdú faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chomhlíonadh.

Chomh maith le tacaíocht bheartais chun iompar inbhuanaithe a chur chun cinn, aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis an ngréasán bóithre agus an gá atá leis an mbonneagar sin a chosaint agus a fhorbairt *"chun sábháilteacht úsáideoirí bóithre, iompar earraí agus seirbhísí agus nascacht idir na lonnaíochtaí agus an réigiún níos leithne a áirithiú."*

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le síntí agus feabhsuithe ar an ngréasán bóithre atá ann cheana féin sa Chontae leis na Tionscadail Bhonneagair Iompair Tosaíochta do Ghaillimh i dtréimhse an phlean 2022-2028 atá liostaithe i dTábla 6.1 lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe i gcuid na mBóithre Náisiúnta.

Tá Cuspóir Beartais PRP 1 do thionscadail bhóithre tosaíochta ábhartha go díreach don N6 GCRR atá beartaithe (**Error! Reference source not found.**).

Policy Objective Priority Roads Projects	
PRP 1	Proposed Roads Projects
Galway County Council will facilitate the progression of the necessary infrastructure improvements including new roads/projects listed in Table 6.1: Priority Transportation Infrastructure Projects for County Galway 2022-2028 and those listed within Table 6.2: Regional/Local Projects Proposed for 2022-2028 subject to relevant Irish planning and European environmental legislation including Article 6 of the Habitats Directive and/or other environmental assessment, where appropriate.	

Pláta 2.29 Sliocht as Cuid 6.5.3 de bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028

Dá bhrí sin, tá cuid 6.5.3.1 ábhartha go díreach agus leagtar béim sa chuid seo ar thábhacht straitéiseach an N6 GCRR atá beartaithe don rath a bhí ar chur i bhfeidhm MASP na Gaillimhe, inter alia (de réir an tsleachta seo a leanas).


Tá tábhacht nach beag ag baint le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR) a sheachadadh chun rath MASP na Gaillimhe agus an réigiúin níos leithne a chinntiú. Leanfaidh an chathair agus an ceantar máguaird ag fás agus gan idirghabháil beidh tionchar ag an bplódú reatha ar an gcur chuige isteach sa chathair ó limistéar an chontae ar fheidhm agus ar rath foriomlán limistéar cathrach agus contae Chathair na Gaillimhe. Tá cur síos déanta ag an GCTPS agus ag an SIG araon ar na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo, lena n-áirítear cuarbhealach nua a sheachadadh (i.e. N6 GCRR).

Tá Cuspóirí Beartais NR 1 agus NR 2 ábhartha freisin ón liosta Cuspóirí Beartais do Bhóithre Náisiúnta i bPlean Forbartha an Chontae 2022-2028 mar a thaispeántar ar **Error! Reference source not found.**

Policy Objectives for National Roads	
NR 1	Protection of Strategic Roads
To protect the strategic transport function of national roads and associated national road junctions, including motorways through the implementation of the 'Spatial Planning and National Roads Guidelines for Planning Authorities' DECLG, (2012) and the Trans-European Networks (TEN-T) Regulations.	
NR 2	Key Roads Infrastructure Developments
To support the delivery of the Galway City Ring Road (N6GCRR), N59 Maigh Cuilinn Bypass and the Galway – Clifden (N59) Schemes.	

Pláta 2.30 Sliocht as Cuspóirí Beartais do Bhóithre Náisiúnta i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028

Maidir le Tairseach na Gaillimhe agus iarthar an Chontae, trí na cuspóirí tosaíochta bóithre a chur san áireamh i bPlean Forbartha an Chontae, féachtar le nascacht agus rochtain a fheabhsú ar fud an réigiúin, agus riachtanais iompair Thairseach na Gaillimhe, a purláin agus iarthar an Chontae a sheachadadh, agus léirítear le Léarscáil 6.1 mar a thaispeántar ar Pláta 2.31 idirnascadh na nithe uile.



Pláta 2.31 Léarscáil 6.1 Líonra Iompair i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028

Tá spriocanna feidhmíochta an N6 GCRR atá beartaithe ar comhcheim le haidhmeanna straitéiseacha Phlean Forbartha an Chontae toisc go n-áirítear na spriocanna seo a leanas iontu:

- Laghdú a dhéanamh ar thréimhsí aistir a chuirfidh forbairt réigiúnach chun cinn trí nascacht níos fearr ar mhargaí agus ar iontaofacht na dtréimhsí aistir
- Feabhas a chur ar nascacht chuig Geata na Gaillimhe trí naisc ardlín a sholáthar a nascfaidh an taobh thoir agus an taobh thiar den chontae
- Tacú le beartais iompair inbhuanaithe le haghaidh timaistear níos giorra lena mbeifear in ann tírdhreacha maireachtála níos fearr a chur ar fáil
- Cosaint a thabhairt do phobail chónaithe reatha agus an tionchar comhshaoil a íoslaghdú a d'fhéadfadh áit tharraingteach uathúil a dhéanamh de Ghaillimh mar áit chun cónaí ann, chun oibriú ann, chun infheistiú ann agus cuairt a thabhairt air, agus é sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe agus atá íogair don chomhshaoil

Is tionscadal bonneagair iompair tosaíochta i bPlean Forbartha an Chontae é an N6 GCRR atá beartaithe agus tacaíonn an plan reachtúil seo go hiomlán leis.

2.5.4 Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 [Imleabhar 2]

Áirítear leis an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) cuspóir pleanála náisiúnta NPO 67 chun Plean Straitéiseach Limistéir Cathrach (MASP) a ullmhú do Ghaillimh tríd an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta (RSES). Tá feidhm lárnach ag MASP na Gaillimhe i bpleanáil chuí agus i bhforbairt inbhuanaithe réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair chun acmhainn a chinntiú chun freastal ar an bhfás suntasach daonra agus fostaíochta a bhfuiltear ag súil leis i dTionscadal Éireann 2040.

Tá an MASP in Imleabhar 2 de Phlean Forbartha an Chontae agus áirítear leis na haidhmeanna straitéiseacha seo a leanas:

- *Tacú le forbairt sa Limistéar Ceannchathartha a sholáthróidh tithíocht don daonra réamh-mheasta faoi 2028*

- Tacú le hacmhainneacht eacnamaíoch an Limistéir Cheannchathartha, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar thailte an tsean-Aerfoirt agus ar na tailte sa Gharrán arna gcriosú le haghaidh fostaíochta
- Fás dlúth agus comhdhlúthú a áirithiú laistigh de na lonnaíochtaí Ceannchathartha Baile Chláir agus Bearna, agus sna limistéir fáis atá beartaithe i gCnoc Mhaoil Drise agus sa Gharrán
- Cur chuige comhtháite a stiúradh i leith bonneagar iomchuí a sholáthar chun dlúthfhás inbhuanaithe a éascú
- Fás a ailíniú le bonneagar agus seirbhísí iompair atá ar an bhfód cheana féin agus bonneagar agus seirbhísí iompair atá ag teacht chun cinn, mar aon le béim a chur ar lonnaíochtaí insiúlta '10 nóiméad'
- A chinntiú go ndéantar fás a chomhdhlúthú le rochtain éasca ar limistéir fostaíochta, mhiondiola, phobail agus chonláiste, idir limistéir bhunaithe agus limistéir bheartaithe
- Athnuachan a chur chun cinn, chomh maith le lonnaíochtaí uirbeacha a fhorbairt ar bhealach a chomhdhlúthaíonn agus a fheabhsaíonn aitheantas, mealltacht agus beogacht lonnaíochtaí mar áiteanna tarraingteacha chun cónaí, oibriú agus infheistiú iontu



Pláta 2.32 Léargas de MASP na Gaillimhe ó Imleabhar 2 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe

Tá forbhreathnú ar MASP na Gaillimhe le fáil i bPláta 2.32 thuas. Braitheann cur i bhfeidhm rathúil na straitéise d'fhorbairt Limistéir Cathrach na Gaillimhe ar chur chuige comhordaithe agus pleanáilte chun infheistiúocht a chinntiú chun bonneagar riachtanach a sholáthar lena n-áirítear bonneagar iompair, seirbhísí agus saoráidí pobail.

Aithnítear i gCuid 1.8 den MASP an tábhacht a bhaineann le nascacht laistigh de Limistéir Cathrach na Gaillimhe agus luaitear ann, *inter alia*:

“Ullmháidh Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe araon. Sainaithníodh sa Straitéis Náisiúnta Iompair 2016 raon tosaíochtaí d'fheabhsuithe iompair phoiblí ar fud an Limistéir Cathrach chomh maith le tógáil an N6 GCRR. Tá cur chun feidhme na mbeart seo ríthábhachtach chun an Limistéir Cathrach a bhunú ar an talamh agus chun tacú le dlúthfhás mar atá beartaithe leis an NPF agus an RSES.”

Leagann an MASP béim ar a thábhachtaí atá sé infheistiúocht bhonneagair a ailíniú agus fostaíocht a sholáthar le seirbhísí tacaíochta agus taitneamhachtaí chun freastal ar fhás ar bhealach comhleanúnach agus pleanáilte. Sainaithnítear i gCuid 1.9.6 seachadadh na mbeart sa SIG agus go sonrach an tionscadal N6 GCRR atá beartaithe mar thionscadal ríthábhachtach d'fhorbairt Limistéir Cathrach na Gaillimhe amach anseo.

"I measc na bpíosaí ríthábhachtacha bonneagair eile a theastaíonn chun forbairt an Limistéir Cathrach a chinntiú tá na forálacha atá leagtha amach i Straitéis Iompair na Gaillimhe agus i Straitéis Iompair Chontae na Gaillimhe agus seachadadh Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe."

Dá réir sin, tá sé ríshoiléir go bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe ag teacht go hiomlán le cur i bhfeidhm na gcuspóirí seo a leanas i Limistéar Cathrach Chontae na Gaillimhe agus, go deimhin, gur cumasóir suntasach é chun na cuspóirí seo a leanas a chur i bhfeidhm i Limistéar Cathrach Chontae na Gaillimhe mar a thaispeántar ar Pláta 2.33 agus Pláta 2.34.

GCMA 12	Transport Infrastructure (TI)
Facilitate the provision and maintenance of essential transportation infrastructure, including public roads, footpaths, cycle ways, bus stops and landscaping, together with any necessary associated works, as appropriate. New roads shall be subject to needs assessment and detailed corridor and route selection processes taking into account, inter alia, environmental constraints and opportunities	

Pláta 2.33 Sliocht as Imleabhar 2 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe

GCMA 14	Provision of Infrastructure
The Council will work collaboratively with statutory agencies including Galway City Council to secure the delivery of infrastructure such as rail improvements, Galway Transport Strategy N6 GCRR and the delivery of the Greater Galway Area Drainage Study for the entire MASP area.	

Pláta 2.34 Sliocht as Imleabhar 2 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe

Ina theannta sin, tugtar sampla maith i gCreatphlean Uirbeach Chnoc Maoil Drise atá leagtha amach ar leathanaigh 79 go 117, lena n-áirítear MASP, den mhéid a d'fhéadfadh an N6 GCRR atá beartaithe a dhéanamh d'fhorbairt inbhuanaithe amach anseo agus do phleanáil chuí an limistéir forbartha seo in oirthuaisceart chathair na Gaillimhe. Is sliocht é Pláta 2.35 ón gCreatphlean Uirbeach a thagraíonn go sainráite do Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe.



Pláta 2.35 Sliocht as Creatphlean Uirbeach Chnoc Mhaoil Drise (Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe Imleabhar 2)

Tá sé luaite sa téacs a ghabhann leis an sliocht thuas mar seo a leanas.

"Bainfidh Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe (GCRR) atá beartaithe tréthracht a thrasnaíonn an chathair ón Limistéar Cathrach. Má bhaintear tréthracht den N6, laghdófar an t-éileamh reatha ar acmhainn carrbhealaigh ar an N6 agus tabharfar deiseanna chun athmhachnamh a dhéanamh maidir leis na bóithre sin chun áiseanna tiomnaithe iompair phoiblí, rothaíochta agus coisithe a sholáthar a chuirfidh nascacht den scoth ar fáil laistigh den Limistéar Cathrach thoir agus idir Cnoc Maoil Drise agus Cathair na Gaillimhe. Má chuirtear an N6 in oiriúint ar an mbealach sin, déanfar an scaradh bacainní atá ann cheana féin idir na limistéir chónaithe agus fostaíochta i Limistéar Cathrach oirthear na Gaillimhe a bhriseadh síos."

Dá réir sin, mar a aithníodh, is gné ríthábhachtach den bhonneagar iompair é an N6 GCRR atá beartaithe chun an fás atá beartaithe ar an daonra agus ar phoist atá beartaithe faoin MASP a éascú agus tacaíonn an plean straitéiseach seo go hiomlán leis.

2.5.4.1 Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018

Is é Gaeltacht na Gaillimhe an ceantar is mó daonra de na ceantair Ghaeltachta. Síneann sé ó Bhaile Chláir, atá taobh thoir de chathair na Gaillimhe go Cloch na Rón in iarthar Chonamara, fad thart ar 100km, agus ó Oileáin Árann ó thuaidh chomh fada le teorainn Mhaigh Eo. Ullmhaíodh Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta, 2008-2018 agus glacadh é i mí Feabhra 2008 agus leasaíodh agus leathnaíodh é in 2013.

I gCaibidil 13 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028, cuimsítear na cuspóirí agus na haidhmeanna a leagadh amach roimhe seo i bPlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta, 2002-2018. Leagtar amach sa chaibidil seo aithmeanna straitéiseacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun Gaeltacht agus Oileáin na Gaillimhe a chosaint agus a fheabhsú. Áirítear ar na haidhmeanna sin líonraí iompair feabhsaithe a sholáthar chomh maith le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú.

2.5.5 Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta, 2021-2025

D'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta a Phlean Straitéiseach 2021-2025 don Ghaeltacht i Mí an Mheithimh 2021. Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo pobail bhríomhara Ghaeltachta a chothú ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide. Príomhchuspóir is ea an Ghaeltacht a bhunú mar mhol fiontraíochta, agus gnólachtaí a mhealladh agus a chothú sa réigiún. Leagtar amach sa Phlean Straitéiseach cur chuige uailmhianach bunaithe ar théamaí, *Cumasú, Neartú, Inbhuanaitheacht* mar seo a leanas:

1. Pobail a chumhachtú chun páirt a ghlacadh i bhfiontraíocht agus i bhforbairt (Cumasú)
2. Tógáil ar an méid atá bainte amach go dtí seo (Neartú)
3. A chinntiú go dtacaíonn gach gníomh le hinbhuanaitheacht na bpobal Gaeltachta agus na Gaeltachta féin (Inbhuanaitheacht)

Tá ceithre chuspóir sa Phlean Straitéiseach faoi gach ceann de na trí théama straitéiseacha. Is iad na seacht gcuspóir seo a leanas na cinn is ábhartha anseo:

- Meon cruthaitheach agus nuálach a spreagadh agus a chothú i measc phobail na Gaeltachta
- Bunús láidir a leagan síos do struchtúr pobail na Gaeltachta agus é a neartú trí thacaíochtaí a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas eagraíochtaí pobalbhunaithe tionscadail rathúla a chur ar bun ina bpobail féin
- Tacú le bunú, fás agus inbhuanaitheacht comhlachtaí sa Ghaeltacht trí réimse leathan dreasachtaí a chur ar fáil dóibh agus trí thimpeallacht fiontraíochta a chruthú agus a chothú chun deiseanna fostaíochta a chur ar fáil sa Ghaeltacht
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le pobal na Gaeltachta agus le páirtithe leasmhara eile chun freastal ar riachtanais an phobail trí struchtúir shóisialta chuí a bheith ar fáil chomh maith le háiseanna tarraingteacha fóillíochta/siamsaíochta/caitheamh aimsire
- Comhpháirtíochtaí a chothú le páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí, dheonach agus phríobháideach chun bonneagar eacnamaíoch, fisiciúil, sóisialta agus cultúrtha na Gaeltachta a neartú
- Tacú go gníomhach le tionscadail a chuireann le hinbhuanaitheacht na gceantar Gaeltachta agus a aithníonn iad mar réimsí ar leith ó thaobh teanga, cultúir, fiontraíochta agus cruthaitheachta de
- Beidh na gnéithe seo bunaithe ar acmhainní comhshaoil, nádúrtha, daonna agus cultúrtha na Gaeltachta

Sainithnítear sa Phlean Straitéiseach earnálacha fáis amhail earnálacha digiteacha, gorma, bia agus dí, geilleagair leighis/bithleighis, turasóireacht, athrú aeráide, an geilleagar glas, forbairt pobail, an geilleagar sóisialta, pleanáil teanga, agus earnáil na cruthaitheachta. Díreann sa Phlean ar rannpháirtíocht le Diaspóra na Gaeltachta chun deiseanna a chruthú do dhaoine filleadh abhaile chun cónaí agus chun oibre. Gné eile den straitéis is ea gréasán mol digiteach a chur i bhfeidhm ar fud na Gaeltachta agus oileáin na hÉireann ar a dtugtar gteic - Gréasán Digiteach na Gaeltachta.

Léiríonn Cuid 13.3 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 an comhthéacs straitéiseach d'ullmhú Chaibidil 13, lena n-áirítear Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2021-2025.

Is bonneagar iompair riachtanach é an fhorbairt N6 GCRR atá beartaithe sa réigiún a fheabhsaíonn nascacht réigiúnach lena n-áirítear chuig an nGaeltacht i gContae na Gaillimhe agus laistigh di, agus dá bhrí sin tá a fhorbairt ag teacht leis na haidhmeanna agus na cuspóirí straitéiseacha i bPlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2021-2025.

2.6 Conclúid

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an mbeartas pleanála ábhartha agus infheidhme go léir, lena n-áirítear na doiciméid bheartais phleanála bhreise a glacadh ó 2018 i leith, is léir go bhfuil an fhorbairt N6 GCRR atá beartaithe ag teacht go hiomlán leis an mbeartas iompair agus leis an mbeartas pleanála Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ar fad.

Tá sé bliana caite ó ullmhaíodh TMTT 2018. Idir an dá linn, tá ionstraimí beartais imithe in éag, tagtha chun cinn nó tá ionstraimí curtha ina n-ionad agus tá beartas pleanála nua foilsithe.

Déantar measúnú sa chaibidil seo ar chomhthéacs reatha an bheartais pleanála in 2025 agus ar an mbeartas straitéiseach iompair do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe.

Cuireadh Éire le conair an Atlantaigh in Eoraip na hiarBhreathimeachta agus tá an N6 GCRR atá beartaithe mar chuid den ghréasán cuimsitheach faoi TEN-T. Aithnítear an N6 GCRR atá beartaithe mar phríomhchumasóir fáis amach anseo sa NPF agus tá sé liostaithe mar mhórbhonneagar iompair sa Phlean Forbartha Náisiúnta, a thugann tús áite d'infheistíocht chaipitil faoi Thionscadal Éireann 2040.

Tá an N6 GCRR atá beartaithe ag teacht le tosaíochtaí infheistíochta an Chreata Náisiúnta Infheistíochta d'Iompar in Éirinn (NIFTI) agus féachann sé le brú tráchta i gCathair na Gaillimhe a laghdú agus na spásanna uirbeacha a athdháileadh le haghaidh modhanna siúil, rothaíochta agus gníomhacha, rud a fheabhsaíonn tarraingteacht, beocht agus beogacht eacnamaíoch na cathrach.

Aithnítear le NR2040 na saincheisteanna straitéiseacha fadtéarmacha do bhóithre náisiúnta i dtéarmaí an méid a chuireann siad le laghdú 50% ar astaíochtaí GCT faoi 2030 san earnáil iompair. Tacaíonn Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 le Tionscadal Éireann 2040 agus leagtar amach ann na hinfheistíochtaí is gá chun freastal ar fhás daonra ar bhealach dlúth, nasctha agus inbhuanaithe.

Tá sé mar aidhm ag Straitéis Iompair na Gaillimhe 2016-2036 spleáchas ar charranna a laghdú agus aistriú modhanna suntasach a dhéanamh go hiompar poiblí agus go modhanna gníomhacha. Is cuid rithábhachtach den straitéis é an N6 GCRR atá beartaithe agus éascaíonn sé gluaiseacht tráchta timpeall lár na cathrach, laghdaíonn sé brú tráchta agus saorann sé spás bóthair do thosaíocht bus, líonra agus seirbhísí iompair phoiblí feabhsaithe agus rothaíocht agus siúl. Cé go bhfuil fíor-dhul chun cinn déanta maidir le gnéithe den straitéis a sheachadadh, lena n-áirítear Droichead Chora na mBradán do Choisithe agus do Rothaithe, uasghráduithe móra aomhal chun áiseanna do choisithe agus rothaithe a fheabhsú, athdhearadh líonra bus do Ghaillimh agus rolladh amach Líonra Rothaíochta Chathair na Gaillimhe, tá príomhthionscadail eile an SIG ag brath, chun iad a sheachadadh ar an mbealach is fearr is féidir, ar fhorbairt an N6 GCRR atá beartaithe.

Tháinig an Beartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe 2022 in ionad Taisteal Níos Cliste, agus tá an N6 GCRR atá beartaithe, mar aon le feidhmiú céimneach na mbeart agus an bhonneagair iompair sa SIG, ag teacht le gníomhaíochtaí faoi Spriocanna 1, 3, 5 agus 9 den Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Beartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe agus tacaíonn sé leo.

Tacaíonn Cuspóirí Beartais Réigiúnacha 3.6.7 agus 6.6 sa NWRSES le seachadadh an N6 GCRR atá beartaithe agus tacaíonn RSES le Straitéis Iompair na Gaillimhe mar shampla dea-chleachtais de chomhtháthú na pleanála iompair, spásúlachta agus eacnamaíochta. Tá sé mar chuspóir ag MASP na Gaillimhe leanúint ar aghaidh ag feabhsú an ghréasáin bóithre timpeall ar chathair na Gaillimhe agus tacú le seachadadh an SIG lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe.

Is é Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 an chéad phlean forbartha ó rinneadh an NPF reachtúil agus an NWRSES ag aithint na Gaillimhe mar cheann de na cúig chathair atá dírithe ar fhás daonra agus post. Áirítear ar aidhmeanna straitéiseacha an Phlean comhtháthú iompair agus úsáid talún agus iompar inbhuanaithe a spreagadh chun uailmhianta na Croístraitéise a bhaint amach. Is bonneagar rithábhachtach é cuarbhealach straitéiseach an N6 GCRR atá beartaithe chun an córas iompair lán-chomhtháite a sheachadadh faoin SIG agus chun freastal ar an bhfás réamh-mheasta i bPlean Straitéiseach Limistéar Cathrach na Gaillimhe.

Cé gur féidir gnéithe den SIG a chur i bhfeidhm go neamhspleách ar an gcuarbhóthar atá beartaithe, aithnítear go soiléir i bPlean Forbartha na Cathrach go dteastaíonn soláthar an chuarbhealaigh seo chun méid iomlán na mbeart agus seachadadh rathúil an SIG a sholáthar. Tacaíonn beartas iompair inbhuanaithe agus beartas an ghréasáin bóithre i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 le cur chun feidhme iomlán an SIG a bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe mar bhonn taca leis, a shainaithnítear freisin mar bhreis straitéiseach ar Líonra Cuimsitheach TEN-T an AE.

Tagraíonn an Straitéis Réimse Poiblí 2019-2040 don rannchuidiú dearfach a dhéanann bonneagar SIG amhail an N6 GCRR atá beartaithe, Droichead Chora na mBradán do Choisithe agus do Rothaithe, an Nasc Traschathrach agus feabhsuithe ar áiseanna rothaithe agus coisithe atá á bhforbairt ar fud na cathrach ar chaighdeán an réimse poiblí.

Cuireann Plean Forbartha nua Chontae na Gaillimhe 2022-2028 "*cur chuige comhtháite chun cinn maidir le talamhúsáid agus iompar*" agus tacaíonn sé le dlúthfhás uirbeach, comhdhlúthú lonnaíochtaí atá ann cheana agus dlús de réir an NPF agus NWRSES. Meastar sa Phlean go bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe tábhachtach chun cur i bhfeidhm rathúil chuspóirí an MASP a chinntiú agus tacaítear leis an N6 GCRR atá beartaithe mar Thionscadal Bonneagair Iompair Tosaíochta do Ghaillimh trí Chuspóir Beartais PRP 1. Léiríonn Creatphlean Uirbeach Chnoc Maoil Drise conas is féidir leis an N6 GCRR atá beartaithe cabhrú le forbairt inbhuanaithe agus pleanáil chuí a bhaint amach sa limistéar forbartha seo.

Nuair a laghdaítear brú tráchta, agus nuair a thugtar isteach dlúthú arna thacú ag soghluaisteacht inbhuanaithe, faigheann an chathair deis forbairt agus nascadh le margáí agus a bheith ina lárionad eacnamaíoch faoi bhláth, áit tharraingteach le bheith ag obair, ag cónaí agus ag súgradh. Tacaíonn a leithéid de chathair leis na torthaí straitéiseacha i dTionscadal Éireann 2040 a chuireann ar chumas na Gaillimhe a bheith ina cathair réigiúnach scála agus ina tiománaí eacnamaíoch sa Réigiún. Cabhróidh an toradh seo leis an gcuspóir maidir le forbairt réigiúnach chothrom a bhaint amach sa NPF. Cuirfidh an SIG, atá á sheachadadh, lena n-áirítear an N6 GCCR atá beartaithe, ar chumas na cathrach 'análú' arís agus éascóidh sé fás inbhuanaithe i réigiún na cathrach i gcoitinne.

Cé go ndeimhnítear sa chaibidil seo go bhfuil athrú suntasach tagtha ar an timpeallacht phleanála agus bheartais ina bhfuil an t-iarratas seo ar cheadú le breithniú, comhlíonann an N6 GCRR atá beartaithe gach ceann de na beartais reatha ábhartha ar leibhéal an AE, ar an leibhéal náisiúnta réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, agus ar bhealaí áirithe. Tacaíonn gach céim den ordlathas leis an N6 GCRR, tionscadal atá rithabhachtach d'fhás Limistéar Cathrach na Gaillimhe.

2.7 Tagairtí

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. (2015) Cur le Téarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016-2021.

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. (2009) Taisteal Níos Cliste, Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe, Beartas Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020.

An Roinn Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Comhshaoil. *An Plean Maolaithe Náisiúnta 2017.*

An Roinn ITS. (2015) *An Creat Infheistíochta Straitéisí i gcomhair Iompar ar Tír*

Comhairle Chontae na Gaillimhe. *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028.*

Comhairle Chontae na Gaillimhe. *Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018.*

Comhairle Chontae na Gaillimhe. *Staidéar Iompair agus Pleanála Chontae na Gaillimhe 2022-2028.*

Comhairle Cathrach na Gaillimhe. *Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029.*

Comhairle Cathrach na Gaillimhe. (2018) *Plean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024.*

Comhairle Cathrach na Gaillimhe. (2019) *Straitéis Spásanna Poiblí 2019*

Údarás na Gaeltachta (2021) *Plean Straitéiseach 2021-2025*

An Roinn Iompair (2021) *An Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn*

An Roinn Iompair. (2022) *An Beartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe 2022 agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe (2022-2025)*

An Coimisiún Eorpach: Rialachán (AE) Uimh. 2015/2013 *Gréasán tras-Eorpach Iompartha (TEN-T) - An Eoraip a Nascadh*

Parlaimint na hEorpa (Meitheamh 2024) Rialachán (AE) 2024/1679 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013

Forfás. (2012) *Forbhreathnú ar na Príomhshaincheisteanna Bonneagair d'Fhiontar.*

Forfás. (2010) *Cláir Oibre d'Iomaíochas Réigiúnach, Forbhreathnú, torthaí agus gníomhartha.*

AECOM Mitchell & Associates. (2010) *Straitéis Siúil agus Rothaíochta Chathair na Gaillimhe agus an Cheantair Máguaird.*

MVA. (2010) *Staidéar Féidearthachta maidir le hIompar Poiblí i nGaillimh.*

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (2016) *Réamh-mheastacháin maidir le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa go dtí 2020 – Nuashonrú Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, an tÚdarás Náisiúnta Iompair. (2016) Straitéis Iompair na Gaillimhe.*

Rialtas na hÉireann (2018) *Tionscadal Éire 2040, Todhchaí na hÉireann á Tógáil*

Comhairle an Aontais Eorpaigh. (2006) *Athbhreithniú ar Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe AE (SFI AE) – Straitéis Athnuaithe, 10917/06, An Bhruiséil.*

Forbairt inbhuanaithe a phríomhshruthú i mbeartais AE: Athbhreithniú 2009 an Aontais Eorpaigh Straitéis i gcomhair Forbairt Inbhuanaithe <http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52009DC0400&from=EN>

An Coimisiún Eorpach. (2010) Eoraip 2020 *Straitéis i gcomhair fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, teachtaireacht ón gCoimisiún, COM (2010) 2020 final, an Bhruiséil.*

Eurostat, *Forbairt Inbhuanaithe san Aontas Eorpach Tuarascáil faireacháin 2015 ar Straitéis Forbartha Inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh* <http://ec.europa.eu/eurostat/documents/3217494/6975281/KS-GT-15-001-EN-N.pdf>

Eurostat, Forbairt Inbhuanaithe san Aontas Eorpach Forléargas ar an dul chun cinn i dtreo na SDGanna i gcomhthéacs an Aontais Leagan 2024 https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Sustainable_development_in_the_European_Union

Tionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe an N6, Imleabhar 1A, Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh - Cuid 1, Márta 2016.

Bonneagar Iompair Éireann/An tÚdarás Náisiúnta Iompair/Comhairle Cathrach na Gaillimhe/Comhairle Chontae na Gaillimhe (2016) *Straitéis Iompair na Gaillimhe 2016-2036*

An Roinn Coimirce Sóisialaí. (2015) *Plean Gníomhaíochta Nuashonraithe um Chuimsiú Sóisialta 2015-2017*.

An Roinn Coimirce Sóisialaí. (2007) *Plean Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016*.

An Roinn Coimirce Sóisialaí (2020) *Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2020-2025: Pleananna, Spriocanna, Gealltanais*.

An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (2021) *Ár dTuras i dtreo Fís Nialais: Straitéis Rialtas na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030*.

Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (2020) *Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta 2020-2032 lena n-áirítear Plean Straitéiseach Limistéar Cathrach na Gaillimhe (MASP)*

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. (2018) *Tionscadal Éire 2040 An Creat Náisiúnta Pleanála*.

Rialtas na hÉireann. (2021) *Tionscadal Éire 2040 An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030*.

Acht 46/2015 um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015.

Acht 32/2021 An tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 [Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 déanta faoi]

Rialtas na hÉireann (2024) *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus Iarscríbhinn na nGníomhaíochtaí*

Bonneagar Iompair Éireann (2023) *Bóithre Náisiúnta 2040*.

Rialtas na hÉireann. (2020) *Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí le Chéile*.

Na Náisiúin Aontaithe (2015) *Ár saol a athrú ó bhonn: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe*.